RTB
Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board

Tuarascáil Bhliantúil
2025



Comhlacht poiblí neamhspleách a rialálann earnáil cíosa na hÉireann is ea an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB). Oibrímid chun córas cíosa cothrom a chinntiú do gach duine in Éirinn.



Clár Ábhar

Chair and Director's Summary	**2**
2025 at a glance	**3**
Who we are and what we do	**4**
Statement of Strategy 2023 – 2025	**5**
Our performance in 2025	**6**
Service area 1: Registering tenancies	6
Service area 2: Resolving disputes	10
Service area 3: Ensuring compliance	15
Service area 4: Providing information research and data	21
Organisational development and governance	**27**
Board Report and Financial Statements for the year ended 31 December 2025	**33**
Appendix 1: Data tables	**76**

Achoimre ón gCathaoirleach agus ón Stiúrthóir



Rosemary Steen
Stiúrthóir



Mark McManus
Cathaoirleach

Mar Chathaoirleach an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) agus mar Stiúrthóir, tá áthas orainn an tuarascáil bhliantúil seo a chur i láthair, rud lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.

Tá earnáil cíosa atá cothrom agus ag feidhmiú ina cuid ríthábhachtach de chóras tithíochta na hÉireann go fóill. Sa bhliain 2025, lean RTB de ról gníomhach a imirt maidir le tacú le tionóntaí agus le tiarnaí talún, maidir leis an margadh cíosa a rialáil, agus maidir le sonraí agus léargais iontaofa a sholáthar chun bonn eolais a chur faoin mbeartas poiblí.

Ba bhliain a bhí lán d'athruithe suntasacha agus de dhul chun cinn suntasach dúinn í an bhliain 2025, ar lena linn a sheolamar:

- **Ionad nua um réiteach díospóidí**
- **Comhpháirtíocht nua seirbhíse do chustaiméirí**
- **Suíomh Gréasáin nua-aimseartha inrochtana**

Ina theannta sin, leathnaíomar ár gcuid oibre comhlíonta, sholáthraíomar tacaíochtaí nua do thionóntaí agus do thiarnaí talún, agus rinneamar caidreamh le pobail ar fud na tíre agus muid ag ullmhú d'athchóiriú mór reachtaíochta sa bhliain 2026.

Lean scála agus castacht na hearnála cíosa faoi shainchúram RTB ar aghaidh ag fás le linn na bliana, faoi mar a rinne an t-éileamh ar ár seirbhísí. Ag deireadh na bliana 2025, bhí 340,000 tionóntacht, beagnach, cláraithe le RTB. Ba mhéadú 3.4% é sin ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Chonaiceamar fás láidir i gcóiríocht Comhlachta Tithíochta Cheadaithe agus i gcóiríocht atá sonrach do mhic léinn, agus tháinig méadú faoi dhó, beagnach, ar an líon tionóntachtaí ar cíos de réir costais, rud a leagann béim ar an ról méadaitheach a bhíonn ag roghanna cíosa sóisialta agus ag roghanna cíosa inacmhainne.


Bhí an t-éileamh ar ár seirbhísí um réiteach díospóidí ard i gcónaí, agus níos mó ná 10,000 iarratas ar dhíospóid faighte againn sa bhliain 2025. Ba mhéadú 8% é sin. Bhí sé ina thosaíocht agus ina dhúshlán i gcónaí freagairt do mhéid méadaitheach agus castacht mhéadaitheach na ndíospóidí. Thógamar céim mhór chun cinn le seoladh an Ionaid nua um Réiteach Díospóidí de chuid RTB. Leis an ardán ar líne sin, déantar ár bpróiseas um réiteach díospóidí a chuíchóiriú, rud a fheabhsaíonn bainistíocht cásanna, trédhearcacht agus cumarsáid do na páirtithe uile, fiú nuair a bhí brú fós ar amlínte díospóide le linn tréimhse aistrithe.

Ceann de na príomhnithe ar díríodh orthu ar fud na bliana ba ea comhlíonadh an dlí cíosa a chinntiú. Sa bhliain 2025, mhéadaíomar an líon imscrúduithe ar cuireadh tús leo faoi níos mó ná a dhá oiread, agus rinneamar gníomhaíocht chinntitheach in aghaidh ciontóirí tromchúiseacha agus athchiontóirí. D'eisigh Cinnteoirí Neamhspleácha 106 bhreith sa bhliain 2025. D'ainneoin moilleanna ar dhaingniú na smachtbhannaí a fháil ón gcúirt sa bhliain 2025, dhaingníomar 58 smachtbhanna agus d'íoc tiarnaí talún €127,280. Tháinig ár gconair idirghabhála comhlíonta chun bheith ina gné bhuan dár gcur chuige rialála, rud a chabhraigh le comhlíonadh deonach a chur chun cinn, agus an acmhainn imscrúduithe á forchoimeád do na cásanna is tromchúisí ag an am céanna.


Mar choimeádaí chlár náisiúnta tionóntachtaí na hÉireann, lean RTB de rannchuidiú le beartas fianaisebhunaithe. D'fhoilsíomar Innéacsanna Cíosa ráithiúla agus nuashonruithe ar Phróifíl an Chláir, agus choimisiúnaíomar an dara staidéar ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) ar Anailís ar Leibhéal na Maoine Aonair. Deimhníodh leis an taighde sin gur lean Criosanna Brú Cíosa, a leathnaíodh ar fud na tíre i mí an Mheithimh, de mhéaduithe cíosa a mhaolú do go leor tionóntaí.

Bhí ár ngeallsealbhóirí ina dtosaíocht againn i gcónaí sa bhliain 2025 de réir mar a rinneamar caidreamh díreach le gach duine a raibh baint acu leis an earnáil cíosa ar fud na tíre, rud a chinntigh go leanfadh a dtuairimí dár gcuid oibre a mhúnlú. Labhraíomar go díreach le mic léinn, thacaíomar le húdaráis áitiúla chun an dlí cíosa a fhorfheidhmiú ar an talamh, agus rinneamar cumarsáid go tráthrialta tríd an Eolas is Deireanaí a thug na Stiúrthóirí ar bhonn ráithiúil agus trínár gclár leanúnach taighde. Tugadh níos mó ná 100 geallsealbhóir le chéile ag ár gComhdháil Bhliantúil i mí na Samhna, agus thug ionadaithe ó RTB láithreoireachtaí ar an dlí cíosa agus ar ár seirbhísí ag 31 imeacht ar fud na tíre. Príomh-bhuaicphointe sa bhliain ba ea Fóram RTB um Chomhlíonadh an Dlí Cíosa i nGaillimh, rud lenar tugadh geallsealbhóirí ó gach cuid den earnáil cíosa le chéile chun comhlíonadh a phlé.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe, lenár ngeallsealbhóirí ar fud na hearnála cíosa, agus lenár gcomhpháirtithe sa rialtas agus i gcomhlachtaí poiblí as a dtacaíocht sa bhliain 2025. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil leis an Aire James Browne agus lena oifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as an infheistíocht shuntasach a rinne an Rialtas in RTB sa bhliain 2025. Táimid tiomanta fós do chomhlíonadh na reachtaíochta nua cíosa a chinntiú, d'eispéireas an chustaiméara a fheabhsú, agus do thacú le hearnáil cíosa atá cothrom agus inbhuanaithe do gach duine in Éirinn.



Rosemary Steen
Stiúrthóir



Mark McManus
Cathaoirleach Eatramhach

Sracfhéachaint ar an mbliain 2025

339,217 dtionóntacht chláraithe sa bhliain 2025

- **243,598** dtionóntacht chláraithe sa bhliain 2025 **4,739** thionóntacht ar cíos de réir costais
- **55,914** thionóntacht Comhlachta Tithíochta Cheadaithe
- **39,705** thionóntacht i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn

Réiteach díospóidí sa bhliain 2025

- Fuarthas **10,334** iarratas ar réiteach díospóidí, ar mhéadú 8% é
- Cuireadh **3,378** éisteacht breithnithe agus idirghabhála ar siúl
- Cuireadh **772** éisteacht binse ar siúl
- Eisíodh **2,423** Ordú Cinnidh

Comhlíonadh agus forfheidhmiú sa bhliain 2025

- Eisíodh **7,008** bhfógra comhlíonta mar gheall ar mhainneachtain clárú
- Cuireadh tús le **280** imscrúdú
- Foilsíodh **58** smachtbhanna
- D'íoc tiarnaí talún **€127,280** i smachtbhannaí
- Tugadh **€348,364** i gcíos ró-íoctha ar ais do thionóntaí

Taighde

- Foilsíodh **4** Innéacs Cíosa
- Rinneadh **4** nuashonrú ar shraith sonraí 'Próifíl an Chláir' ó RTB
- Rinne ESRI Anailís **1** ar Leibhéal na Maoine Aonair

Seirbhís do chustaiméirí sa bhliain 2025

- Freagraíodh **138,626** ghlao fóin
- Fuarthas **141,044** ríomhphost

Cumarsáid agus Caidreamh

- **770,697** gcuairteoir ar shuíomh Gréasáin RTB
- **4,039,904** amharc ar leathanaigh ar an suíomh Gréasáin

Cé sinne agus cad a dhéanaimid

Comhlacht poiblí neamhspleách a rialálann earnáil cíosa na hÉireann is ea an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB). Oibrímid chun córas cíosa cothrom a chinntiú do gach duine in Éirinn

Inár ról, déanaimid na nithe seo a leanas:

- Tionóntaí agus tiarnaí talún a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoina bhfreagrachtaí.
- A chinntiú go gcláróidh tiarnaí talún tionóntachtaí agus go gcloífidh siad leis an dlí cíosa.
- Cabhrú le díospóidí tionóntachta a réiteach
- Sonraí agus léargais iontaofa a sholáthar chun bonn eolais a chur faoin mbeartas i leith na hearnála cíosa.

Táimid tiomanta do sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar a fhágann go bhfuil an earnáil cíosa níos cothroime agus níos éasca le tuiscint.

Rialálaimid gach ceann de na tionóntachtaí príobháideacha, de na tionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe, de na tionóntachtaí ar cíos de réir costais, agus de na tionóntachtaí i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn in Éirinn.



Ráiteas Straitéise
2023 - 2025

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 2023 – 2025 ó RTB tiomantas an Bhoird do ghníomhartha a dhéanamh thar cheithre phríomhréimse seirbhíse.

1 **Réimse seirbhíse 1:**

Tionóntachtaí a chlárú

- Cláraítear trí phróiseas cuíchóirithe agus éifeachtúil gach tionóntacht ba cheart a chlárú.
- Bíonn sonraí chlár RTB cruinn agus iontaofa.

2 **Réimse seirbhíse 2:**

Díospóidí a réiteach

- Réitítear díospóidí a luaithe is féidir.
- Measann na páirtithe sa díospóid go bhfuil an próiseas trédhearcach agus ag teacht leis an dlí cíosa.

3 **Réimse seirbhíse 3:**

Comhlíonadh a chinntiú

- Cuirtear comhlíonadh deonach chun cinn.
- Sainaithníonn RTB neamhchomhlíonadh tromchúiseach agus iompar míchuí i measc tiarnaí talún agus tugaimid aghaidh ar an méid sin, agus muid ag baint úsáid as ár gcumhachtaí iomlána ar bhealaí éifeachtacha agus comhréireacha.

4 **Réimse seirbhíse 4:**


Faisnéis, taighde, sonraí agus léargais atá cruinn a sholáthar chun eolas a thabhairt don phobal agus don lucht déanta beartas

- Bíonn rochtain réidh ag tionóntaí, ag tiarnaí talún agus ag gníomhairí ar fhaisnéis chruinn.
- Aithnítear RTB mar fhoinse iontaofa údarásach sonraí faoin earnáil cíosa, agus comhroinneann sé léargais chun bonn eolais a chur go gníomhach faoin mbeartas.

Ár bhfeidhmíocht sa bhliain 2025

Réimse seirbhíse 1

Tionóntachtaí a chlárú



Cé a chaithfidh clárú agus cén uair?

Cé a chaithfidh clárú?

Ní mór an chuid is mó de thionóntachtaí cónaithe in Éirinn a chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Tá feidhm aige sin maidir leo seo a leanas:

- **Tionóntachtaí príobháideacha**
- **Tionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe**
- **Tionóntachtaí i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn**
- **Tionóntachtaí ar cíos de réir costais**

Ní mór do thiarnaí talún a dtionóntachtaí a chlárú de réir dlí. Tá iarmhairtí tromchúiseacha ann do thiarnaí talún nach gcláraíonn tionóntachtaí.

Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach clárú?

Is sócmhainn náisiúnta thábhachtach é clár náisiúnta tionóntachtaí RTB. Úsáidimid na sonraí clárúcháin tionóntachta a bhailímid chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Taighde a dhéanamh lena dtugtar freagraí ar cheisteanna tábhachtacha faoinár n-earnáil cíosa. Mar shampla:
  - Cén mhéid atá inár n-earnáil cíosa?
  - Cá mhéad cíosa a íocann tionóntaí?
- Bonn eolais a chur faoin mbeartas i leith na hearnála cíosa.
- Faireachán a dhéanamh ar cé acu atá tiarnaí talún ag cloí leis an dlí cíosa nó nach bhfuil.

Cé chomh minic agus nach mór tionóntachtaí a chlárú?

Ní mór do thiarnaí talún gach tionóntacht a chlárú:

- **Nuair a thosaíonn tionóntacht nua:** laistigh de mhí amháin ó dháta tosaithe na tionóntachta.
- **Gach bliain:** ar chomóradh lae dháta tosaithe na tionóntachta.

Ní mór do thiarnaí talún an clárú tionóntachta a nuashonrú freisin nuair atá athrú tagtha ar an gcíos nó ar mhionsonraí eile tionóntachta. Mar shampla, i gcás go mbeidh athrú tagtha ar roinnt tionóntaí ach go mbeidh duine amháin ar a laghad de na tionóntaí bunaidh ag fanacht.

Cé chomh mór agus a bhí an clár sa bhliain 2025?

Ag deireadh na bliana 2025, bhí 339,217 dtionóntacht cláraithe le RTB. Ba mhéadú 11,225 thionóntacht, nó 3.4%, é sin i gcomparáid le deireadh na bliana 2024.

Cé go bhfacamar fás ar fud gach cineáil tionóntachta sa bhliain 2025, lean cineálacha nua tionóntachta sóisialta agus inacmhainne ar aghaidh ag fás go mór. Bhí fás dhá dhigit i gceist le tionóntachtaí cláraithe Comhlachta Tithíochta Cheadaithe, agus tháinig méadú faoi dhó, beagnach, ar thionóntachtaí cláraithe ar cíos de réir costais, go 4,739 thionóntacht.

Faoi dheireadh ráithe 4 den bhliain 2025, bhí an méid seo a leanas i gclár RTB:

243,598
dtionóntacht phríobháideacha

méadú 1.1% ó bhliain go bliain

55,914
thionóntacht Comhlachta Tithíochta Cheadaithe

méadú 10.7% ó bhliain go bliain

36,751
thionóntacht i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn

méadú 8.7% ó bhliain go bliain

4,739
thionóntacht ar cíos de réir costais*

méadú 96.3% ó bhliain go bliain

* Tá tionóntachtaí ar cíos de réir costais ar áireamh san fhigiúr do thionóntachtaí príobháideacha. Ní áirítear iad ach uair amháin i bhfigiúr na dtionóntachtaí cláraithe iomlána.

Spotsolas air seo: **Clárú tionóntachtaí a bhrú chun cinn**



Is é RTB coimeádaí aonair chlár náisiúnta tionóntachtaí na hÉireann. Tá sé mar phríomhthosaíocht againn a chinntiú go gcláraítear gach tionóntacht ba cheart a chlárú.

Anuraidh, leanamar de mheabhrú do thiarnaí talún nach mór dóibh a dtionóntachtaí a chlárú mar a cheanglaítear le dlí. I mí Feabhra, sheolamar feachtas spriocdhírithe seacht gcontae i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla chun a chinntiú go gcláródh tiarnaí talún a dtionóntachtaí.

- Dhírigh ár bhfeachtas ar an gCabhán, ar an gClár, ar Dhún na nGall, ar Ghaillimh, ar Lú, ar Mhuineachán agus ar Thiobraid Árann, ar contaetha iad inar shainaithin an Phríomh-Oifig Staidrimh ardlíon tionóntachtaí a d'fhéadfadh a bheith neamhchláraithe.
- Áiríodh leis an bhfeachtas fógraíocht a dhéanamh ar stáisiúin áitiúla raidió, i nuachtáin áitiúla, ar na meáin shóisialta agus ar phóstaeir i bhfoirgnimh údaráis áitiúil ar fud gach contae.
- Tarraingíodh aird ann ar na hiarmhairtí a bhaineann le mainneachtain clárú, rud ar féidir go n-áireofar leis smachtbhanna sibhialta suas le €15,000 nó ionchúiseamh coiriúil agus/nó fíneáil suas le €4,000.
- Aidhm eile a bhí ag an bhfeachtas ba ea comhroinnt sonraí agus tarchur tionóntachtaí neamhchláraithe ag foirne tithíochta údaráis áitiúil chuig RTB a mhéadú.

D'eisíomar físeán faisnéise anuraidh freisin chun tacú le tiarnaí talún a dtionóntachtaí a chlárú ar líne. San fhíseán dar teideal How to register a tenancy, mínímid don lucht féachana na hocht gcéim atá i gceist le clárú ar líne a chomhlánú.

Bhí feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse do chustaiméirí chun tacú le clárú mar chroíthosaíocht ag RTB agus comhpháirtí nua á roghnú chun ár n-ionad seirbhíse do chustaiméirí a reáchtáil ó mhí Iúil 2025 ar aghaidh. Tar éis próiseas tairisceana poiblí, ceapadh Fexco, atá lonnaithe i gCiarraí, chun ár n-ionad seachfhoinsithe a reáchtáil, rud a thacaíonn le breis agus 350,000 idirghníomhaíocht le custaiméirí gach bliain.

Is le hardteicneolaíochtaí a chumhachtaítear ardán seirbhíse ilchainéil Fexco, lena gcumhdaítear comhrá Gréasáin, teachtaireachtaí ríomhphoist agus teachtaireachtaí gutha, agus tacaíocht réidh, fhreagrúil agus ardchaighdeáin á tabhairt do chustaiméirí RTB.

Earnáil cíosa a bhíonn ag athrú

Léirítear sa tsraith sonraí 'Próifíl an Chláir' ó RTB go raibh an earnáil cíosa in Éirinn fós ag athrú sa bhliain 2025.

I ráithe 4, tháinig méadú don 10ú ráithe as a chéile ar an gcéatadán de thionóntachtaí príobháideacha a chuireann tiarnaí talún a bhfuil 100 tionóntacht nó níos mó acu ar fáil, agus é cothrom le 14.9% ag deireadh na bliana 2025, rud a léiríonn go mbíonn tiarnaí talún móra ag éirí níos coitianta sa mhargadh cíosa.

Lean tionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe, tionóntachtaí atá sonrach do mhic léinn, agus tionóntachtaí ar cíos de réir costais ar aghaidh ag fás go mór freisin. Léirítear i sonraí RTB gurbh amhlaidh anuraidh a tháinig méadú 10.7% ar thionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe, a tháinig méadú 8.7% ar thionóntachtaí i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn, agus a tháinig méadú 96.3% ar thionóntachtaí ar cíos de réir costais.



Ár bhfeidhmíocht sa bhliain 2025

Réimse seirbhíse 2

Díospóidí a réiteach



Conas a réitímid díospóidí tionóntachta?

Is é an bealach is simplí chun díospóid tionóntachta a réiteach ná labhairt leis an bpáirtí eile. Molaimid don dá thaobh iarracht a dhéanamh na fadhbanna a réiteach ina n-aonar ar dtús. Mura n-éiríonn le féinréiteach, cuireann RTB trí rogha réitigh díospóidí ar fáil.

Ár seirbhísí um réiteach díospóidí:

- Tá siad ar fáil do gach tionónta, do gach tiarna talún cláraithe agus go gach tríú páirtí lena mbaineann, amhail comharsana.
- Tá siad ina gcur chuige inrochtana ísealchostais i leith réiteach díospóidí atá tar éis teacht in ionad na gcúirteanna i gcás díospóidí tionóntachta.
- Ní theastaíonn aon ionadaíocht dhlíthiúil ina leith.
- Bíonn Ordú Cinnidh atá ina cheangal dlí agus ar féidir é a fhorfheidhmiú tríd an gCúirt Dúiche mar thoradh orthu.

Sula gcuirfimid tús le próiseas foirmiúil idirghabhála nó breithniúcháin, déanfaidh ár bhfoireann luath-idirghabhála iarracht teagmháil a dhéanamh leis an dá pháirtí i ndíospóid. Is féidir le cásoifigeach oilte ó RTB faisnéis a thabhairt faoin dlí cíosa a bhaineann leis an gcás. Trí thuiscint ar chearta agus ar fhreagrachtaí a mhéadú ag luathchéim, is féidir cabhrú le díospóid a réiteach sula rachaidh sí isteach i bpróiseas foirmiúil idirghabhála nó breithniúcháin.

Idirghabháil

Cabhraíonn ár seirbhís idirghabhála saor in aisce le teacht ar chomhaontú atá ina cheangal dlí a mbeidh gach duine sásta leis. Seirbhís teileafóin thapa éifeachtach is ea an idirghabháil. Molaimid idirghabháil mar an bealach is fearr chun díospóidí a réiteach. Labhraíonn ár n-idirghabhálaithe leis an dá pháirtí ar leithligh chun eolas a fháil ar an gcás; ní labhraíonn siad go díreach lena chéile. Míníonn an t-idirghabhálaí cearta agus oibleagáidí dlíthiúla gach duine. Oibríonn an t-idirghabhálaí chun teacht ar réiteach a gcomhaontóidh gach duine leis. Bíonn mionsonraí an chomhaontaithe faoi rún agus ní fhoilsítear iad ar shuíomh Gréasáin RTB.

Breithniú

Próiseas atá níos foirmiúla ná idirghabháil is ea breithniú. Déanann breithneoir neamhspleách athbhreithniú ar an bhfianaise a chuir an dá pháirtí isteach. Déanann an breithneoir cinneadh ar thoradh na díospóide ar bhonn na fianaise a chuirtear i láthair le linn éisteachta agus ar bhonn an dlí cíosa. Tá an cinneadh ina cheangal dlí. Cosnaíonn an tseirbhís sin €30 agus tógann sí níos mó ama ná mar a thógann an idirghabháil. Foilsímid Orduithe Cinnidh Breithnithe ar shuíomh Gréasáin RTB.

Binsí

Mura bhfuil ceachtar páirtí sásta leis an toradh ar idirghabháil nó ar bhreithniú, féadfaidh sé achomharc a dhéanamh chuig binse. Is athéisteacht iomlán ar na fíorais ábhartha uile i ndíospóid é binse. Is féidir le páirtithe sa chás aon fhianaise bhreise faoina ndíospóid a chur i láthair freisin. Déanann an painéal binse cinneadh ar thoradh na díospóide ar bhonn na fianaise a cuireadh i láthair agus ar bhonn an dlí. Tá an cinneadh ina cheangal dlí. Foilsímid tuarascálacha Binse agus Orduithe Cinnidh ar shuíomh Gréasáin RTB. Is ionann costas na seirbhíse agus €30 tar éis idirghabhála nó €85 tar éis breithnithe.

Cé a rinne iarratas ar réiteach díospóidí sa bhliain 2025? Agus cén fáth?

Cé a rinne iarratas ar réiteach díospóidí sa bhliain 2025?

Tá iarratais ar ár seirbhís um réiteach díospóidí fós ag leibhéil atá ard go stairiúil, agus tháinig méadú 8% eile orthu anuraidh, go 10,334 iarratas. Tarraingíodh breis agus 2,100 ceann de na hiarratais sin siar sular sceidealaíodh éisteacht tar éis luath-idirghabháil ó RTB.

Miondealú ar iarratasóirí díospóide sa bhliain 2025



- **56% ó thionóntaí**
- **42% ó thiarnaí talún**
- **2% ó thríú páirtithe**

Cén fáth a ndearna siad iarratas?

Ba iad seo a leanas na cúig chúis ba mhó le hiarratas ar réiteach díospóidí a chur isteach sa bhliain 2025:

1. Riaráiste cíosa / riaráiste cíosa agus róshealbhú (23.5% de na cásanna)
2. Sárú ar oibleagáidí an tiarna talún (20%)
3. Coinneáil éarlaise (19%)
4. Bailíocht Fógra Foirceanta a cheistiú (17.5%)
5. Róshealbhú (16%)

Tá an t-éileamh ard ar sheirbhísí um réiteach díospóidí ag teacht le brúnna níos leithne sa mhargadh cíosa. Bhí méadú suntasach ann sa dara cuid den bhliain 2025 ar dhíospóidí a thionscain tionóntaí chun bailíocht Fógraí Foirceanta a cheistiú.

Spotsolas air seo:
An tIonad nua um Réiteach Díospóidí de chuid RTB

Tá sé fós ina phríomhthosaíocht ag RTB agaí díospóide a laghdú. Sa bhliain 2025, sheolamar Ionad nua um Réiteach Díospóidí chun ár seirbhísí díospóide a dhéanamh níos éifeachtúla trí phróiseáil níos gasta cásanna a éascú agus trí chumarsáid fheabhsaithe a éascú le RTB maidir le cásanna díospóide.

Cuireadh an t-ionad nua i mbun oibre i mí Iúil, rud a chuir ar chumas chustaiméirí RTB tairseach aonair ar líne a úsáid chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Iarratas a dhéanamh ar réiteach díospóidí agus íoc as
- Fianaise a chur isteach
- Stádas cáis a sheiceáil
- A fheiceáil cén uair atá éisteacht le bheith ar siúl
- Dul i dteagmháil le cásoifigeach

Chomh maith leis sin, tháirgeamar físeán míniúcháin agus d'eagraíomar dhá chlinic custaiméirí ar líne chun a thaispeáint conas an tIonad nua um Réiteach Díospóidí a úsáid. Cumhdaíodh leis sin cúraimí amhail cuntas a chruthú, díospóid a chur isteach, fianaise a uaslódáil, agus achomharc a dhéanamh.

Cá mhéad díospóid a phróiseálamar sa bhliain 2025?

Fuarthas
10,334
iarratas ar réiteach díospóidí sa bhliain 2025

Ba mhéadú 8% é i gcomparáid leis an mbliain 2024

Cuireadh
3,378
éisteacht breithnithe agus idirghabhála ar siúl sa bhliain 2025

Cuireadh
772
éisteacht binse ar siúl sa bhliain 2025

Eisíodh
2,423
Ordú Cinnidh sa bhliain 2025

Cá fhad a thóg sé chun díospóidí a phróiseáil sa bhliain 2025?

	2024 – gach cás a dhúnadh	2025 – gach cás a dhúnadh	2024 – gach cás a fháil agus a phróiseáil	2025 – gach cás a fháil agus a phróiseáil
Luath-idirghabháil	Níl fáil ar an bhfaisnéis	4.31 seachtain	Níl fáil ar an bhfaisnéis	4.2 seachtain
Idirghabháil	8.3 seachtain*	10.2 seachtain*	6.9 seachtain*	9.6 seachtain*
Breithniú	24.2 seachtain	20.4 seachtain	17 seachtaine	14.7 seachtain
Binsí	22 sheachtain	17.2 seachtain	15 seachtaine	13.4 seachtaine

**Áiríodh cásanna luath-idirghabhála le hagaí próiseála idirghabhála don bhliain 2024. Ní áirítear leis na hagaí próiseála idirghabhála don bhliain 2025 cásanna a dúnadh ag luath-idirghabháil toisc go bhfoilsítear agaí próiseála do chásanna luath-idirghabhála ar leithligh anois.*

Conas a chabhraímid le forfheidhmiú orduithe?

Nuair a bhaineann tiarnaí talún, tionóntaí nó tríú páirtithe úsáid as na seirbhísí um réiteach díospóidí de chuid RTB, faigheann siad Ordú Cinnidh atá ina cheangal dlí. Leagtar amach ann téarmaí an chinnidh nó an chomhaontaithe. Ní mór do gach páirtí cloí leis an Ordú Cinnidh laistigh den tréimhse ama shonraithe.

Cé a fhorfheidhmíonn Ordú Cinnidh?

Mura gcomhlíonann páirtí an tOrdú, féadfaidh an Chúirt Dúiche Ordú Cúirte a dhéanamh chun an tOrdú Cinnidh a fhorfheidhmiú.

I bhformhór na gcásanna, ba cheart do pháirtithe sa chás a n-imeachtaí forfheidhmiúcháin féin a thionscnamh. Is féidir leo é sin a dhéanamh go neamhspleách nó le cabhair ó aturnae. Chun tacú leis sin, soláthraímid:

- Treoir maidir le hImeachtaí Forfheidhmiúcháin a Thionscnamh sa Chúirt Dúiche. Sa treoir sin, leagtar próiseas naoi gcéim amach agus soláthraítear samplaí de na príomhdhoiciméid a theastaíonn.
- Na doiciméid cháis a bheidh ag teastáil uathu.

Le halt 124 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, ceadaítear do RTB freisin iarratas a dhéanamh ar Ordú Cinnidh a fhorfheidhmiú, ach ní chuirtear aon dualgas ar RTB é sin a dhéanamh. I gcásanna áirithe, is féidir le RTB cabhrú le páirtithe Ordú Cinnidh a fhorfheidhmiú trínár Scéim Cúnaimh Dhlíthiúil. Cumhdaítear léi gníomhaíocht forfheidhmiúcháin suas go dtí an tOrdú Cúirte iomchuí a fháil agus breithiúnas a chlárú in aghaidh an fhreagróra.

Cé a fuair cúnamh dlíthiúil sa bhliain 2025?

Déanaimid cinntí chun cúnamh dlíthiúil a dheonú ar bhonn cás ar chás ar aon dul le Beartas an Bhoird maidir le Forfheidhmiú agus ar aon dul leis na hacmhainní atá ar fáil do RTB. Sa bhliain 2025, fuaireamar 443 iarraidh chun forfheidhmiú a shaothrú. Cheadaíomar 321 cheann díobh sin le haghaidh cúnamh dlíthiúil.

Fuaireamar 68 nOrdú Cúirte do pháirtithe i gcásanna sa bhliain 2025. Foilsímid an t-ordú cúirte ina n-ainmnítear na páirtithe lena mbaineann agus ina dtarraingítear aird ar neamhchomhlíonadh ar shuíomh Gréasáin RTB. Sa bhliain 2025, leanamar d'fheasacht a mhúscailt ar na hiarmhairtí tromchúiseacha dóibh siúd a mhainníonn Ordú Cúirte a chomhlíonadh. Is féidir go n-áireofar leis sin an duine a ainmniú mar fhéichiúnaí i dtaifid phoiblí, rud a rachaidh i bhfeidhm ar chumas an duine sin chun creidmheas a fháil amach anseo.

Ár bhfeidhmíocht sa bhliain 2025

Réimse seirbhíse 3

Comhlíonadh a chinntiú



Conas a chinntíonn RTB go gcomhlíontar an dlí cíosa?

Cé na conairí comhlíonta atá ag RTB?

Úsáideann RTB trí bhealach éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh an dlí cíosa.

- **Imscrúdú agus smachtbhannaí – an próiseas sibhialta:** Faoi Chuid 7A den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, bhí RTB in ann imscrúdú a dhéanamh ar thiarnaí talún as 10 sárú shainithe ar an dlí cíosa sa bhliain 2025. Toradh féideartha ar an bpróiseas sin is ea smachtbhanna sibhialta suas le €15,000 agus costais suas le €15,000 as gach sárú ar an dlí cíosa.
- **Forfheidhmiú clárúcháin – an próiseas coiriúil:** Faoi alt 144 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, is féidir le RTB tiarnaí talún a ionchúiseamh as mainneachtain tionóntacht a chlárú. Toradh féideartha air sin is ea ionchúiseamh coiriúil agus/nó fíneáil suas le €4,000.
- **Idirghabháil comhlíonta:** Tar éis rath a bheith ar threoirscéim sa bhliain 2024, rinneadh cuid bhuan dár gconair comhlíonta den chur chuige sin sa bhliain 2025. Tá sé mar aidhm leis tacú le tiarnaí talún mionsáruithe ísealriosca ar an dlí cíosa a cheartú sula gcuirfear a gcás ar aghaidh le haghaidh ionchúiseamh nó imscrúdú a dhéanamh agus le haghaidh smachtbhannaí a fhorchur.

Conas a shainaithnímid sáruithe ar an dlí cíosa?

Is féidir le RTB imscrúdú a thosú nuair a fhaighimid tuairisc nó gearán foirmiúil ó dhuine den phobal. Is féidir linn tús a chur le himscrúduithe ar ár dtionscnamh féin freisin nuair atá faisnéis againn lena dtugtar le fios go ndearna tiarna talún ceann de na 10 sárú ar an dlí cíosa a bhféadfaidh RTB iad a imscrúdú agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith.

Sa bhliain 2025, shainaithníomar neamhchomhlíonadh an dlí cíosa ar mhórscála trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **Rochtain a fháil ar mhórthacair sonraí ó chomhlachtaí poiblí eile.** Ina measc sin bhí an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, agus údaráis áitiúla. Leanamar freisin d'obair a dhéanamh ar an athrú reachtach a theastaíonn chun comhroinnt sonraí ó na Coimisinéirí Ioncaim le RTB a éascú chun neamhchlárú a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt air.
- **Staidéir thaighde nua.** Mar shampla, choimisiúnaíomar ESRI chun an dara staidéar ar 'Anailís ar Leibhéal na Maoine Aonair' a chur i gcrích sa bhliain 2025. Sa staidéar sin, rianaíodh athruithe ar chíos le haghaidh maoine aonair le himeacht ama, agus cuireadh ar ár gcumas leis maoine a shainaithint i gcás go raibh méadú cíosa a bhí os cionn na rialacha maidir le Criosanna Brú Cíosa ann. Féach leathanach 25 chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Gníomhaíocht comhlíonta agus forfheidhmiúcháin sa bhliain 2025

Imscrúdú agus smachtbhannaí – an próiseas sibhialta

Cé na nithe a bhféadfaidh RTB tiarnaí talún a imscrúdú agus smachtbhannaí a fhorchur ar thiarnaí talún ina leith?

Sa bhliain 2025, bhí cumhachtaí againn chun imscrúdú a dhéanamh ar 10 sárú ar an dlí cíosa ag tiarnaí talún, ar a dtugtar cineálacha iompair mhíchuí:

- Rialacha maidir le Criosanna Brú Cíosa (RPZ) a shárú
- Díolúine RPZ a éileamh go mícheart
- Mainneachtain fógra a thabhairt do RTB faoi dhíolúintí RPZ
- Mainneachtain tionóntacht a chlárú
- Mainneachtain mionsonraí tionóntachta a nuashonrú tar éis athrú ar an gcíos
- Cúiseanna bréagacha nó míthreoracha a thabhairt le deireadh a chur leis an tionóntacht
- Mainneachtain tionóntacht a thairiscint ar ais do thionónta roimhe sin
- Éarlais is mó ná cíos míosa a mhuirearú
- Réamhchíos is mó ná cíos míosa a iarraidh
- A cheangal ar mhac léinn léas is faide ná 41 seachtain ar fad a shíniú

Conas a oibríonn an próiseas imscrúdúcháin?

Is iad Oifigigh Údaraithe RTB a dhéanann gach imscrúdú. Tá cumhachtaí dlíthiúla suntasacha acu chun fianaise a bhailiú agus chun a chinneadh ar tharla iompar míchuí. Is féidir leo faisnéis a iarraidh ar an tiarna talún agus ar chomhlachtaí poiblí eile, éisteachtaí ó bhéal a sheoladh, agus maoine phríobháideacha a iniúchadh le toiliú nó le barántas cúirte.

Céim 1:

Cuireann RTB tús le himscrúdú:

- Ceaptar Oifigeach Údaraithe agus bailíonn sé/sí fianaise faoin sárú.
- Faigheann an tiarna talún Fógra Imscrúdúcháin. Tá 21 lá aige/aici anois chun freagra a thabhairt.

Céim 2A:

Má admhaítear gach sárú:

- Rachaidh an cás chuig Cinnteoir neamhspleách a bheidh ceaptha ag RTB. Cinneann sé/sí an bhforchuirfear smachtbhanna agus cá mhéad a bheidh i gceist leis an smachtbhanna sin.

Céim 2B:

Má easaontaíonn an tiarna talún le roinnt de na sáruithe líomhnaithe, nó leis na sáruithe líomhnaithe go léir:

- Bailíonn an tOifigeach Údaraithe tuilleadh fianaise.
- Faigheann an tiarna talún dréacht-Tuarascáil Imscrúdaithe. Tá 21 lá aige/aici chun freagra a thabhairt.
- Cuireann an tOifigeach Údaraithe Tuarascáil Imscrúdaithe chríochnaitheach faoi bhráid Cinnteora neamhspleách. Cinneann sé/sí an bhforchuirfear smachtbhanna agus cá mhéad a bheidh i gceist leis an smachtbhanna sin.

Céim 3:

Eisíonn RTB Fógra Cinnidh:

- Tá 21 lá ag an tiarna talún chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda.
- Mura ndéantar aon achomharc, déanann RTB iarratas chuig an gCúirt Chuarda ar an smachtbhanna a dhaingniú.
- Mura ndéantar aon achomharc chuig an Ard-Chúirt, foilsíonn RTB an smachtbhanna.

Gníomhaíocht imscrúduithe agus smachtbhannaí sa bhliain 2025

Sa bhliain 2025, mhéadaíomar an líon imscrúduithe ar thugamar fúthu faoi níos mó ná a dhá oiread. Sheolamar 280 imscrúdú, suas ó 124 cinn sa bhliain roimhe.

Bhaineamar úsáid as mórfhoinsí sonraí chun sáruithe féideartha ar an dlí cíosa a shainaithint go réamhghníomhach, agus scríobhamar chuig tiarnaí talún mar chuid dár bhfeachtais chlárúcháin agus dár bhfeachtais maidir le comhlíonadh RPZ. Bhaineamar úsáid as ár gcumhachtaí imscrúdúcháin chun dul i ndiaidh ciontóirí tromchúiseacha, a rinne neamhaird d'aon ghnó agus arís agus arís eile ar a n-oibleagáidí mar thiarnaí talún.

Mar thoradh ar na himscrúduithe sin ar chiontóirí tromchúiseacha, tugadh €135,820 i gcíos ró-íoctha ar ais do thionóntaí. Ba é sin an méid bliantúil ab airde go dtí seo. Chomh maith leis sin, dhámh Cinnteoirí neamhspleácha RTB an smachtbhanna aonair ab airde riamh i gcás amháin in aghaidh tiarna talún, arbh ionann é agus €22,000. San iomlán, d'fhoilsigh RTB 58 smachtbhanna dhaingnithe sa bhliain 2025, agus smachtbhanna ab ionann agus €178,892 san iomlán dáfa in aghaidh tiarnaí talún.

D'eisigh RTB 106 bhreith ar chásanna imscrúdaithe sa bhliain 2025. Mar sin féin, thángamar ar mhoilleanna sna céimeanna deiridh de dhaingniú na smachtbhannaí a fháil ón gcúirt sa bhliain 2025. Ag deireadh na bliana, bhí 83 imscrúdú chríochnaithe ann a bhí ar feitheamh go dtí go mbeadh na smachtbhannaí daingnithe ag an gcúirt. Ní féidir le RTB torthaí imscrúdaithe a fhoilsiú go dtí go mbeidh an bhreith daingnithe ag an gCúirt Chuarda agus go dtí go mbeidh na tréimhsí achomhairc go léir imithe thart.

Forfheidhmiú clárúcháin – an próiseas coiriúil

Conas a oibríonn an próiseas forfheidhmiúcháin clárúcháin?

- **An chéad fhógra:** I gcás go sainaithnímid neamhchlárú, eisímid an chéad fhógra chuig tiarnaí talún. Cuirtear ar an eolas iad leis sin faoin oibleagáid atá orthu clárú agus faoi chumhachtaí RTB chun ionchúiseamh a dhéanamh. Tá 30 lá ag an tiarna talún chun na rialacha a chomhlíonadh.
- **An dara fógra:** I gcás go bhfuil tionóntacht neamhchláraithe fós, eisímid an dara fógra. Leis sin, tugtar 14 lá eile don tiarna talún chun an dlí a chomhlíonadh agus chun clárú, á chur in iúl go mbeidh sé/sí ciontach i gcion mura ndéanann sé/sí amhlaidh. Ansin, is féidir le RTB imeachtaí a thionscnamh in aghaidh an tiarna talún, ach ní mór iad a chur ar siúl laistigh de bhliain amháin ón uair a eisíodh an fógra.
- **Fógra rabhaidh:** Seolaimid fógra rabhaidh chuig tiarna talún á rá go bhfuil comhad á ullmhú lena sheoladh chuig aturnaetha le haghaidh ionchúisimh. Tá deis amháin eile aige/aici clárú ag an am sin.
- **Toghairm chúirte:** Eisíonn aturnae RTB toghairm chúirte chuig an tiarna talún.
- **Ionchúiseamh coiriúil:** Ós rud é gur ionchúiseamh coiriúil é, is ard atá an dualgas cruthúnais. Ní mór do RTB a chruthú go bhfuil nó go raibh tionóntacht i bhfeidhm sa mhaoin. Is gnách gurb ionann an cruthúnas sin agus fianaise ar íocaíochtaí cíosa, cóip de chomhaontuithe léasa nó cíosa, nó fianaise a sholáthraíonn an tionónta sa chúirt.

Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin clárúcháin sa bhliain 2025

Sa bhliain 2025, d'eisíomar 7,008 gcinn d'fhógraí forfheidhmiúcháin clárúcháin agus de litreacha forfheidhmiúcháin clárúcháin. D'eisíomar 96 cinn de chéad fhógraí, 192 cheann de dhara fógraí agus 115 litir rabhaidh.

Gníomhaíocht idirghabhála comhlíonta sa bhliain 2025

Ba í an bhliain 2025 an chéad bhliain iomlán ina raibh ár gconair nua idirghabhála comhlíonta i mbun feidhme, agus tús curtha le hobair ar 213 chás nua anuraidh.

Faoi dheireadh na bliana, dúnadh 389 gcás, lenar áiríodh roinnt cásanna a tugadh anonn ón mbliain 2024. I measc na gcásanna sin bhí 385 idirghabháil comhlíonta tosaigh RPZ lenar tugadh €212,544 ar ais i gcíos ró-íoctha do thionóntaí, rud a léiríonn a éifeachtaí atá an cur chuige sin.

De na cásanna a dúnadh, cuireadh 18 gcinn ar aghaidh lena n-imscrúdú.

Spotsolas air seo:
Caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí i nGaillimh

Tá RTB tiomanta do chomhlíonadh an dlí cíosa a chinntiú. Nuair a léiríodh i sonraí an Innéacs Cíosa go raibh boilsciú ard cíosa ann i nGaillimh, thugamar geallsealbhóirí ó gach cearn den earnáil cíosa le chéile ansin chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist.

Tionóladh Fóram RTB um Chomhlíonadh an Dlí Cíosa i mí an Mheithimh i nGaillimh, ar thug James Browne TD, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, aitheasc lena linn.

I measc na n-eagraíochtaí a bhí i láthair bhí Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae na Gaillimhe, Ollscoil na Gaillimhe, Aontas Mac Léinn Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, grúpaí tionóntaí, eagraíochtaí gairmiúla tiarnaí talún agus maoine, comhlachtaí poiblí, agus ionadaithe tofa.

Mar thoradh ar an bhfóram, rinneadh comhoibriú le geallsealbhóirí chun feasacht a mhúscailt i measc tionóntaí agus tiarnaí talún faoina gcearta agus faoina bhfreagrachtaí faoin dlí cíosa.

Tar éis leathnú na gCriosanna Brú Cíosa ar fud na tíre i mí an Mheithimh, d'oibrigh RTB chun a chinntiú go mbeadh an cíos socraithe i gceart sna limistéir sin. I mí Mheán Fómhair, mar chuid dár bhfeachtas mac léinn Knowledge is Key, scaipeadh pacáistí digiteacha faisnéise ar ollscoileanna agus ar aontais mac léinn agus freastalaíodh ar aonach mac léinn idirnáisiúnta in Ollscoil na Gaillimhe chun faisnéis a thabhairt faoin dlí cíosa agus faoi sheirbhísí RTB.



Ag Fóram Comhlíonta Dlí ar Cíos an RTB i nGaillimh: (ó chlé go deas): Fergal Leonard ó DNG, Stiúrthóir an RTB Rosemary Steen, iar-Uachtarán Aontas na Mac Léinn ATU Gaillimh Sarah Mohan, agus Príomhfheidhmeannach Threshold John Mark McCafferty

Ár bhfeidhmíocht sa bhliain 2025

Réimse seirbhíse 4

Faisnéis, taighde agus sonraí a sholáthar



Conas a sholáthraíonn RTB faisnéis don phobal?

Soláthraíonn RTB faisnéis chruinn faoin dlí cíosa do thiarnaí talún agus do thionóntaí. Tá sé mar aidhm againn faisnéis a sholáthar atá sothuigthe agus éasca le rochtain.

Tairgimid roinnt bealaí éagsúla dár gcustaiméirí chun tacaíocht agus faisnéis a fháil ó RTB. Áirítear leo sin:

- Ar an bhfón ó ghníomhaire um sheirbhís do chustaiméirí
- Le ríomhphost
- Trínár gcomhrá Gréasáin fíorúil
- Ar ár suíomh Gréasáin agus ar ár gcainéil meán sóisialta
- I bhfoilseacháin agus in ábhair faisnéise
- Trí fhíseáin agus trí sheimineáir Ghréasáin

Seirbhís do chustaiméirí

Fuair foireann RTB um Sheirbhís do Chustaiméirí líon níos lú glaonna sa bhliain 2025 ná mar a fuair sí sna blianta 2024 agus 2023. Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar sheoladh rathúil ár suímh Gréasáin nua i mí an Mheithimh. Soláthraíonn sí faisnéis shoiléir inrochtana do thiarnaí talún, do thionóntaí agus do dhaoine eile a bhfuil baint acu le hearnáil cíosa na hÉireann.

Sa bhliain 2025, fuaireamar 144,070 glao teileafóin agus 141,044 ríomhphost. Tháinig laghdú 6.5% ar an líon glaonna a fuarthas i gcomparáid leis an mbliain 2024. Tháinig laghdú 32% ar an líon ríomhphost a fuarthas i gcomparáid leis an mbliain 2024.

Ar aon dul lenár dtiomantas do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar, tháinig laghdú freisin ar an líon gearán a rinne custaiméirí le RTB sa bhliain 2025. Fuaireamar 246 ghearán ó chustaiméirí sa bhliain 2025. Ba laghdú 23% é sin ó 321 ghearán sa bhliain 2024.

Chomh maith leis sin, thugamar freagra ar 402 cheist ríomhphoist chuig ár mbosca isteach tiomnaithe do chomhaltaí den Oireachtas sa bhliain 2025. Tháinig méadú 52% ar an líon ceisteanna a seoladh chuig an mbosca isteach sin, ó 265 ríomhphost a fuarthas sa bhliain 2024.

Cumarsáid

Tá RTB tiomanta d'fhaisnéis shimplí chruinn a sholáthar faoin dlí cíosa agus faoi sheirbhísí RTB trínár gcainéil chumarsáide. Bainimid úsáid as ár gcainéil chumarsáide freisin chun an taighde agus na sonraí is déanaí maidir le hearnáil cíosa na hÉireann a chomhroinnt.

Áirítear na nithe seo a leanas leis na buaicphointí ónár ngníomhaíochtaí cumarsáide sa bhliain 2025:

770,697
gcuairteoir ar shuíomh Gréasáin RTB
www.rtb.ie

Breis agus
4 mhilliún
amharc ar leathanaigh ar an suíomh Gréasáin

Reáchtálamar 4 fheachtas náisiúnta fógraíochta

Ábhar físeáin nua

Cuireadh ábhair éagsúla nua físeáin ar fáil ar an suíomh Gréasáin sa bhliain 2025. Áiríodh leo sin:

- Físeáin mhíniúcháin ar conas an tIonad nua um Réiteach Díospóidí a úsáid, ar conas tionóntacht a chlárú agus ar conas cíos a shocrú i gceart i gCrios Brú Cíosa (RPZ)
- Ceithre fhíseán chun a bheith ag gabháil leis an eolas is deireanaí ón Stiúrthóir gach ráithe agus chun eisiúintí sonraí RTB i mí Feabhra, i mí Lúnasa, i mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag 2025 a mhíniú
- An t-eolas is deireanaí ag deireadh na bliana i bhfoirm físeáin, rud inar mionsonraíodh príomhéachtaí RTB sa bhliain 2025

Feachtais fógraíochta

Reáchtáil RTB ceithre fheachtas fógraíochta spriocdhírithe sa bhliain 2025:

- Chun a mheabhrú do thiarnaí talún gur gá dóibh a dtionóntachtaí a chlárú gach bliain, reáchtálamar feachtas réigiúnach meán i mí Feabhra inar spriocdhíríodh ar na seacht gcontae a raibh an líon ab airde tionóntachtaí a d'fhéadfadh a bheith neamhchláraithe iontu
- Chun geallsealbhóirí a chur ar an eolas faoi leathnú na RPZanna ar fud na tíre, reáchtálamar feachtas fógraíochta ar na meáin shóisialta i mí an Mheithimh
- Chun feasacht na mac léinn ar a gcearta cíosa agus ar a bhfreagrachtaí cíosa a mhéadú, reáchtálamar feachtas náisiúnta fógraíochta digití, mar a bhí Knowledge is Key, i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair
- Chun comhlíonadh clárúcháin a chur chun cinn, rinneamar fógraíocht ar fud na meán náisiúnta agus réigiúnach clóite agus craolacháin agus ar na meáin shóisialta i mí na Nollag

Caidreamh le geallsealbhóirí

Táimid tiomanta do chaidreamh éifeachtach fiúntach a dhéanamh le geallsealbhóirí RTB. Creidimid gur féidir le hobair i gcomhar lenár ngeallsealbhóirí cabhrú linn na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú go dtuigtear an dlí cíosa, go n-urramaítear é agus go seastar leis
- Eispéiris na bpríomh-gheallsealbhóirí san earnáil cíosa a thuiscint
- Treochtaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint
- Feabhas a chur ar eispéireas custaiméirí RTB

Sa bhliain 2025, bhíomar i láthair go pearsanta ag imeachtaí ar fud na tíre, ar lena linn a d'éisteamar lenár ngeallsealbhóirí, a thugamar freagraí ar cheisteanna ó mhic léinn i gcoláistí, agus a chomhoibríomar le húdaráis áitiúla chun an dlí cíosa a fhorfheidhmiú ar an talamh. Áiríodh iad seo a leanas leis na himeachtaí a d'eagraíomar sa bhliain 2025:

- Ár gComhdháil Bhliantúil i mí na Samhna, rud ar fhreastail breis agus 110 ngeallsealbhóir air
- Láithreoireachtaí ar an dlí cíosa agus ar sheirbhísí RTB ag 31 imeacht geallsealbhóirí seachtracha
- Seacht seisiún faisnéise ar eisiúintí sonraí RTB, ar cuireadh ceithre cinn díobh ar siúl go pearsanta agus ar cuireadh trí cinn díobh ar siúl ar líne, agus ar fhreastail 322 dhuine de gheallsealbhóirí agus de bhaill de na meáin orthu
- Fóram um chomhlíonadh an dlí cíosa i nGaillimh, rud ar fhreastail James Browne TD, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus geallsealbhóirí ó gach cearn den earnáil cíosa air

Plé painéil ag Comhdháil Bhliantúil an RTB le rannpháirtithe (ó chlé go deas): Príomhfheidhmeannach Threshold John Mark McCafferty, Príomhfheidhmeannach Respond Aoife Watters, an modhnóir Eileen Dunne, Príomhfheidhmeannach IPAV Genevieve McGuirk agus Príomh-Eacnamaí Sinsearach an LDA, David Duffy



Spotsolas air seo: **Comhdháil Bhliantúil RTB, 2025**

Ba é *Earnáil Cíosa Inbhuanaithe a Sholáthar* téama ár gcomhdhála bliantúla, a cuireadh ar siúl in Acadamh Ríoga na hÉireann i mí na Samhna. Tugadh 120 geallsealbhóir ó gach cearn den earnáil le chéile ag an imeacht chun na sonraí, na léargais agus na dearcthaí idirnáisiúnta is déanaí ó RTB a chomhroinnt. D'oscail James Browne TD, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, go foirmiúil í agus thug Owen Keegan, Cathaoirleach RTB, agus Rosemary Steen, Stiúrthóir RTB, aithisc lena linn.

Thug Marie Linder, Uachtarán Aontas Idirnáisiúnta na dTionóntaí, an spreagaitheasc ar *Chosaint tionóntaí agus rialáil cíosa – Ceachtanna ó gach cearn den Eoraip*. Bhí dhá phlé painéil ina raibh daoine mór le rá ó earnáil tithíochta na hÉireann sa chomhdháil.

Sa chéad phlé painéil, a bhain le *Próifíl athraitheach earnáil cíosa na hÉireann*, rinneadh machnamh ar na príomhathruithe ar chruth na hearnála cíosa le blianta beaga anuas. Ba í Eileen Dunne, craoltóir, a mhodhnaigh é. Ba in éineacht léi sa chomhrá a bhí Genevieve McGuirk, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na hInstitiúide Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla, Aoife Watters, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Respond Housing Association, John Mark McCafferty, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Threshold, agus David Duffy, Eacnamaí Taighde Sinsearach leis an nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún.

Pléadh sa dara plé painéil na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le hearnáil inbhuanaithe cíosa a sholáthar sa bhliain 2026. I measc na ndaoine a bhí i láthair bhí Aidan Culhane, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin The Iveagh Trust, Jeremy O'Sullivan, Stiúrthóir Bainistíochta – Bainistíocht Punainne agus Margaí Caipitil ag IRES Reit, Ber Grogan, Stiúrthóir Feidhmiúcháin le Clanna Shíomóin Éireann, agus Conor O'Toole, Ollamh Comhlach le Taighde ag ESRI.



Ag Comhdháil Bhliantúil an RTB: An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, James Browne TD, agus Stiúrthóir an RTB, Rosemary Steen

Suíomh Gréasáin nua a sheoladh

Sa bhliain 2025, bhunathraíomar an chaoi a mínímid an dlí cíosa trí shuíomh Gréasáin nua-aimseartha Béarla shimplí agus físeáin mhíniúcháin nua a sheoladh chun custaiméirí a threorú trí phríomhphróisis.

Seoladh an suíomh Gréasáin rtb.ie i mí an Mheithimh agus dearadh é chun go mbeadh sé níos fusa do gach úsáideoir é a nascleanúint. Is féidir le custaiméirí é a úsáid chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- faisnéis, taighde agus sonraí faoin earnáil cíosa a aimsiú
- tascanna a dhéanamh amhail tionóntacht a chlárú nó iarratas a dhéanamh ar réiteach díospóidí
- úsáid a bhaint as uirlisí amhail Áireamhán Cíosa RTB chun cíosanna a shocrú

Conas a sholáthraíonn RTB taighde agus sonraí chun bonn eolais a chur faoin mbeartas?

Is é RTB coimeádaí aonair chlár náisiúnta tionóntachtaí na hÉireann. Fágann sé sin go bhfuilimid i riocht uathúil chun sonraí faoin earnáil cíosa agus léargais ar an earnáil a sholáthar.

Sa bhliain 2025, d'fhoilsíomar taighde agus sonraí lenar soláthraíodh léargais ríthábhachtacha ar phróifíl athraitheach earnáil cíosa na hÉireann. Chomhroinneamar léargais leis an rialtas agus le geallsealbhóirí chun bonn eolais a chur faoin mbeartas, agus bhaineamar úsáid as ár sonraí chun feachtais um chomhlíonadh a spriocdhíriú ar na háiteanna is mó ina raibh gá leo.

Innéacs Cíosa RTB/ESRI

Le hInnéacs Cíosa ráithiúil RTB/ESRI, rianaítear forbairtí praghsanna i margadh cíosa na hÉireann le himeacht ama. Tá sé bunaithe ar shonraí clárúcháin tionóntachtaí RTB a ndéanann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) anailís neamhspleách orthu.

Le hInnéacs Cíosa RTB/ESRI, soláthraítear an léargas is cruinne ar na meánchíosanna do thionóntachtaí príobháideacha nua agus do thionóntachtaí príobháideacha láithreacha in Éirinn. Murab ionann agus tuarascálacha eile faireacháin margaidh, tá an t-innéacs bunaithe ar shonraí rialála ar féidir leo an cíos a íoctar as gach tionóntacht chláraithe nua a rianú, beag beann ar an gcaoi ar fógraíodh iad. Tá an t-innéacs uathúil freisin maidir lena chumas chun treochtaí sa chíos a íoctar as gach ceann de na tionóntachtaí láithreacha atá cláraithe le RTB i ngach ráithe a rianú.

Leis an innéacs, déantar comparáid idir sampla de na tionóntachtaí go léir a cláraíodh i ráithe amháin agus na tionóntachtaí sin a cláraíodh sa ráithe roimhe agus sa ráithe chéanna sa bhliain roimhe. Sa tuarascáil iarmhartach, tugtar meánchíos caighdeánaithe ina gcuirtear san áireamh difríochtaí i dtréithe na maoine a bhfuil an sampla comhdhéanta díobh i ngach ráithe.

An tsraith sonraí 'Próifíl an Chláir' ó RTB

Is í an tsraith sonraí 'Próifíl an Chláir' ó RTB an fhoinse faisnéise is údarásaí agus is iomláine maidir le méid agus próifíl earnáil cíosa na hÉireann. Leis an tsraith, rianaítear an líon tionóntachtaí príobháideacha agus an líon tionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe atá cláraithe le RTB ag deireadh gach ráithe ó bhí ráithe 2 den bhliain 2023 ann. Is féidir na sonraí a mhiondealú de réir contae, de réir Údarás Áitiúil, de réir Toghlimistéar Áitiúil, de réir cineál teaghaise, de réir méid teaghaise, agus de réir mhéid an tiarna talún.

An tEolas is Deireanaí ó RTB ar bhonn Ráithiúil

D'fhoilsíomar an t-eolas is deireanaí ar bhonn ráithiúil ceithre huaire sa bhliain 2025, inar comhroinneadh príomhshonraí riaracháin RTB. Áiríodh iad seo a leanas leis na sonraí a comhroinneadh:

- Fógraí Foirceanta a fuair RTB
- Gníomhaíocht comhlíonta agus forfheidhmiúcháin RTB
- Staitisticí Sheirbhís RTB um Réiteach Díospóidí

Spotsolas air seo:
Anailís ESRI ar Leibhéal na Maoine Aonair



Sa bhliain 2025, choimisiúnaigh RTB an dara hAnailís ar Leibhéal na Maoine Aonair ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI). Rianaítear sna staidéir sin athruithe ar chíos le haghaidh maoine aonair le himeacht ama agus sainaithnítear iontu maoine inar breathnaíodh méadú cíosa a bhí os cionn na rialacha RPZ, rud a fheabhsaíonn ár dtuiscint ar dhinimic chíosa.

Cumhdaíodh an tréimhse ó ráithe 2 den bhliain 2024 go ráithe 1 den bhliain 2025 sa staidéar is déanaí agus léiríodh inti go raibh ról suntasach fós ag Criosanna Brú Cíosa (RPZanna) maidir le méaduithe cíosa a mhaolú ar leibhéal na maoine. Fuarthas amach ann nach raibh aon athrú ar chíos ó bhliain go bliain ann i gcás 62% de na maoine ar fad sa tír. B'ionann é sin agus méadú cúig phointe chéatadánacha, beagnach, i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Ba laistigh de RPZanna go háirithe a bhí an chobhsaíocht sin le feiceáil.

I gcodarsnacht leis sin, ba mhó seans go mbeadh ardú suntasach ar chíosanna ag maoine lasmuigh de RPZanna, agus méaduithe ab ionann agus 8% nó níos mó taifeadta sa chúigiú cuid de na maoine nach maoine RPZ iad.

Fuarthas an méid seo a leanas amach san anailís:

- Ba é 2.15% an meánfhás ar chíosanna ar leibhéal na maoine idir ráithe 2 den bhliain 2024 agus ráithe 1 den bhliain 2025 ar fud na maoine go léir ar fud na tíre. Ba laghdú é sin ó 2.7% bliain amháin roimhe sin.
- I gcás tionóntaí seilbhe, tháinig méadú 1.4% ar an meán ar chíosanna ar leibhéal na maoine ar fud na tíre sa bhliain suas go ráithe 1 den bhliain 2025. Maidir le maoine inar athraíodh an tionónta, tháinig méadú 3.7% ar an meán ar chíosanna ar leibhéal na maoine sa tréimhse.
- I gcás tionóntaí seilbhe, tháinig méadú níos moille ar chíosanna ar leibhéal na maoine in RPZanna ná mar a bhí amhlaidh i limistéir nach limistéir RPZ iad. Idir ráithe 2 den bhliain 2024 agus ráithe 1 den bhliain 2025, bhí an meánmhéadú bliantúil ar chíos mar a leanas:
  - 1.0% – 1.4% i mBaile Átha Cliath
  - 1.1% – 1.6% i ngach RPZ eile
  - 2.9% – 4.4% i limistéir nach limistéir RPZ iad
- Maidir le maoine ar tháinig athrú ar an tionónta iontu, ba dhíol spéise go raibh na meánmhéaduithe bliantúla ar chíos i mBaile Átha Cliath níos measartha ná mar a bhí siad in RPZanna eile agus i limistéir nach limistéir RPZ iad:
  - 1.7% – 2.7% i mBaile Átha Cliath
  - 3.6% – 5.2% i ngach RPZ eile
  - 11.6% – 15.9% i limistéir nach limistéir RPZ iad

Forbairt eagraíochta agus rialachas

Cuid 1

Ár bhfoireann

Ceapacháin nua

Ceapacháin nua

Sa bhliain 2025, neartaigh RTB a Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin le dhá cheapachán nua:

- Tháinig Paul Naughton isteach in RTB mar Leas-Stiúrthóir um Sheirbhísí Sonraí agus Teicneolaíocht i mí na Samhna 2025. Tháinig sé isteach in RTB ó Mater Private Network, áit ar fhóin sé mar Cheann Feidhmchlár Gnó.
- Ceapadh Saragh Fitzpatrick mar Leas-Stiúrthóir um Ghnóthaí Corparáideacha agus Rialachas sa bhliain 2025. Is cuntasóir cáilithe le ACCA í agus tháinig sí isteach in RTB ó Sheirbhís Thithe an Oireachtais, áit a raibh sí ar an bPríomhoifigeach Airgeadais.

Ceapacháin chuig an mbord

I mí an Mheithimh 2025, d'éirigh James Doorley as Bord RTB. I mí Mheán Fómhair, cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Mark McManus chuig an mBord ar feadh téarma trí bliana tar éis próiseas earcaíochta poiblí.


Tá Mark McManus ina Chuntasóir Cairte is Comhalta (FCA) ag a bhfuil breis agus 20 bliain de thaithí ar fud seirbhísí gairmiúla agus ar fud an tionscail. Bhí róil shinsearacha ceannaireachta teicneolaíochta aige le Aer Lingus, le Sandvik, le ICON Clinical, agus le KPMG, agus é i gceannas ar chlaochlú mórscála ar fud na gcóras néil, sonraí agus fiontraíochta. Faoi láthair, tá sé ina Bhainisteoir Cláir a sholáthraíonn mórthionscnaimh claochlaithe TF.

Ceapacháin sainbhall foirne

Ar aon dul lenár dtiomantas do sheirbhís do chustaiméirí a fheabhsú, reáchtáil RTB comórtas seachtrach chun earcú don sainról mar Cheann um Chláruithe agus Seirbhís do Chustaiméirí. Ceapadh Daniel Cotrim chuig an ról sa bhliain 2025, agus rinneadh ball dár bhFoireann Shinsearach Ceannaireachta de. Tháinig sé isteach san eagraíocht ó WhatsApp, áit a raibh sé ar an mBainisteoir Sinsearach um Oibríochtaí Domhanda.

Ag deireadh na bliana 2025, bhí 132 bhall foirne cheadaithe ag RTB, tar éis 31 bhall foirne nua a earcú le linn na bliana.

Ár struchtúr eagrúcháin



Tionscadal Claochlaithe RTB

Rinneamar tuilleadh dul chun cinn ar an Tionscadal Claochlaithe ar cuireadh tús leis sa bhliain 2024 chun ár Spriocshamhail Oibriúcháin nua a chur chun feidhme. Áiríodh leis sin:

- Chuireamar an chéad mhodúl de Chóras Faisnéise Acmhainní Daonna chun feidhme chun tacú le próisis pleanála fórsa saothair, le próisis tuairiscithe, agus le próisis bainistíochta daoine.
- Rinneamar earcaíocht i bpríomhréimsí, lenar áiríodh soláthar, bainistíocht díoltóirí, agus ábhar chun tacú le cumas na heagraíochta.
- Thugamar 12 bheartas nua acmhainní daonna, tionscnaimh oiliúna foirne agus an Suirbhé Work Positive ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta isteach chun tacú le rannpháirtíocht fostaithe agus le cultúr na heagraíochta.
- Rinneamar measúnú ar roghanna malartacha cóiríochta oifige chun aghaidh a thabhairt ar an gcumraíocht reatha ar fud roinnt stór chun tacú le comhoibriú níos fearr.

Forbairt eagraíochta agus rialachas

Cuid 2

Rialachas corparáideach

Rialachas corparáideach

Mar chomhlacht stáit, tá oibleagáidí reachtacha áirithe ar RTB. Sa rannán seo, tuairiscímid ar an gcaoi a gcomhlíonann RTB na ceanglais sin. Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar RTB freisin. Tá an tuarascáil iniúchóireachta iomlán ar áireamh i gcuid a dó den doiciméad seo.

An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Ghlac RTB an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Chuir Bord RTB próisis i bhfeidhm chun cultúr dea-rialachais agus dea-chinnteoireachta a chothú agus chun a chinntiú go gcomhlíonann ár n-oibríochtaí a cheanglais.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Tá RTB faoi réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus faoi réir an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. Comhlánaíonn comhaltaí Boird agus baill d'fhoireann ardbhainistíochta RTB ráitis faoi leasanna i gcomhréir le forálacha na nAchtanna. Iarrtar ar chomhaltaí an Bhoird aon choinbhleachtaí leasa a dhearbhú i dtús gach cruinnithe Boird. Tá nósanna imeachta againn chun nochtadh leanúnach leasanna a chinntiú freisin. Is Oifigeach Poiblí Ainmnithe faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, é Stiúrthóir RTB.

Éifeachtúlacht fuinnimh agus ráitis bheartais faoin gcomhshaol

Táimid tiomanta d'éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus d'úsáid fuinnimh a laghdú chun spriocanna na hearnála poiblí don bhliain 2030 a bhaint amach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh, le téamh agus leis an iompar a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030 agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50%.

Tá ag RTB Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ina mionsonraítear conas a chomhlíonfaimid ceanglais an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2022. Tuairiscímid go bliantúil trí Chóras Faireacháin agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar an dul chun cinn atá déanta againn maidir le húsáid fuinnimh a laghdú agus maidir le tionscnaimh ghlasa a chur chun cinn. Léirítear sna figiúirí is déanaí atá ar fáil againn gur úsáid RTB 25,409 gcileagram de CO_2 sa bhliain 2025. Is laghdú 56% é sin i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2024.

Íocaíochtaí prasa

Bhunaigh RTB nósanna imeachta chun a chinntiú go ndéanaimid íocaíochtaí de réir an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, agus de réir na Rialachán um Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála, 2022. Níor íoc RTB aon ús ná aon phionóis a bhain le sonraisc a íocadh go déanach sa bhliain 2025. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag RTB freisin chun a chinntiú go gcloímid leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

Cánachas

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag RTB chun a chinntiú go gcomhlíonaimid na hoibleagáidí atá orainn faoin dlí cánachais agus go n-íoctar gach dliteanas cánach ar a ndátaí dlite nó rompu sin.

Folláine ag an obair

Tá RTB tiomanta do dhea-chothromaíocht oibre is saoil agus folláine a spreagadh i measc ár bhfoirne. Cistímid Clár Cúnaimh d'Fhostaithe don fhoireann. Tríd an gclár sin, is féidir leis an bhfoireann rochtain a fháil ar chomhairleoireacht agus ar fhaisnéis.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Bhunaigh RTB cainéil agus nósanna imeachta inmheánacha tuairiscithe agus déanann sé iad a chothabháil agus a oibriú chun tuairiscí a thabhairt faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta.

Caidreamh leis an Ombudsman

Sa bhliain 2025, rinne 30 custaiméir gearán faoi RTB leis an Ombudsman. Ba laghdú é sin ón 42 ghearán a rinneadh sa bhliain 2024. De na gearáin, tugadh aghaidh ar 29 gcinn agus réitíodh iad, agus tá ceann amháin fós gan réiteach.

Rialachas faisnéise

Tá aonad RTB um Rialachas Faisnéise freagrach as cosaint sonraí, as Saoráil Faisnéise, as bainistíocht taifead agus comhlíonadh taifead, as comhaontuithe comhroinnte sonraí le heagraíochtaí eile earnála poiblí, as sonraí oscailte, agus as an gcaoi a gcloíonn RTB le ceanglais na Cartlainne Náisiúnta. Tá ag RTB Grúpa Stiúrtha um Rialachas Faisnéise a dhéanann formhaoirseacht ar an gcaoi a gcloítear le beartais ghaolmhara. Tá líonra maoirseoirí faisnéise againn ar fud na heagraíochta freisin, atá freagrach as tacú leis an dea-chleachtas ina n-aonaid ghnó, le tacaíocht ón aonad gnó um Rialachas Faisnéise.

Cosaint Sonraí, agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Sa bhliain 2025, phróiseáil RTB 61 iarraidh ar rochtain d'ábhair sonraí. Ba mhéadú 49% é sin ar an bhfigiúr don bhliain 2024. Fuair RTB 11 iarraidh ar léirscriosadh sonraí agus trí iarraidh ar cheartú sonraí faoi RGCS. Thug RTB fógra don Choimisiún um Chosaint Sonraí faoi dhá theagmhas sáraithe sonraí. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag RTB chun na caighdeáin is airde maidir le cosaint sonraí a bhaint amach. Reáchtálann Oifigeach Cosanta Sonraí RTB oiliúint phearsanta in RGCS gach ráithe do gach ball foirne nua agus do chomhghleacaithe eile.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Phróiseáil RTB 114 iarraidh Saorála Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2025. Ba mhéadú 11% é sin ar an bhfigiúr don bhliain 2024. De na hiarrataí Saorála Faisnéise a fuarthas, bhain 57 gcinn le taifid neamhphearsanta, bhain 41 cheann le taifid phearsanta, agus bhain 16 cinn leis an dá rud. Sa bhliain 2025, d'fhoilsigh Oifig an Choimisinéara Faisnéise dhá bhreith i ndáil le RTB.

Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol

Ní bhfuaireamar aon iarrataí faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol anuraidh.

Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

Tá RTB tiomanta dár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Tá Oifigeach Gaeilge i bhfeidhm againn. Sa bhliain 2025, sheol RTB suíomh Gréasáin nua ar a bhfuil an t-inneachar ar fad aistrithe go Gaeilge, agus tá na foirmeacha uile ar fáil sa dá theanga. Sa bhliain 2025, chomhlíon ár bhfeachtais fógraíochta an ceanglas chun 20% den inneachar a fhoilsiú i nGaeilge, agus chun 5% de na catagóirí caiteachais fógraíochta go léir a chaitheamh ar na meáin Ghaeilge.

An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

Clár Ábhar

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	**34**
Freagrachtaí an Bhoird	34
Struchtúr an Bhoird	35
Coistí Boird	36
Sceideal Táillí, Freastal agus Caiteachais Comhaltaí Boird	38
An Coiste um Réiteach Díospóidí	41
Painéal Breithneoirí agus Idirghabhálaithe	42
Painéal Cinnteoirí	43
Athruithe Príomhphearsanra	43
An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)	43
Ráiteas faoi Chomhlíonadh	44
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	**45**
Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh	45
Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh	45
Príomhnósanna Imeachta Rialaithe	45
Creat Riosca agus Rialaithe	45
Struchtúr Eagrúcháin	47
Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach	49
Rialachas	50
Soláthar	50
Athbhreithniú ar Éifeachtacht	50
Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh	50
Ráitis Airgeadais	**52**
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	52
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim	55
Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach	56
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	57
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	58
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	59

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Bunaíodh Bord an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe ("RTB") faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 (arna leasú) ("an tAcht"). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gCuid 8 den Acht. Tá an Bord cuntasach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú in RTB. Comhlíonann an Bord an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha don eagraíocht a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach ní tábhachtach gnó.

Is ar Stiúrthóir RTB agus ar an bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin atá an fhreagracht as RTB a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Cloíonn an Stiúrthóir agus a foireann leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomh-shaincheisteanna na heagraíochta, ar na cineálacha cinntí a cheanglaítear ar an mBord a dhéanamh, agus ar na rioscaí suntasacha go léir atá roimh an eagraíocht. Gníomhaíonn Stiúrthóir RTB mar theagmhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta RTB, agus tá líne tuairiscithe aige/aici do Chathaoirleach an Bhoird.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach sna Téarmaí Tagartha agus Cód Iompair do Chomhaltaí Boird agus Coiste ón mBord agus i Sceideal na Nithe atá forchoimeádta go sonrach dá gcinneadh ag an mBord. Go ginearálta, cuimsítear iontu sin na feidhmeanna a dhílsítear don Bhord leis an Acht, cinntí rialachais amhail comhaltaí Coiste a cheapadh nó beartais agus príomhchinntí straitéiseacha agus airgeadais a cheadú, amhail pleananna a cheadú, nó acmhainní suntasacha a ghealladh, agus formhaoirseacht riosca a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí RTB.

Tá freagracht ar RTB as reachtaíocht agus beartas Rialtais a bhaineann leis an earnáil cíosa chónaithe a chur chun feidhme go díreach. Tá ról garbhreithiúnach agus rialála aige agus tá sé neamhspleách ina fheidhmeanna cinnteoireachta. Mar aon lena ghnáthchruinnithe Boird, tagann an Bord le chéile freisin chun breithniú a dhéanamh ar chinntí agus é ag comhlíonadh a róil gharbhreithiúnaigh.

Le linn na bliana 2025, tháinig an Bord le chéile 23 huaire (32 uair sa bhliain 2024), le haghaidh gnáthchruinnithe Boird agus chun a ról garbhreithiúnach a chomhlíonadh araon. Thionóil an Bord 12 ghnáthchruinniú Boird agus 11 chruinniú Díospóidí Boird. Áirítear na nithe seo a leanas leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord ag gach gnáthchruinniú Boird: dearbhuithe leasa ó chomhaltaí Boird, riosca, nithe airgeadais, tuarascáil ón Stiúrthóir, an t-eolas is deireanaí ó na haonaid ghnó, miontuairiscí cruinnithe, agus tuarascálacha Coiste.

Ceanglaítear le halt 177 den Acht ar an mBord na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus,
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag an am agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hailt 177 go 179 den Acht. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin RTB.

Tá an Bord freagrach as plean bliantúil gnó agus buiséad bliantúil RTB a cheadú agus as faireachán leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht. Ar fud na bliana 2025, rinne an Bord meastóireacht ar fheidhmíocht RTB i gcomparáid leis an mbuiséad, agus fuair sé tuarascálacha tráthrialta ón bhfoireann bainistíochta maidir le feidhmíocht i gcomparáid leis an bplean gnó. Cuireadh an toradh airgeadais deiridh don bhliain 2025 in iúl don Bhord ag an gcruinniú dá chuid an 23 Márta 2026.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais RTB ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe ag an 31 Nollaig 2025.

Struchtúr an Bhoird

Cuimsíonn an Bord cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, a gceapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta gach duine díobh. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhsí éagsúla, agus tagann siad le chéile ar bhonn tráthrialta. Ceapadh comhalta nua amháin chuig an mBord sa bhliain 2025.

Sa bhliain 2025, d'éirigh James Doorley, comhalta Boird, as an mBord an 03 Meitheamh 2025. D'éirigh Owen Keegan as an ról mar Chathaoirleach an Bhoird an 11 Meitheamh 2026.

Cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Mark McManus chuig an mBord le héifeacht ón 08 Meán Fómhair 2025 go dtí an 07 Meán Fómhair 2028, agus ceapadh é mar Chathaoirleach eatramhach ón 25 Meitheamh 2026 go dtí an 25 Nollaig 2026.

Sa tábla ar an gcéad leathanach eile, tugtar mionsonraí faoin bhfaisnéis ceapacháin do chomhaltaí Boird le linn na bliana 2025.

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí seisear comhaltaí den inscne bhaineann agus seisear comhaltaí den inscne fhireann ag an mBord. Dá bhrí sin, comhlíonann an Bord an sprioc atá ag an Rialtas go mbeadh an dá inscne freagrach as 40% ar a laghad den chomhaltas de Bhoird Stáit.

Tá na bearta seo a leanas beartaithe chun cothromaíocht inscne ar an mBord a chothabháil agus chun tacú léi:

- Tarraingeofar aird an Aire ar an sprioc atá ag an Rialtas ionadaíocht 40% a bhaint amach do gach inscne i gcomhaltas na mBord Stáit go léir nuair a dhéanfar aighneachtaí maidir le ceapachán agus athcheapachán chuig an mBord.
- Tarraingeofar aird an Aire freisin ar chomhdhéanamh inscne reatha an Bhoird nuair a dhéanfar aighneachtaí maidir le ceapacháin agus athcheapacháin chuig an mBord.

Ainm	Cineál Comhaltais	Téarma
Owen Keegan	Cathaoirleach	01 Samhain 2024 - 31 Deireadh Fómhair 2029 D'éirigh an comhalta seo as an ról an 11 Meitheamh 2026
Mark McManus	Comhalta Boird, Cathaoirleach Eatramhach	08 Meán Fómhair 2025 - 07 Meán Fómhair 2028 25 Meitheamh 2026 - 25 Nollaig 2026
Yvonne Harris	Comhalta Boird	01 Samhain 2024 - 31 Deireadh Fómhair 2029
Brendan Foster	Comhalta Boird	1 Samhain 2024 - 31 Deireadh Fómhair 2028
Gemma Barrett	Comhalta Boird	1 Samhain 2024 - 31 Deireadh Fómhair 2028
Paddy Gray	Comhalta Boird	01 Iúil 2017 - 31 Iúil 2021 31 Iúil 2021 - 30 Iúil 2026
Julia Carmichael	Comhalta Boird	01 Nollaig 2017 - 30 Samhain 2022 01 Nollaig 2022 - 30 Samhain 2027
Audry Deane	Comhalta Boird	23 Aibreán 2018 - 22 Aibreán 2021 23 Aibreán 2021 - 22 Aibreán 2026
James Doorley	Comhalta Boird	23 Aibreán 2018 - 22 Aibreán 2021 23 Aibreán 2021 - 22 Aibreán 2026 D'éirigh an comhalta seo as an ról an 03 Meitheamh 2025
Patricia O'Sullivan Lacy	Comhalta Boird	22 Iúil 2019 - 21 Iúil 2023 22 Iúil 2023 - 21 Iúil 2027
Colin Potts	Comhalta Boird	22 Iúil 2019 - 21 Iúil 2023 22 Iúil 2023 - 21 Iúil 2027
Paul Dunne	Comhalta Boird	07 Feabhra 2022 - 06 Feabhra 2027
Sheila O'Riordan	Comhalta Boird	07 Feabhra 2022 - 06 Feabhra 2027

Coistí Boird

Faigheann an Bord cúnamh ina ról formhaoirseachta ó roinnt Coistí Boird atá comhdhéanta de chomhaltaí Boird agus de chomhaltaí seachtracha a bhfuil saineolas ábhair acu ar na réimsí freagrachta faoi seach de chuid na gCoistí. Cuireann an Bord de chúram ar na Coistí sin breithniú cuimsitheach a dhéanamh ar nithe áirithe, agus tugann siad comhairle chun cabhrú le cinnteoireacht an Bhoird. Scaiptear na miontuairiscí ar chruinnithe Coistí Boird ar an mBord chun é a choinneáil ar an eolas faoina gcuid oibre.

Chun éifeachtacht leanúnach agus ailíniú leanúnach lena dtéarmaí tagartha a chinntiú, déanann an Bord athbhreithniú tréimhsiúil ar a choistí. Mar thoradh ar an athbhreithniú a rinneadh i mí na Nollag 2024, rinneadh athruithe ar chomhaltas na gcoistí agus rinneadh mór-athstruchtúrú ar an gcreat coistí.

Sa bhliain 2025, bhí na Coistí Boird seo a leanas i bhfeidhm ag an mBord:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Coiste Rialachais TFC
- An Coiste um Thaighde, Reachtaíocht, Straitéis agus Feidhmíocht
- Binse Cíosa RTB
- Coiste Alt 189

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Cuimsíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ("ARC") triúr comhaltaí Boird ar a laghad agus beirt chomhaltaí sheachtracha ar a laghad a bhfuil scileanna agus taithí feidhmiúcháin acu i mbainistíocht riosca, i rialachas, agus in airgeadas. Thionóil an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca 11 chruinniú sa bhliain 2025. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord tar éis gach cruinnithe. An 31 Iúil 2025, d'éirigh Catherine Comer, comhalta seachtrach, as an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. D'éirigh James Doorley, comhalta Boird, as an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 03 Feabhra 2025.

Chuaigh an dara téarma de chuid Colin Potts, comhalta Boird, in éag an 03 Deireadh Fómhair 2025, agus ceapadh Audry Deane an 24 Meán Fómhair 2025.

Amhail an 31 Nollaig 2025, ba iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ná Paul Dunne (Cathaoirleach), Brendan Foster, Audry Deane, comhaltaí Boird, agus Catherine Comer agus Colette Byrne, comhaltaí seachtracha.

Comhalta Coiste	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Cruinnithe a Tionóladh	**11**
Paul Dunne – Bord (A ceapadh mar Chathaoirleach an 9 Feabhra 2023 agus ar tháinig a théarma chun deiridh an 19 Meitheamh 2026)	10
Colin Potts – Bord (A ceapadh an 4 Deireadh Fómhair 2019)	8
James Doorley – Bord (A ceapadh an 14 Meán Fómhair 2023 agus a d'éirigh as an 03 Feabhra 2025)	0
Brendan Foster (A ceapadh an 19 Nollaig 2024 agus a ceapadh mar Chathaoirleach an 19 Meitheamh 2026)	11
Audry Deane (A ceapadh an 24 Meán Fómhair 2025)	1
Catherine Comer – Seachtrach	4
Colette Byrne – Seachtrach (A ceapadh an 6 Samhain 2025)	0
**Owen Keegan	11

** D'fhreastail an duine seo ar chruinnithe de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca mar aoi.

An Coiste um Thaighde, Reachtaíocht, Straitéis agus Feidhmíocht

Bhunaigh an Bord an Coiste um Thaighde, Reachtaíocht, Straitéis agus Feidhmíocht an 21 Samhain 2024 chun formhaoirseacht agus dearbhú a thabhairt do RTB. Tugann an Coiste comhairle maidir le gníomhaíochtaí taighde agus sonraí RTB, athbhreithníonn sé athruithe reachtacha beartaithe, déanann sé formhaoirseacht ar Ráiteas Straitéise RTB agus ar Phleananna Gnó bliantúla RTB, agus déanann sé faireachán ar fheidhmíocht eagraíochtúil trí phríomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt agus a rianú.

Tháinig an Coiste le chéile trí huaire sa bhliain 2025. Ba iad comhaltaí an Choiste amhail an 31 Nollaig 2025 ná Paddy Gray (Cathaoirleach), Julia Carmichael, Sheila O'Riordan, Patricia O'Sullivan Lacy, agus Audry Deane, comhaltaí Boird. D'éirigh James Doorley, comhalta Boird, as an gCoiste um Thaighde, Reachtaíocht, Straitéis agus Feidhmíocht an 03 Meitheamh 2025.

Comhalta Coiste	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Cruinnithe a Tionóladh	**3**
Paddy Gray (A ceapadh an 19 Nollaig 2024)	3
Julia Carmichael (A ceapadh an 19 Nollaig 2024)	1
Sheila O'Riordan (A ceapadh an 06 Feabhra 2025)	2
Patricia O'Sullivan Lacy (A ceapadh an 19 Nollaig 2024)	3
Audry Deane (A ceapadh an 06 Feabhra 2025)	2
James Doorley (A ceapadh an 06 Feabhra 2025 agus a d'éirigh as an 03 Meitheamh 2025)	0
**Owen Keegan	3
**Gemma Barrett	1

** D'fhreastail an duine seo ar chruinnithe de chuid an Choiste um Thaighde, Reachtaíocht, Straitéis agus Feidhmíocht mar aoi.

An Coiste Rialachais TFC

Soláthraíonn an Coiste formhaoirseacht agus treoir don Bhord maidir le gach ní a bhaineann le TFC ar fud RTB, lena n-áirítear bainistíocht riosca, bainistíocht faisnéise agus teicneolaíochta, agus cibearshlándáil. Déanann sé formhaoirseacht ar oibriú agus éifeachtacht seirbhísí agus caiteachais TFC, agus tacaíonn sé le caighdeáin TFC agus caighdeáin rialachais sonraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tháinig an Coiste le chéile naoi n-uaire sa bhliain 2025. Ba iad comhaltaí an Choiste amhail an 31 Nollaig 2025 ná Gemma Barrett (Cathaoirleach), Paul Dunne, Colin Potts, Yvonne Harris, comhaltaí Boird, agus Mihai Bilauca agus Brian Curtis, comhaltaí seachtracha.

Comhalta Coiste	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Cruinnithe a Tionóladh	**9**
Paul Dunne – Bord (A ceapadh an 12 Eanáir 2023)	8
Colin Potts – Bord (A ceapadh an 16 Bealtaine 2024)	7
Gemma Barrett – Bord (A ceapadh an 19 Nollaig 2024)	8
Yvonne Harris – Bord (A ceapadh an 19 Nollaig 2024)	6
Mihai Bilauca – Seachtrach	5
Brian Curtis – Seachtrach (Seachtrach)	7
**Owen Keegan	7

**D'fhreastail an duine seo ar chruinnithe de chuid an Choiste Rialachais TFC mar aoi.

Binse Cíosa RTB

Bunaíodh an Binse Cíosa sa bhliain 1983 chun cinneadh a dhéanamh ar chíos agus ar théarmaí eile tionóntachta le haghaidh teaghaisí áirithe a bhíodh faoi rialú cíosa roimhe sin faoi na hAchtanna Srianta Cíosa (1960 – 1981). Sa bhliain 2016, dhíscaoil an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Binse Cíosa, agus aistríodh a fheidhmeanna chuig RTB faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 (arna leasú). Tá Binse Cíosa RTB comhdhéanta de gach comhalta Boird ar fud a dtionachta mar chomhaltaí de Bhord RTB, agus ní thagann sé le chéile ach de réir mar is gá. Níor tháinig Binse Cíosa RTB le chéile sa bhliain 2025.

Coiste Alt 189

Tá Coiste Alt 189 comhdhéanta de gach comhalta Boird ar fud a dtionachta mar chomhaltaí de Bhord RTB. Ní thagann sé le chéile ach amháin de réir mar a éilítear le himthosca a fhorordaítear in alt 189 den Acht chun a bhreithniú an ndéanfaidh sé iarratas chuig na Cúirteanna ar fhaoiseamh idirbhreitheach i gcásanna ina líomhnaítear go ndearna tiarnaí talún díbirt neamhdhleathach. Níor tháinig Coiste Alt 189 de chuid RTB le chéile sa bhliain 2025.

Sceideal Táillí, Freastal agus Caiteachais Comhaltaí Boird

Le linn na bliana 2025, íocadh €132,773 (2024: €106,558) le comhaltaí Boird as freastal ar chruinnithe. Áirítear leis an tsuim sin táillí as freastal ar chruinnithe Boird agus Coiste, as páirt a ghlacadh in imeachtaí oiliúna agus in agallaimh, agus as a ndualgais mar chomhaltaí den Bhord a chomhlíonadh. Is iad an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a shocraíonn na táillí. Tá an bonn táillí atá i bhfeidhm ón 1 Iúil 2023 i leith leagtha amach sa tábla thíos. Tá na táillí faoi réir páirt a bheith á glacadh ag comhaltaí Boird i gcruinnithe breise ina bhfeidhmíonn an Bord a chumhachtaí faoin Acht maidir lena ról garbhreithiúnach.

Sceideal Táillí Comhaltaí Boird	Cathaoirleach	Comhalta
Suim bhliantúil as obair Bhoird agus as freastal ar chruinnithe Boird agus Coistí Boird	€11,970	€7,695
Suim bhliantúil as cruinnithe ina bhfeidhmíonn an Bord a chumhachtaí faoin Acht maidir lena ról garbhreithiúnach	€4,708	€3,540

Leagtar amach sna táblaí thíos agus ar an gcéad leathanach eile táillí agus caiteachais na gcomhaltaí Boird a íocadh don bhliain 2025 agus freastal na gcomhaltaí Boird ar chruinnithe sa bhliain.

Táillí agus Caiteachais Comhaltaí Boird, 2025

Comhalta Boird	Obair Bhoird	Taisteal agus Cothú	Iomlán (Táillí agus Caiteachais)
Owen Keegan	€16,678	€0	€16,678
Paul Dunne	€11,235	€221	€11,456
Paddy Gray	€11,235	€1,733	€12,968
Julia Carmichael	€5,618	€0	€5,618
Audry Deane	€11,235	€57	€11,292
James Doorley	€5,618	€0	€5,618
Patricia O'Sullivan Lacy	€11,235	€149	€11,384
Colin Potts	€11,235	€0	€11,235
Sheila O'Riordan	€11,235	€2,191	€13,426
Yvonne Harris	€11,235	€0	€11,235
Gemma Barrett	€11,235	€18	€11,253
Brendan Foster	€11,235	€0	€11,235
Mark McManus	€3,744	€0	€3,744
Iomlán	**€132,773**	**€4,369**	**€137,142**

De bhreis ar na táillí Boird agus na caiteachais taistil agus chothaithe thuas, aisíocadh €196 le Gemma Barrett i ndáil le cúrsa oiliúna ar fhreastail sí air. I gcomhréir le treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, aisíocadh €4,369 san iomlán le comhaltaí Boird i ndáil le caiteachais taistil agus chothaithe a tabhaíodh as freastal ar chruinnithe agus ar oiliúint.

Freastal na gComhaltaí Boird ar Chruinnithe sa bhliain 2025

Comhalta Boird	Cruinniú Boird	Cruinniú Díospóidí an Bhoird	An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	An Coiste um Thaighde, Reachtaíocht, Straitéis agus Feidhmíocht	An Coiste Rialachais TFC
Cruinnithe a Tionóladh	**12**	**11**	**11**	**3**	**9**
Owen Keegan	12	11	*11	*3	*7
Paul Dunne	10	9	10		8
Paddy Gray	9	10		3	
Julia Carmichael	10	5		1	
Audry Deane	11	8	1	2	
James Doorley*	3	3		0	
Patricia O'Sullivan Lacy	10	10		3	
Colin Potts	9	8	8		7
Sheila O'Riordan	11	10		2	
Yvonne Harris	11	10			6
Gemma Barrett*	11	10		*1	8
Brendan Foster	11	10	11		
Mark McManus	4	3			

* Tugtar le fios le réiltín go raibh comhalta den Bhord ina c(h)omhalta de Choiste amháin nó níos mó ar feadh cuid den bhliain nó gur fhreastail sé/sí mar aoi ar an gcoiste

An Coiste um Réiteach Díospóidí

Is é an Coiste um Réiteach Díospóidí an painéal óna dtarraingítear comhaltaí na mBinsí Tionóntachta triúir. Ós rud é nach bhféadfar achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí Binse ach amháin ar phonc dlí chuig an Ard-Chúirt, cuireann comhaltaí an Choiste um Réiteach Díospóidí feidhm thábhachtach gharbhreithiúnach i gcrích. Éisteadh 716 Achomharc Binse sa bhliain 2025. Is gnách go leithdháiltear éisteachtaí ar na comhaltaí atá ar fáil ar an bpainéal le sceidealóir uathoibríoch, agus féadfaidh siad glacadh leis an éisteacht nó diúltú di. Íoctar comhaltaí Binsí ar sceideal táillí lena gcumhdaítear a bhfreastal ar éisteachtaí agus scríbhneoireacht tuarascálacha agus atá idir €331 agus €1,195, ag brath ar cháil freastail an chomhalta Binse (Cathaoirleach nó comhalta) agus ar cé acu a chuaigh an Binse ar aghaidh, a cuireadh ar atráth é, nó a tarraingíodh siar é. Léirítear sa tábla thíos na híocaíochtaí le comhaltaí Binsí don bhliain 2025.

Táillí Comhaltaí Binsí, 2025

Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Andrew Nugent	€39,660	€392	€40,052
Anne Leech	€42,198	€588	€42,786
Brian Murray	€35,402	€392	€35,794
Ciara Doyle	€57,055	€588	€57,643
Dairine Mac Fadden	€53,812	€588	€54,400
Dervla Quinn	€67,223	€392	€67,615
Eoin Byrne	€57,375	€392	€57,767
Finian Matthews	€55,011	€588	€55,599
Fintan McNamara	€32,490	€196	€32,686
Healy Hynes	€76,680	€588	€77,268
Helen Claire O'Hanlon	€56,511	€196	€56,707
Hugh Markey	€44,755	€588	€45,343
James Egan	€45,811	€588	€46,399
John Keane	€34,585	€588	€35,173
John Keaney	€53,941	€392	€54,333
Karen Ruddy	€62,492	€588	€63,080
Louise Moloney	€48,668	€392	€49,060
Mary Doyle	€41,559	€588	€42,147
Maureen Cronin	€51,750	€784	€52,534
Michael Vallely	€47,927	€588	€48,515
Michelle O'Gorman	€99,188	€784	€99,972
Nesta Kelly	€0	€196	€196
Peter Shanley	€47,013	€392	€47,505
Rosemary Healy Rae	€36,985	€392	€37,377
Suzy Quirke	€56,636	€588	€57,224
Iomlán	**€1,244,727**	**€12,348**	**€1,257,075**

Painéal Breithneoirí agus Idirghabhálaithe

Feidhm thábhachtach de chuid RTB is ea seirbhís um réiteach díospóidí a sholáthar do thiarnaí talún, do thionóntaí, agus do thríú páirtithe. Chun neamhchlaontacht a chinntiú sa phróiseas um réiteach díospóidí, ceaptar na breithneoirí agus na hidirghabhálaithe ar ár bpainéal go neamhspleách, agus comhlíonann siad a bhfeidhmeanna i gcáil neamhspleách. Íoctar táille chomhréidh €616 in aghaidh an lae le breithneoirí as trí éisteacht, nó íoctar €616 leo as trí idirghabháil teileafóin. Leithdháiltear éisteachtaí ar na comhaltaí atá ar fáil ar an bpainéal le sceidealóir uathoibríoch, agus féadfaidh siad glacadh leis an éisteacht nó diúltú di. Léirítear sa tábla thíos na híocaíochtaí a rinneadh le Breithneoirí/Idirghabhálaithe don bhliain 2025.

Táillí Breithneoirí/Idirghabhálaithe, 2025

Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Anne Marie Giblin	€46,200	€588	€46,788
Avril O'Meara	€15,400	€196	€15,596
Brian Whelan	€616	€0	€616
Cathrina Keville	€24,024	€588	€24,612
Ciaran Joyce	€60,984	€588	€61,572
David Duncan	€44,352	€588	€44,940
David McParland	€40,656	€392	€41,048
Donald Menzies	€57,288	€588	€57,876
Emma Barry	€33,880	€588	€34,468
Emma Foley	€3,080	€196	€3,276
Emma Slattery	€0	€196	€196
Fiona Walsh	€33,264	€392	€33,656
Frank Brady	€41,888	€588	€42,476
Georgina Farren	€31,416	€588	€32,004
Grainne Quinn	€616	€392	€1,008
John Noonan	€46,200	€196	€46,396
Louise Beirne	€1,848	€196	€2,044
Mark Kane	€74,536	€588	€75,124
Mema Byrne	€0	€196	€196
Michael MacNamee	€19,096	€588	€19,684
Niamh O'Doherty	€53,822	€784	€54,606
Sarah Brophy	€18,480	€392	€18,872
Shaun Smyth	€44,968	€588	€45,556
Sinéad Fitzpatrick	€25,256	€588	€25,844
Steven Dixon	€46,200	€588	€46,788
Susan Appelbe	€49,280	€392	€49,672
Thomas Dowling	€0	€392	€392
Úna Ní Chatháin	€43,736	€588	€44,324
Ursula Condon Flynn	€36,960	€392	€37,352
Iomlán	**€894,046**	**€12,936**	**€906,982**

Painéal Cinnteoirí

Mar chuid dá fheidhm rialála, tá cumhachtaí ag RTB chun imscrúdú a dhéanamh ar thiarnaí talún a dhéanann sáruithe áirithe ar an dlí cíosa a dtugtar iompar míchuí orthu, agus smachtbhannaí a ghearradh orthu ina leith. Cinneann an painéal Cinnteoirí, bunaithe ar thorthaí an phróisis imscrúdaithe, ar tharla iompar míchuí agus suim aon smachtbhanna. Má chinntear go ndearna tiarna talún iompar míchuí, féadfar smachtbhanna a chur i bhfeidhm, is é sin rabhadh i scríbhinn agus/nó fíneáil suas le €15,000 agus costais suas le €15,000 freisin. Is gairmithe neamhspleácha dlí iad na Cinnteoirí agus comhlíonann siad a bhfeidhm i gcáil neamhspleách. Ní mór cinntí na gCinnteoirí a dheimhniú sa Chúirt Chuarda. Íoctar táille chomhréidh €340 in aghaidh an chinnidh le cinnteoirí agus íoctar €340 in aghaidh an lae leo más gá dóibh freastal ar an gCúirt. Tá na táillí a íocadh don bhliain 2025 leagtha amach thíos.

Táillí Cinnteoirí, 2025

Ainm	Táillí	Oiliúint	Iomlán
Angela Becker	€12,580	€0	€12,580
Cynthia Lennon	€6,460	€0	€6,460
Margaret Browne	€12,920	€0	€12,920
Susan Ahern	€9,520	€0	€9,520
Iomlán	**€41,480**	**€0**	**€41,480**

Athruithe Príomhphearsanra

Chuaigh Pádraig McGoldrick i mbun a róil mar Leas-Stiúrthóir eatramhach an 6 Lúnasa 2024 go dtí an 9 Eanáir 2026, agus chuaigh Claire Diggin i mbun a róil mar Leas-Stiúrthóir eatramhach an 19 Lúnasa 2024 go dtí an 18 Feabhra 2025. Ceapadh Paul Naughton mar Leas-Stiúrthóir um Sheirbhísí Sonraí agus Teicneolaíocht agus chuaigh sé i mbun a róil an 11 Samhain 2025. Ceapadh Saragh Fitzpatrick mar Leas-Stiúrthóir um Ghnóthaí Corparáideacha agus Rialachas agus chuaigh sí i mbun a róil an 12 Eanáir 2026.

An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon RTB ceanglais Chód 2016 arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas le Cód 2016:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Íocadh sochair ghearrthéarmacha le 38 mball foirne ar fiú níos mó ná €60,000 an ceann iad le linn na bliana 2025. Déantar anailís ar na híocaíochtaí sin i Nóta 5a de Ráitis Airgeadais RTB don bhliain 2025. Chun críocha an nochta sin, áirítear iad seo a leanas le sochair ghearrthéarmacha fostaithe sa bhliain 2025: tuarastal; ragobair; agus íocaíochtaí eile a rinneadh leis na fostaithe. Ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo, áfach.

Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe gnó.

Comhairleacht	2025	2025
Comhairle Dlí	€87,672	€207,583
Soláthar	€144,527	€54,381
Airgeadas	€73,324	€0
Caidreamh Poiblí agus Margaíocht	€173,253	€0
Eile	€126,296	€938
Iomlán	**€605,072**	**€262,902**

Níor caipitlíodh aon chostais chomhairleachta sa bhliain 2025 ná sa bhliain 2024.

Costais agus Socraíochtaí Dlí

Sa tábla thíos, tugtar miondealú ar shuimeanna a catagóiríodh i gCód 2016 mar chostais agus socraíochtaí dlí sa bhliain 2025. Is í an phríomhchúis le costais dlí do RTB ná a fheidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh, lena n-áirítear díospóidí idir tiarnaí talún agus tionóntaí a réiteach, dlíthíocht i gcás gur gá chun Orduithe Cinnidh ó RTB a fhorfheidhmiú nó chun cinneadh ó RTB a dheimhniú, agus ionchúiseamh i gcás tionóntachtaí neamhchláraithe. Áirítear leis an tábla sin freisin costais dlí a tabhaíodh i gcomhlíonadh reachtaíochta eile, lena n-áirítear cosaint sonraí, an dlí fostaíochta, agus saoráil faisnéise, agus i ngnáthreáchtáil laethúil na heagraíochta. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil leis an gcomhairle dlí ghinearálta a fuair RTB. Tá an caiteachas sin nochta sna costais Chomhairleachta thuas, mar a cheanglaítear le Cód 2016.

Costais agus Socraíochtaí Dlí*	2025	2024
Athbhreithniú Breithiúnach	€22,289	€0
Forfheidhmiú	€823,379	€838,042
Socraíochtaí Dlí	€483,301	€40,917
Achomhairc Chúirte	€280,297	€194,869
Riarachán Ginearálta	€215,239	€312,147
Tacaíocht Eile Dlí	€290,724	€386,257
Iomlán	**€2,115,229**	**€1,772,232**

*baineann na figiúirí sa tábla thuas le costais dlí sa bhliain agus cumhdaítear leo fabhruithe agus íocaíochtaí araon

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe leagtha amach thíos.

Taisteal agus Cothú	2025	2024
Foireann RTB	€16,246	€4,467
Comhaltaí Boird	€4,369	€4,322
Comhaltaí Binsí	€1,464	€2,985
Iomlán	**€22,079**	**€11,774**

Maidir leis an tsuim taistil agus cothaithe don bhliain reatha d'fhoireann RTB, ní bhaineann aon chuid di le taisteal thar lear (2024: €0). Ní raibh aon taisteal thar lear ann do chomhaltaí Boird ná do chomhaltaí Binsí i gceachtar den dá bhliain. Íocadh an caiteachas taistil agus cothaithe ar fad i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.


Caiteachas Fáilteachais

Áirítear le caiteachas fáilteachais sólaistí a chuirtear ar fáil le haghaidh seisiúin faisnéise a óstálann RTB i gcomhlíonadh a shainordaithe chun imeachtaí oideachais agus feasachta a sholáthar do gheallsealbhóirí. Catagóirítear caiteachas fáilteachais thíos.


Caiteachas Fáilteachais	2025	2024
Foireann	€4,342	€18,432
Imeachtaí Oideachais agus Feasachta Geallsealbhóirí	€504	€6,436
Iomlán	**€4,846**	**€24,868**

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Rinne an lucht bainistíochta an-chuid oibre le linn na bliana 2025 chun comhlíonadh Chód 2016 a bhaint amach. Rinneadh an obair sin faoi fhormhaoirseacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a admhaíonn na hiarrachtaí a rinneadh le linn na bliana agus ar deimhin leis go raibh an eagraíocht ag comhlíonadh Chód 2016 ag deireadh na bliana 2025.



Rosemary Steen
Stiúrthóir
Dáta: 20 Iúil 2026



Mark McManus
Cathaoirleach Eatramhach
Dáta: 20 Iúil 2026

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann Chathaoirleach an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe ("RTB"), aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Le linn dó éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a bhreithniú, bíonn aird ag an mBord, i measc nithe eile, ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), dá ngairtear "Cód 2016" anseo feasta, agus ar aon cheanglais rialála nó reachtacha ghaolmhara.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha comhaontaithe ar aon dul le Beartas Bainistíochta Riosca na heagraíochta, seachas deireadh a chur leis. Ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

An córas rialaithe inmheánaigh atá leagtha amach sa ráiteas seo, rud atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, bhí sé i bhfeidhm in RTB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

Tá Bord RTB freagrach as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag RTB. Faigheann an Bord cúnamh ina chuid oibre ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhí, ag deireadh na bliana 2025, comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird agus de chomhalta seachtrach amháin, agus bhí folúntas comhaltais sheachtraigh amháin ann. Tugann an Coiste comhairle don Bhord maidir le riosca, le rialú inmheánach agus le rialachas, agus faigheann sé tacaíocht ón bhfoireann feidhmiúcháin. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 11 uair sa bhliain 2025.

Tá údarás feidhmiúcháin tarmligthe ag an mBord chuig an Stiúrthóir, a dhéanann, in éineacht leis an bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin, rioscaí RTB a bhainistiú agus tuairisc a thabhairt don Bhord ar rioscaí agus ar bhainistíocht riosca.

Tá ag RTB feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí a soláthraíonn gnólacht atá conraithe go neamhspleách í. D'fhorbair an gnólacht iniúchóireachta plean iniúchóireachta bliana agus plean iniúchóireachta trí bliana faoi threoir an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus le hionchur ón lucht bainistíochta Feidhmiúcháin. Cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na hiniúchtaí inmheánacha don bhliain 2025 le linn a chruinnithe an 21 Samhain 2024. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar raon feidhme soláthair na nIniúchóirí Inmheánacha i gcomparáid leis an bplean iniúchóireachta, agus rinne sé athbhreithniú ar an bplean iniúchóireachta ar fud na bliana. Rinne an Bord athruithe ar an bplean iniúchóireachta, de réir mar ba ghá, bunaithe ar mholtaí ón gCoiste.

Tá ag RTB Coiste Rialachais TFC a tháinig le chéile naoi n-uaire le linn na bliana 2025 chun athbhreithniú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcur chuige feidhmiúcháin i leith córais dhigiteacha agus sonraí RTB a fhorbairt agus a bhainistiú. Tuairiscíonn Coiste Rialachais TFC an Bhoird don Bhord ag gach cruinniú de chuid an Bhoird.

Creat Riosca agus Rialaithe

Bainistíocht Riosca

Leagtar amach i mBeartas Bainistíochta Riosca RTB na prionsabail, na cleachtais, agus na nósanna imeachta lena dtreoraítear bainistíocht riosca laistigh den eagraíocht, lena n-áirítear a cuspóirí, a freagrachtaí, agus a próisis riosca.

Tá an Beartas sin deartha chun tacú le faireachán leanúnach, athbhreithniú leanúnach agus bainistiú leanúnach a dhéanamh ar rioscaí, agus forbraíodh é faoi threoir Chód 2016. Leis an mbeartas sin, leagtar amach conas a chomhlíontar cuspóirí bainistíochta riosca agus soláthraítear trédhearcacht don Bhord agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir leis na próisis atá i bhfeidhm chun rioscaí eagraíochtúla a bhainistiú.

Ráiteas RTB faoi Fhonn Riosca

Cheadaigh RTB Ráiteas nuashonraithe faoi Fhonn Riosca i mí na Bealtaine 2025. Soláthraítear treoir shoiléir i Ráiteas RTB faoi Fhonn Riosca maidir le cinnteoireacht agus bainistíocht riosca ar fud gach leibhéil den eagraíocht, rud a thacaíonn le cultúr cuntasachta, trédhearcachta, agus athléimneachta. Déantar athbhreithniú air chun a chinntiú go léirítear ann athruithe ar ár dtimpeallacht oibriúcháin, ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha, agus ar ionchais ár ngeallsealbhóirí, rud a chuireann ar chumas na heagraíochta bheith sofhreagrúil agus freagrúil i gcónaí do dhúshláin agus deiseanna atá ag teacht chun cinn.

Clár Rioscaí

Coimeádann RTB Clár Rioscaí Fiontraíochta ina léirítear na rioscaí tosaíochta atá roimh an eagraíocht. Feidhmíonn an clár mar uirlis úsáideach don Bhord, don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, don Stiúrthóir agus don lucht bainistíochta chun príomhrioscaí a mbíonn tionchar acu ar chuspóirí agus feidhmíocht na heagraíochta a rianú agus a bhainistiú.

Sa chlár rioscaí fiontraíochta, sainaithnítear na príomhrioscaí, déantar iad a mheas trí úsáid a bhaint as córas scórála rioscabhunaithe, agus sainaithnítear na rialuithe atá i bhfeidhm agus na gníomhartha is gá chun na rioscaí a laghdú nó chun a dtionchar a mhaolú. Ullmhaíonn an lucht bainistíochta an clár agus athbhreithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord é. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gclár cúig huaire agus cuireadh Bainistíocht Riosca ar chlár oibre an Bhoird cúig huaire sa bhliain 2025.

Clár Rioscaí Rannáin

Le linn na bliana 2025, d'fhorbair RTB Clár Rioscaí Rannáin do gach aonad gnó den eagraíocht, inar sainaithníodh na príomhrioscaí laistigh de gach réimse agus na méadrachtaí gaolmhara a bhí ailínithe le Ráiteas RTB faoi Fhonn Riosca. Cuireadh ceardlanna ar siúl lenár gcomhairleoir riosca seachtrach, in éineacht le baill den Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin (Leas-Stiúrthóirí) agus den Fhoireann Ardbhainistíochta (Cinn Aonaid Gnó), chun tacú leis an obair sin.

Tá gach ceann aonaid gnó freagrach as a gClár Rioscaí Rannáin a chothabháil. Chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí nua nó rioscaí atá ag teacht chun cinn a ghabháil go pras, ní mór do bhaill foirne aon rioscaí den sórt sin a thuairisciú do cheann an aonaid gnó ionas gur féidir iad a chur leis an gclár iomchuí agus gur féidir iad a bhainistiú go cuí. Déanann an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca araon athbhreithniú agus faireachán ar na Cláir Rioscaí Rannacha.

Córas Bainistíochta Riosca

Ar fud na bliana 2025, rinneadh faireachán leanúnach ar Chlár Rioscaí Fiontraíochta RTB. Rinneadh gach beart chun rioscaí a mhaolú a dhoiciméadú agus a nuashonrú. Ina theannta sin, tugadh tacaíocht don Bhord agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca chun a bhfreagrachtaí maidir le bainistíocht riosca a chomhlíonadh, i ndáil leis an gCód Cleachtais do Chód 2016.

Is é atá i gceist le bainistíocht riosca ná timthriall próiseas lena ndéantar pleananna gnó bainistíochta a shainaithint, a mheasúnú, agus a fhorbairt le haghaidh rioscaí. Cuirtear an timthriall i gcrích le córas próiseas tráthrialta faireacháin agus tuairiscithe. Próiseas timthriallach a tharlaíonn ar fud na bliana is ea an próiseas bainistíochta riosca.

Is é is sainaithint riosca ann ná an próiseas trína sainaithnítear na rioscaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chumas eagraíochta chun a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Is é atá i gceist leis an bpróiseas arb éard é sainaithint riosca ná neamhchosaint na heagraíochta ar éiginnteacht a shainaithint trí bhreithniú a dhéanamh ar thosca timpeallachta seachtraí agus ar an éiginnteacht a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla na heagraíochta araon.

A luaithe atá rioscaí sainaitheanta, déantar cleachtadh measúnaithe, maolaithe agus beartú tosaíochta chun suntasacht na rioscaí don eagraíocht a dhéanamh amach. Cuirtear rioscaí in ord tosaíochta ó thaobh an riosca dhúchasaigh agus an riosca iarmharaigh araon, i.e., tar éis breithniú a dhéanamh ar an rialú atá i bhfeidhm chun an riosca sin a bhainistiú.

Ríomhtar an scór riosca tríd an scór a shanntar don tionchar a iolrú faoin scór a shanntar don dóchúlacht. Déanann an fhoireann bainistíochta an beartú tosaíochta sin a athbhreithniú agus a cheistiú i dteannta a chéile, agus tagtar ar chomhaontú ar scóir riosca choibhneasta.

Is gá rioscaí aonair a bhainistiú ar fud gach leibhéil freagrachta ar bhonn leanúnach. Ceanglaítear ar gach duine aonair agus ar gach grúpa aon teagmhas riosca nó aon athrú ar an timpeallacht riosca a shainaithint agus a chur in iúl ar bhonn leanúnach. Bíonn úinéirí riosca freagrach as a chinntiú go gcuirtear na gníomhartha a shanntar do rioscaí sa chlár rioscaí chun feidhme mar a bhí beartaithe.

Bíonn freagrachtaí sainithe ar bhainisteoirí i ngach réimse de RTB as comhlíonadh a ról, agus bíonn baill foirne oilte go cuí agus faigheann siad tacaíocht trí oiliúint. Déantar ionchais feidhmíochta bainisteoirí agus ball foirne a leagan síos, agus déantar faireachán orthu tríd an gcóras bainistíochta feidhmíochta fostaithe. Soláthraítear oiliúint do bhaill foirne nuair a thugann siad faoi ról agus, i gcás go sainaithnítear riachtanais oiliúna speisialta, tacaíonn an t-aonad Acmhainní Daonna leis na riachtanais sin.

Chomh maith le foireann RTB, faigheann seirbhís do chustaiméirí tacaíocht ó sholáthraí seachfhoinsithe próiseas gnó. I measc na rialuithe inmheánacha don tseirbhís sin tá comhaontú seirbhíse, agus cruinnithe seachtainiúla, míosúla agus ráithiúla idir an soláthraí agus lucht bainistíochta RTB.

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag feidhmeanna rialaithe, amhail Airgeadas, Riosca, Acmhainní Daonna, Cosaint Sonraí, agus Soláthar, chun riosca a rialú ina réimsí freagrachta agus chun treoir agus formhaoirseacht a sholáthar do réimsí oibríochtúla chun comhlíonadh na ndlíthe, na rialachán agus na mbeartas is infheidhme a chinntiú. Déanann na haonaid sin idirchaidreamh le bainisteoirí agus le baill foirne ar fud na heagraíochta chun tacú le cloí leis na beartais sin, agus cuireann siad sáruithe suntasacha ar aghaidh tríd an ordlathas bainistíochta ionas gur féidir gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh.

Rialú Inmheánach

Tá córas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca ag RTB atá deartha chun sainaithint agus tuairisciú a dhéanamh ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, i gcás gur féidir, chun iad a mhaolú.

Tá príomhghnéithe an chórais mar a leanas:

- Struchtúr sainithe eagrúcháin ina bhfuil leithscaradh cuí dualgas agus teorainneacha údaráis.
- Plean straitéiseach trí bliana, arna cheadú ag an mBord, lena dtreoraítear an plean gnó bliantúil agus an buiséad bliantúil, a gceadaíonn an Bord iad araon, agus tuairisciú tráthrialta don Bhord ar an dul chun cinn le linn gach bliana.
- Teorainneacha sainithe agus údarás sainithe le haghaidh caiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar earraí agus seirbhísí agus caiteachas caipitil.
- Cuntais mhíosúla bhainistíochta a ndéanann an lucht bainistíochta athbhreithniú orthu agus a dtugann an Bord ar aird iad.
- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a sholáthraíonn formhaoirseacht agus treoir maidir le bainistíocht riosca, le hathbhreithniú an chláir rioscaí, le tuairisciú riosca, agus le forbairt beartais agus a dhéileálann le haon saincheisteanna suntasacha rialaithe a tharraingíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí nó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste anuas nó a tharraingítear anuas in athbhreithnithe seachtracha eile.
- Coiste Rialachais TFC a dhéanann formhaoirseacht ar chaiteachas ar TFC agus ar fhorbairt agus bainistiú chórais dhigiteacha agus sonraí RTB.
- Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí a dhéanann athbhreithniú ar phróisis shainaitheanta, ar chórais shainaitheanta agus ar rialuithe sainaitheanta agus a thuairiscíonn ar a cuid oibre don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.
- Clár rioscaí fiontraíochta a n-ullmhaíonn an lucht bainistíochta é agus a n-athbhreithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord é go tráthrialta.
- Beartais dhoiciméadaithe agus nósanna imeachta doiciméadaithe lena gcumhdaítear príomhréimsí riosca a ndéanann an Bord iad a athbhreithniú agus a cheadú go tréimhsiúil.
- Beartais lena gcumhdaítear cosaint sonraí, slándáil córas TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide), sláinte agus sábháilteacht, agus príomhréimsí eile riosca chomh maith le cóid iompair don Bhord, d'Oifigigh, agus do bhaill foirne.
- Beartais agus nósanna imeachta lena gcumhdaítear bainistíocht feidhmíochta foirne, oiliúint, forbairt foirne, agus oideachas leantach.
- Beartas agus plean soláthair a ndéanann an Stiúrthóir athbhreithniú bliantúil air agus a gceanglaítear ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh air.
- Tuairisciú ar mhéideanna gníomhaíochta ar oibríochtaí intí agus seachfhoinsithe, agus anailís a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomparáid le comhaontuithe seirbhíse agus le spriocanna chun bonn eolais a chur faoin mbainistíocht agus chun idirghabhálacha a chinneadh de réir mar is cuí.
- Úsáidtear aiseolas agus gearáin chun fadhbanna a bhaineann le soláthar ár seirbhísí a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu.
- Tá córais agus bogearraí i bhfeidhm chun ár dtimpeallacht TFC a chosaint ar bhagairtí agus chun slándáil na faisnéise a shealbhaímid a chinntiú.

Struchtúr Eagrúcháin

Tá foireann bainistíochta RTB faoi stiúir an Stiúrthóra agus faigheann sí tacaíocht ó thriúr Leas-Stiúrthóirí. Faoi láthair, tá beirt Leas-Stiúrthóirí bhuana agus folúntas amháin ann ar leibhéal an Leas-Stiúrthóra. Tá freagracht ar gach Leas-Stiúrthóir as punann aonad gnó atá faoi stiúir Stiúrthóra Chúnta nó a bhfuil Leas-Stiúrthóir freagrach go díreach astu.

Is iad seo na haonaid ghnó:

- Réiteach Díospóidí
- Comhlíonadh agus Forfheidhmiú
- Clárú agus Seirbhís do Chustaiméirí
- Gnóthaí Dlí
- Daoine agus Cultúr, agus Seirbhísí Corparáideacha
- Seirbhísí Sonraí, Teicneolaíocht agus Claochlú Digiteach
- Cumarsáid agus Caidreamh
- Airgeadas agus párolla
- Bainistíocht agus Soláthar Díoltóirí
- Rialachas Corparáideach
- Bainistíocht Riosca
- Rialachas Faisnéise
- Taighde agus Beartas
- Sonraí agus anailísíocht
- Oifig an Stiúrthóra.

An Spriocshamhail Oibriúcháin

Cuireadh tús sa bhliain 2024 leis an Tionscadal Claochlaithe chun an Spriocshamhail Oibriúcháin a chur chun feidhme, agus is príomhthionscnamh straitéiseach do RTB é go fóill. Cé gur cuireadh earcaíocht le haghaidh róil áirithe a bhaineann leis an Spriocshamhail Oibriúcháin ar sos tráth dheireadh na bliana 2024, tugadh tús áite sa Phlean Fórsa Saothair, 2025, do roinnt ról a sainaithníodh laistigh den Spriocshamhail Oibriúcháin, lenar áiríodh feidhmeanna Soláthair agus feidhmeanna Bainistíochta Díoltóirí. Líonadh dhá fholúntas Leas-Stiúrthóra freisin ar ina leith a bhí an ceapaí le tosú ag deireadh na bliana 2025 agus i dtús na bliana 2026, eadhon, Leas-Stiúrthóir um Sheirbhísí Sonraí, Teicneolaíocht agus Claochlú Digiteach agus Leas-Stiúrthóir um Ghnóthaí Corparáideacha agus Rialachas, mar aon le ról tiomnaithe mar Bhainisteoir um Spriocshamhail Oibriúcháin chun tacú le cur i gcrích an Chláir Claochlaithe.

Le linn na bliana 2025, lean RTB le roinnt tionscnamh a chur ar aghaidh a bhí ailínithe le cur chun feidhme na Spriocshamhla Oibriúcháin.

Tionscnaimh Spriocshamhla Oibriúcháin, 2025

- An chéad mhodúl de Chóras Faisnéise Acmhainní Daonna a chur chun feidhme chun tacú le próisis pleanála fórsa saothair, le próisis tuairiscithe, agus le próisis bainistíochta daoine.
- Daoine a earcú chuig dhá ról mar Leas-Stiúrthóir, eadhon, Leas-Stiúrthóir um Sheirbhísí Sonraí, Teicneolaíocht agus Claochlú Digiteach agus Leas-Stiúrthóir um Ghnóthaí Corparáideacha agus Rialachas, chun claochlú digiteach, cumas rialachais, agus formhaoirseacht na foirne ceannaireachta sinsearaí ar an gClár Claochlaithe a neartú.
- Daoine a earcú chuig príomhróil, lenar áiríodh róil Soláthair, róil Bainistíochta Díoltóirí, agus róil mar Eagarthóirí Ábhair chun tacú le cumas na heagraíochta.
- 12 cheann nua de bheartais acmhainní daonna agus de thionscnaimh oiliúna foirne a thabhairt isteach, lenar áiríodh oiliúint in Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú agus i nDínit ag an Obair.
- An Suirbhé Work Positive ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta a thabhairt isteach chun tacú le rannpháirtíocht fostaithe, le folláine, agus le cultúr na heagraíochta.
- Leabhráin Faisnéise d'Iarrthóirí a nuashonrú chun próisis earcaíochta a neartú.
- Seomra folláine a bhunú laistigh den oifig chun tacú le folláine foirne.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar obair chun roghanna malartacha cóiríochta oifige a mheasúnú chun aghaidh a thabhairt ar an gcumraíocht oifige reatha ar fud roinnt stórtha agus chun tacú le comhoibriú níos fearr.
- Caidreamh leis an bhfoireann maidir leis an gClár Claochlaithe, lenar áiríodh láithreoireacht ón mBainisteoir um Spriocshamhail Oibriúcháin ag an gCruinniú Foirne Uile i mí Iúil 2025 inar tugadh an t-eolas is deireanaí.

Leis na tionscnaimh sin, tacaítear le cur chun feidhme leantach na Spriocshamhla Oibriúcháin agus leis an gcuspóir atá ag an eagraíocht rialachas, cumas na heagraíochta, agus soláthar seirbhíse a neartú.

Oibríochtaí

Sa bhliain 2025, chuir RTB roinnt mórthionscadail oibríochtúla straitéiseacha i gcrích:-

- Aistriú i mí Iúil 2025 chuig oifig nua próiseála gnó chun oibríochtaí ardchaighdeáin custaiméirdhírithe a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí teileafóin, seirbhísí ríomhphoist, seirbhísí comhrá Gréasáin, agus seirbhísí eile próiseála gnó
- I mí Iúil 2025, sheol RTB Ionad nua ar líne um Réiteach Díospóidí. Mar thoradh ar an gcóras nua, tá athrú tagtha ar an gcaoi ar féidir le tiarnaí talún, le tionóntaí agus le tríú páirtithe iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí RTB um réiteach díospóidí agus a gcásanna a bhainistiú. Trí thairseach ar líne amháin a bheith ann, tá sé níos éasca anois do chustaiméirí RTB:
    - Iarratas a dhéanamh ar réiteach díospóidí agus íoc as
    - Fianaise a chur isteach
    - Stádas cáis a sheiceáil
    - A fheiceáil cén uair atá éisteacht le bheith ar siúl
    - Dul i dteagmháil le cásoifigeach
- Chuir RTB tús le hullmhúchán don Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2026, arb é an t-athrú is mó ar rialáil an dlí cíosa ó bhunú RTB i leith é. Áiríodh leis sin Oifig Bainistíochta Tionscadal sheachtrach a sholáthar agus a cheapadh le hUrraitheoir Tionscadail inmheánach chun a chinntiú go mbeadh an acmhainn agus an cumas ag RTB chun beartas an Rialtais a chur i gcrích.
- Chuir RTB suíomh Gréasáin nua i mbun feidhme i mí an Mheithimh 2025:-
    - Tá ag an suíomh roghchlár nascleanúna nua atá deartha chun go mbeidh sé níos éasca faisnéis thábhachtach a aimsiú.
    - Dearadh an suíomh agus inrochtaineacht á cur san áireamh, agus athscríobhadh an t-ábhar i mBéarla simplí.

- Sa chúlchóras, baineann an suíomh Gréasáin tairbhe as Córas Bainistíochta Inneachair atá i bhfad níos éasca le húsáid agus lena soláthraítear uirlisí feabhsaithe do RTB chun nuashonruithe agus athruithe a dhéanamh ar an suíomh de réir mar is gá.
- Is féidir le custaiméirí rochtain a fháil ar an ionad um réiteach díospóidí agus ar an tairseach clárúcháin ón suíomh Gréasáin. (Nuashonraíodh é sin tuilleadh ón 1 Márta 2026 i leith chun reachtaíocht nua a léiriú).

- Reáchtáil RTB ceithre sheisiún ráithiúla faisnéise do na meáin agus do gheallsealbhóirí freisin chun iad a chur ar an eolas faoi phríomhfhorbairtí in RTB agus faoi shonraí a sholáthraíonn RTB.

Taighde agus Beartas

Le linn na bliana 2025, rinne RTB dul chun cinn maidir lena fheidhm taighde agus beartais a neartú. Áiríodh leis na príomh-aschuir an tsraith sonraí ráithiúil 'Próifíl an Chláir' ó RTB, an tInnéacs Cíosa ráithiúil ó RTB/ESRI, agus tuarascáil taighde phiar-athbhreithnithe dar teideal 'Understanding Trends in Property Level Rental Inflation' a fhoilsiú.

Soláthraíodh san anailís ar Phróifíl an Chláir faisnéis mhionsonraithe faoi gach tionóntacht phríobháideach agus gach tionóntacht Comhlachta Tithíochta Cheadaithe a bhí cláraithe le RTB ag deireadh gach ráithe ó ráithe 2 den bhliain 2023 go ráithe 4 den bhliain 2025. Leis an tsraith, tugadh miondealú cuimsitheach ar thionóntachtaí de réir contae, de réir Údarás Áitiúil, de réir Toghlimistéar Áitiúil, de réir cineál teaghaise, de réir méid teaghaise, agus de réir mhéid an tiarna talún. Leis na heisiúintí sonraí sin, tugadh léargas tábhachtach ar mhéid agus cruth athraitheach na hearnála cíosa in Éirinn.

Scrúdaíodh sa tuarascáil taighde dar teideal 'Understanding Trends in Property Level Rental Inflation' athruithe ar chíos le haghaidh maoine aonair a tháinig i láthair dhá uair ar a laghad i sonraí clárúcháin RTB idir ráithe 2 den bhliain 2022 agus ráithe 1 den bhliain 2025, rud a d'fhág go raibh thart ar 375,000 péire maoine meaitseáilte ann. Ar leibhéal náisiúnta, léiríodh sna fionnachtana gur tháinig méadú measartha ar chíosanna ar leibhéal na maoine, agus iad ag méadú faoi 2.15% ar an meán in aghaidh na bliana sa bhliain is déanaí (ráithe 2 de bhliain 2024 go ráithe 1 den bhliain 2025), síos ó 2.7% bliain amháin roimhe sin. A bhuí leis an anailís sin, neartaíodh an tuiscint ar fhíorghluaiseachtaí cíosa do thionóntaí seilbhe agus cuireadh ar chumas RTB freisin tabhairt faoi fheachtais spriocdhírithe maidir le comhlíonadh Criosanna Brú Cíosa (RPZ), ag díriú ar dtús ar 3,000 cás inar chosúil go raibh na méaduithe cíosa os cionn na dteorainneacha RPZ.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Ba í an bhliain 2025 an tríú bliain de chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh 2023-2025 ó RTB, inar cuimsíodh sainordú athraitheach RTB, agus na hionchais a leagadh síos dó le beartas an Rialtais. Gealltar sa straitéis go ndéanfaidh RTB an difear is mó is féidir le RTB a dhéanamh maidir le ceithre phríomhréimse a chur i gcrích:

- tionóntachtaí a chlárú
- díospóidí a réiteach
- comhlíonadh a chinntiú
- faisnéis, taighde, sonraí agus léargais atá cruinn a sholáthar chun eolas a thabhairt don phobal agus don lucht déanta beartas.

Díríodh na gníomhartha tosaíochta go léir le linn na tréimhse 2023-2025 ar na príomhréimsí seirbhíse sin agus ar ghnóthachain inléirithe i bhfeidhmíocht a bhaint amach i ndáil le gach ceann díobh. I dteannta a chéile, mar thoradh ar ghníomhartha faoi na ceithre réimse sin, cruthóidh RTB tionchar dearfach don phobal de réir a mhisin agus a uaillmhéine mar chomhlacht poiblí a chomhlíonann feidhmeanna tábhachtacha ar mhaithe le leas an phobail.

Ní féidir na gnóthachain thábhachtacha sin a bhaint amach ach amháin má fhorbraítear freisin na príomhchumasóirí feidhmíochta éifeachtaí eagraíochtúla – forbairt acmhainní daonna, struchtúr eagraíochta, teicneolaíocht faisnéise, tacaíocht ghnó, pleanáil agus rialachas.

Léiríodh cuspóirí an Ráitis Straitéise i bplean gnó bliantúil agus i mbuiséad bliantúil don bhliain 2025. Bhí cuspóirí oibríochtúla do na haonaid ghnó sa phlean gnó. Déanann an lucht bainistíochta faireachán ar chur chun feidhme an phlean gnó agus an bhuiséid agus déanann an Bord athbhreithniú air.

Tá Comhaontú Formhaoirseachta i bhfeidhm leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina leagtar amach na socruithe rialachais idir an Roinn agus RTB. Tá sé mar aidhm leis an gComhaontú soiléire a chinntiú maidir le cuntasacht, róil agus freagrachtaí RTB agus na Roinne chun a chinntiú go gcomhlíonann RTB a fheidhmeanna reachtúla agus ceanglais an Chóid Rialachais. Tagann an Roinn agus RTB le chéile ar bhonn ráithiúil chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chomhaontaithe Formhaoirseachta.

Rialachas

Rinne RTB dul chun cinn ar na míreanna rialachais seo a leanas sa bhliain 2025:

- Ceapadh comhalta amháin den Bhord ag an Aire.
- Oiliúint leanúnach rialachais agus forbairt leanúnach rialachais do chomhaltaí Boird.
- Faireachán agus bainistiú leanúnach ar rioscaí ag an gCoiste Feidhmiúcháin, ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus ag an mBord.
- An t-athbhreithniú ar chomhaltas na gcoistí Boird, agus mór-athstruchtúrú ar an gcreat coistí.
- Feidhmchlár nua páipéar boird a sholáthar chun ullmhú, scaipeadh agus athbhreithniú doiciméad boird a chuíchóiriú agus chun rialuithe feabhsaithe slándála a sholáthar.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag RTB chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar. Is leagtha amach faoi na saincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos atá na hábhair a tháinig chun cinn i ndáil le rialuithe ar sholáthar.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag RTB chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a thimpeallachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre, an Bord, agus an fhoireann ceannaireachta Feidhmiúcháin atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, treoraítear léi agus treoraíonn siad faireachán agus athbhreithniú RTB ar an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2025 i ndáil leis an tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí a thacaíonn leis an doiciméad seo. Seachas na míreanna atá leagtha amach thíos, deimhním gurb amhlaidh, a mhéid is eol dom, agus tríd an bhfaisnéis a chuir an Fhoireann Feidhmiúcháin agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar fáil don Bhord, nach raibh aon saincheisteanna ábhartha eile rialaithe inmheánaigh ann.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Soláthar

Deimhním go gcinntíonn RTB go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Sa bhliain 2025, chomhlíon RTB na treoirlínte sin ach amháin i gcás trí chonradh, agus caiteachas €4,943,847 (CBL san áireamh) ann mar atá leagtha amach thíos:

- Seachfhoinsiú Próiseas Gnó: Thabhaigh RTB caiteachas ab fhiú €3,702,421 sa bhliain 2025 a bhain le conradh Seachfhoinsithe Próiseas Gnó a fadaíodh le linn na bliana 2024 chun leanúnachas seirbhísí criticiúla a chinntiú. Le linn na bliana 2024 agus i dtús na bliana 2025, rinne RTB próiseas soláthair iomaíoch a sheoladh agus a chur i gcrích le haghaidh seirbhísí Seachfhoinsithe Próiseas Gnó a sholáthar.
- Soláthraí Seirbhísí Bainistithe (Socrú Eatramhach): Thabhaigh RTB caiteachas ab fhiú €1,032,670 sa bhliain 2025 a bhain le conradh eatramhach le haghaidh seirbhísí bainistithe tacaíochta TFC a dámhadh ar feadh téarma tosaigh 12 mhí, ar cheadaigh an Bord é chun leanúnachas oibríochtaí criticiúla TFC a chinntiú go dtí go gcuirfí soláthar iomaíoch Soláthraí Seirbhíse Bainistithe i gcrích.
- Tacaíocht do Chóras Oidhreachta TFC: Sa bhliain 2025, thabhaigh RTB caiteachas ab fhiú €208,756 a bhain le hoibriú agus cothabháil leantach a dhéanamh ar chóras oidhreachta TFC lena dtacaítear le próisis RTB um réiteach díospóidí agus um bainistíocht cásanna. Ba é an soláthraí an t-aon soláthraí tacaíochta TFC don ardán oidhreachta dílsithe.

Faoi dheireadh na bliana 2025, bhí gach ceann de na trí cinn thuas tugtha chun rialtachta trí phróisis soláthair iomaíoch.


Ioncam clárúcháin

Cuireadh athbhreithniú Iniúchóireachta Inmheánaí ar ioncam clárúcháin i gcrích, agus bhí rátáil mhíshásúil ag gabháil leis. Tarraingíodh aird san iniúchadh ar theorainneacha córais laistigh de RTB360, ar phróisis aitheanta ioncaim a bhí neamhdhoiciméadaithe nó neamh-chomhsheasmhach, ar mhoilleanna agus laigí rialaithe maidir le próiseáil aisíocaíochtaí, agus ar ardleibhéal gníomhaíochta láimhe ar fud an timthrialla ioncaim. Tá an lucht bainistíochta tiomanta d'fheabhas a chur ar an timpeallacht rialaithe trí ghníomhartha sonracha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na fionnachtana sin.

Níor sainaithníodh aon laigí ábhartha eile maidir le rialú inmheánach le linn na bliana 2025, seachas iad sin atá nochta thuas.

Conclúid

Le linn na bliana 2025, lean RTB lena aistriú, agus díriú láidir á leagan ar gheallsealbhóirí agus ar chustaiméirí, agus socruithe rialachais á neartú aige ar fud na heagraíochta ag an am céanna. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le foireann uile RTB, leis an mBord agus le tiarnaí talún, le tionóntaí agus le tríú páirtithe a bhain úsáid as ár seirbhísí le linn na bliana 2025. Tá súil againn gur tháinig tairbhí as ár bhfeabhsuithe nua ar sheirbhísí digiteacha, as ár suíomh Gréasáin, as ár gcúram feabhsaithe do chustaiméirí, agus as níos mó deiseanna seachtracha chun caidreamh a dhéanamh le RTB. Go háirithe, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Aire James Browne agus lena fhoireann ar fad sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as a dtacaíocht agus leis na comhaltaí uile den Oireachtas a ndearnamar caidreamh leo le linn na bliana 2025. Táimid ag súil le cur leis na héachtaí sa bhliain 2025 de réir mar a oibrímid i dtreo straitéis nua do RTB sa bhliain 2026.



Mark McManus

Cathaoirleach Eatramhach

Dáta: 20 Iúil 2026

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe ag an 31 Meán Fómhair 2025 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2025 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.


Creidim gur leor an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé agus go bhfuil sí oiriúnach do bhunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin tuarascáil bhliantúil, ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, agus ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Soláthar neamhchomhlíontach

Nochtar sa ráiteas faoi rialú inmheánach gur thabhaigh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe leibhéal ábhartha caiteachais i leith trí chonradh a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2025 agus nár chomhlíon na rialacha soláthair iomchuí. Tugadh na trí chonradh chun rialtachta faoi dheireadh na bliana 2025 trí phróisis soláthair iomaíocha.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Iúil 2026

Aguisín le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu is cuí nó nach cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a chinnfidh sé a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 178 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaimid cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gur ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Téim i dteagmháil leo sin a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó go bhfuil an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile


Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go sainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go sainaithním aon chásanna ábhartha ann nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe iontu nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú iontu.


Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

	Nótaí	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2024 €
Ioncam			
Táillí clárúcháin	2	**14,889,245**	12,519,996
Táillí díospóidí	2	**130,213**	162,340
Ioncam eile	4	**22,447**	19,365
Cistiú ón Státchiste	3	**17,776,546**	12,190,635
Cistiú iarchurtha pinsin	13c	**834,000**	812,000
Aistriú ón gcuntas caipitil	11	**1,234,193**	1,798,897
Fo-iomlán		**34,886,644**	27,503,233
Caiteachas			
Costais foirne	5a	**7,597,844**	7,280,306
Costais comhaltaí Boird agus comhaltaí painéil	5b	**2,360,409**	3,790,697
Costais riaracháin	5c	**19,022,661**	18,113,355
Costais phinsin	13a	**1,190,000**	1,222,000
Dímheas	6	**2,027,388**	1,942,443
Fo-iomlán		**32,198,302**	32,348,801
Barrachas/(easnamh) don bhliain		**2,688,342**	(4,845,567)
Barrachas carntha an 1 Eanáir		**1,121,252**	5,966,819
Barrachas carntha an 31 Nollaig		**3,809,594**	1,121,252

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



Rosemary Steen
Stiúrthóir
Dáta: 20 Iúil 2026



Mark McManus
Cathaoirleach Eatramhach
Dáta: 20 Iúil 2026

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

	Nótaí	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2025 €	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2024 €
Barrachas/(easnamh) don bhliain		**2,688,342**	(4,845,567)
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsean		**(52,000)**	2,761,000
Athruithe sna toimhdí atá taobh thiar de luach reatha na ndliteanas scéime pinsean		**1,982,000**	1,253,000
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach agus costas seirbhíse roimhe sin a aithníodh	13d,e	**1,930,000**	4,014,000
Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin		**(1,930,000)**	(4,014,000)
Barrachas/(easnamh) aitheanta iomlán don bhliain		**2,688,342**	(4,845,567)

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Rosemary Steen
Stiúrthóir
Dáta: 20 Iúil 2026

Mark McManus
Cathaoirleach Eatramhach
Dáta: 20 Iúil 2026

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

	Nótaí	**An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2025**	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2024
		€	€
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe	6	**3,307,983**	4,542,176
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna Infhaighte	7	**1,110,852**	823,280
Airgead agus coibhéisí airgid	8	**8,889,413**	4,674,025
		10,000,265	5,497,305
Suimeanna Iníoctha			
Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	9	**(6,190,671)**	(4,376,053)
Glansócmhainní Reatha		**3,809,594**	1,121,252
Glansócmhainní Iomlána roimh Phinsin		**7,117,577**	5,663,428
Cistiú iarchurtha pinsin	13b,c	**17,497,000**	17,956,000
Dliteanais scéime pinsean	13b	**(17,497,000)**	(17,956,000)
Glansócmhainní Iomlána		**7,117,577**	5,663,428
Arna léiriú ag			
Barrachas carntha	10	**3,809,594**	1,121,252
Cuntas caipitil	11	**3,307,983**	4,542,176
		7,117,577	5,663,428

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Rosemary Steen
Stiúrthóir
Dáta: 20 Iúil 2026

Mark McManus
Cathaoirleach Eatramhach
Dáta: 20 Iúil 2026

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

	Nótaí	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2025	An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2024
		€	€
An Barrachas Oibriúcháin a réiteach leis an nGlan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain		**2,688,342**	(4,845,567)
Dímheas	6	**2,027,388**	1,942,443
Caillteanas ar dhiúscairt trealaimh		**-**	1,553
Aistriú ón gcuntas caipitil	11	**(1,234,193)**	(1,798,897)
(Méadú) ar shuimeanna infhaighte		**(287,571)**	(166,973)
Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha		**1,814,617**	(633,279)
Glan-insreabhadh/(glan-eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		**5,008,583**	(5,500,720)
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid			
Glan-insreabhadh/(glan-eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		**5,008,583**	(5,500,720)
Glanchaiteachas Caipitil			
Airgead a íocadh i leith réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe	6	**(793,195)**	(145,671)
Airgead a fuarthas i leith réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe		**-**	572
Méadú/(Laghdú) ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid		**4,215,388**	(5,645,819)
Iarmhéid Airgid Tosaigh		**4,674,025**	10,319,844
Iarmhéid Airgid Deiridh		**8,889,413**	4,674,025

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1 Beartais Chuntasaíochta

Is leagtha amach thíos atá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe ("RTB"). Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

Rinneadh athanailís agus/nó athchur i láthair ar fhigiúirí áirithe ón mbliain roimhe ar an mbonn céanna leis an mbliain reatha.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha roimhe seo) faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 ("an tAcht"), agus tá a cheannoifig lonnaithe ag Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. Athraíodh ainm an Bhoird sa bhliain 2016 go dtí an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) chun leathnú a shainchúraim chuig an earnáil Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a léiriú. Ina theannta sin, aistríodh feidhmeanna an Bhinse Cíosa chuig RTB le linn na bliana 2016.

Is mar a leanas atá príomhfheidhmeanna an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe, mar atá leagtha amach in Acht 2004 (arna leasú):

a) díospóidí a réiteach idir tionóntaí agus tiarnaí talún,

b) sonraí i leith tionóntachtaí a chlárú, lena n-áirítear tionóntachtaí le haghaidh cóiríocht atá sonrach do mhic léinn agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe,

c) comhairle a sholáthar don Aire maidir le beartas i ndáil leis an earnáil cíosa chónaithe,

d) treoirlínte a fhorbairt agus a fhoilsiú maidir le dea-chleachtas ag na daoine sin a bhfuil baint acu leis an earnáil cíosa chónaithe,

e) faisnéis a bhaineann leis an earnáil, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na leibhéil chíosa a bhíonn i réim, a bhailiú agus a sholáthar,

f) i gcás gur cuí leis an mBord, taighde a sheoladh ar an earnáil agus faireachán a dhéanamh ar oibriú gnéithe éagsúla na hearnála nó socrú a dhéanamh go ndéanfar taighde agus faireachán den sórt sin,

g) athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Achta agus ar aon achtacháin ghaolmhara agus moltaí a thabhairt don Aire maidir leis an Acht nó na hachtacháin sin a leasú,

h) a dheimhniú don Aire an gcomhlíonann limistéar na critéir lena ainmniú mar chrios brú cíosa mar atá mínithe san Acht,

i) imscrúduithe a sheoladh ar sháruithe líomhnaithe ar an Acht, agus an chumhacht chun smachtbhannaí a eisiúint i gcás gur cinneadh go ndearnadh sárú,

j) aon fheidhmeanna breise a shanntar don Bhord faoin Acht nó faoi dhlíthe eile arna rith ag an Oireachtas a chomhlíonadh.

b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS 102, An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear de réir luach cóir, mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm ar cheadaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta iad le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004.

1 Beartais Chuntasaíochta *(ar lean)*

d) Airgeadra

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€), arb é airgeadra feidhmiúil RTB é.

e) Ioncam

Táillí Clárúcháin

Aithnítear ioncam ó chláruithe tionóntachtaí Príobháidí agus Comhlachta Tithíochta Cheadaithe, arb ionann é agus formhór ioncam RTB, tráth a fhaightear íocaíocht na táille clárúcháin phríobháidigh nó Comhlachta Tithíochta Cheadaithe mar aon le hiarratas bailí chun an tionóntacht a chlárú. Aithníonn RTB soláthar maidir le táillí clárúcháin a d'fhéadfaí a thabhairt ar ais d'iarratasóirí i gcásanna ina bhfuil an t-iarratas neamhiomlán nó inar íocadh an táille mhícheart.

Maidir le tionóntachtaí i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn, aithnítear ioncam clárúcháin nuair a eisíonn RTB iarraidh ar íocaíocht as tionóntachtaí a bhfuil fógra tugtha dúinn ag an soláthraí cóiríochta ina leith.

Táillí Díospóidí

Aithnítear ioncam nuair a íoctar táille as iarratas ar dhíospóid.

Cistiú ón Státchiste

Is ar bhonn íocaíochta faighte a aithnítear Cistiú Státchiste.

Ioncam Eile

Is ionann ioncam eile go ginearálta agus costais dlí a aisghabhadh sa bhliain agus aon ús a fabhraíodh ar thaiscí a choinnítear le hinstitiúidí airgeadais. Aithnítear costais dlí a aisghabhadh agus ioncam ilghnéitheach nuair a fhaightear na cistí, agus aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe trí úsáid a bhaint as modh an ráta úis éifeachtaigh.

f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh, agus Sócmhainní Doláimhsithe

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh, agus sócmhainní doláimhsithe seachas cáilmheas, de réir costais lúide dímheas carntha nó amúchadh, arna choigeartú i leith aon soláthar do bhearnú. Gearrtar dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, agus ar amúchadh sócmhainní doláimhsithe, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré fhónta measta, mar a leanas:

Feabhsuithe Léasachta	5% in aghaidh na bliana
Daingneáin agus Feistis	10% in aghaidh na bliana
Trealamh Oifige	20% in aghaidh na bliana
Trealamh Ríomhaire	20% in aghaidh na bliana
Forbairt Bogearraí	20% in aghaidh na bliana
Sócmhainní atá á bhForbairt	Gan a bheith dímheasta

Déantar costais na gcóras atá á bhforbairt a chaipitliú a mhéid a chomhlíonann siad ceanglais FRS 102 maidir le sócmhainní doláimhsithe seachas cáilmheas a chaipitliú. Muirearaítear dímheas ag an ráta thuas le haghaidh forbairt bogearraí ón bpointe ag a gcuirtear an fhorbairt i gcrích, agus ón bpointe ag a gcuirtear an córas i mbun seirbhíse.

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go mbeadh an tsócmhainn ar aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta cheana féin.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach aon sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

1 Beartais Chuntasaíochta *(ar lean)*

g) Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear é i gcás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe in ann na suimeanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim a aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha.

h) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa, seachas i gcás go mbeidh méaduithe cíosa ann atá bainteach leis an ráta boilscithe ionchais, ar sa chás sin a aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa.

i) Airgead agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh agus taiscí a shealbhaítear ar éileamh le bainc.

j) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

k) Sochair Scoir

Feidhmíonn an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) scéim pinsean sochair shainithe a chistítear gach bliain ar bhonn íoc-mar-a-théitear ó airgead atá ar fáil dó. Le hIonstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 625 de 2011), tugadh éifeacht do Scéim Aoisliúntais RTB, agus cheadaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil í le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (ag tosú le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Feidhmíonn RTB an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") freisin, arb í an scéim pinsean sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a earcaíodh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh í. Íoctar ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Is ionann costais phinsin agus na sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse, agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin ó bhaill foirne, ar ranníocaíochtaí iad a gcaitheann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta leo mar ranníocaíochtaí iníoctha. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam, a mhéid atá sí in-aisghafa, agus fritháirítear í, i gcás gur gá, le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Léirítear sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach na gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim is féidir a aisghabháil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Is ionann cistiú iarchurtha pinsin agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

l) Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Muirearaítear ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais aon difríochtaí a eascraíonn as aistriú idir dátaí idirbhirt agus dátaí íocaíochta. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe.

1 Beartais Chuntasaíochta *(ar lean)*

m) Cuntas Caipitil

Léirítear sa chuntas caipitil suim neamhamúchta an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

n) Meastacháin agus Breithiúnais Thábhachtacha Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ag dáta an Chláir Comhardaithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh agus Sócmhainní Doláimhsithe
Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú i leith bearnú nuair a thugann eachtraí nó athruithe in imthosca le fios go bhféadfadh nach mbeifí in ann an tsuim ghlanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe de réir na difríochta idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus suim in-aisghafa na sócmhainne, fad is mó an tsuim ghlanluacha ná an tsuim in-aisghafa. Is í an tsuim in-aisghafa an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. Chun bearnú a mheasúnú, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreabhadh airgid atá in-sainaitheanta ar leithligh (aonaid giniúna airgid) ann. Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bearnaíodh a athbhreithniú ar mhaithe le haisiompú féideartha an bhearnaithe ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha
Déanann na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta ar bhonn bliantúil chun a dheimhniú gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Soláthairtí
Déanfaidh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe soláthairtí d'oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha ar dócha go mbeidh siad amuigh ag dáta deiridh na tréimhse nuair is féidir suim na hoibleagáide a mheas go hiontaofa. Meastar na soláthairtí sin bunaithe ar thaithí stairiúil, ar threochtaí le déanaí, nó ar fhaisnéis ábhartha eile de ghnáth. Is meastacháin iad ar na costais airgeadais a bhaineann le hoibleagáidí éiginnte ar féidir nach dtitfidh siad amach ach amháin i gceann roinnt mhaith ama tar éis dháta deiridh na tréimhse. Dá bhrí sin, is féidir go mbeidh difríocht mhór ann idir an toradh iarbhír agus an soláthar measta.

Soláthairtí d'Aisíocaíochtaí Táillí Clárúcháin
Faigheann RTB iarratais agus táillí ó thiarnaí talún chun tionóntachtaí a chlárú. Ceanglaítear le halt 135 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, go gcuirfear iarratais neamhiomlána nó iarratais nach bhfuil an táille cheart ag gabháil leo ar ais chuig an iarratasóir mar aon le haon táillí a íocadh.

Féachann RTB le fadhbanna a thagann chun cinn a réiteach, agus d'fhorbair sé córais chun an próiseas sin a dhéanamh níos éifeachtaí. I gcás nach féidir an fhadhb a réiteach go tráthúil, cuirtear an t-iarratas agus an táille ar ais chuig an iarratasóir agus ní chláraítear an tionóntacht.

Déanann RTB soláthar d'aisíoc dóchúil na dtáillí clárúcháin ar chuid d'fhardal na n-iarratas neamhiomlán clárúcháin a choinnítear ag deireadh na bliana agus úsáid á baint as meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil.

Oibleagáid Sochair Scoir
Maidir leis na toimhdí atá taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treorátaí costas cúram sláinte), tugtar iad cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus chun freastal ar aon athruithe iomchuí ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin; agus

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, agus dálaí sa mhargadh saothair amach anseo.

2 Ioncam Táillí

	2025	2024
	€	€
Táillí clárúcháin		
Cóiríocht Phríobháideach agus Comhlachta Tithíochta Cheadaithe	**13,979,445**	11,682,987
Cóiríocht atá sonrach do mhic léinn	**909,800**	837,009
	14,889,245	12,519,996

Aithnítear ioncam ó chláruithe tionóntachtaí Príobháidí agus Comhlachta Tithíochta Cheadaithe, arb ionann é agus formhór ioncam RTB, tráth a fhaightear íocaíocht na táille clárúcháin phríobháidigh nó Comhlachta Tithíochta Cheadaithe mar aon le hiarratas bailí chun an tionóntacht a chlárú. Déantar na híocaíochtaí a fhaightear trí thairseach íocaíochta RTB a réiteach le cuntais bhainc RTB, rud lena dtugtar dearbhú go bhfuil an t-ioncam taifeadta i gceart. Níl cláruithe tionóntachtaí príobháideacha ná cláruithe tionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe bailí ach amháin nuair atá na cláruithe críochnaithe ar an gcóras tionóntachta agus nuair atá na táillí riachtanacha (lena n-áirítear táillí déanacha, más infheidhme) íoctha. Féach Nóta 9 ina nochtar an líon cláruithe neamhiomlána ag deireadh na bliana agus an soláthar gaolmhar.

Ioncam ó chláruithe tionóntachtaí Príobháideacha agus Comhlachta Tithíochta Cheadaithe a thaifeadtar sna cuntais seo, léirítear ann na híocaíochtaí a fuair RTB móide roinnt coigeartuithe cuntasaíochta. Dá bhrí sin, ní bheidh an t-ioncam sin ag teacht go beacht le faisnéis faoin líon cláruithe tionóntachtaí. Ina theannta sin, níor dearadh tuarascálacha chóras Bainistíochta Tionóntachta RTB chun an cineál clárúcháin ar íocadh as a chomhaireamh agus a chatagóiriú, ná ní féidir iad a mhodhnú chun déanamh amhlaidh.

An 4 Aibreán 2022, tugadh isteach clárú bliantúil tionóntachtaí ar thosach feidhme na reachtaíochta iomchuí. Is é €40 an táille chlárúcháin chaighdeánach ar chlárú bliantúil tionóntachta príobháidí agus is é €20 an táille chlárúcháin chaighdeánach ar thionóntacht Comhlachta Tithíochta Cheadaithe. Ba é €90 an táille chlárúcháin chaighdeánach roimhe sin i gcás tionóntachtaí príobháideacha agus cóiríocht Comhlachta Tithíochta Cheadaithe. Is é €40 an táille chlárúcháin chaighdeánach ar thionóntacht i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn. I gcás gach tionóntachta, tá laghduithe ar fáil i gcás cláruithe iolracha iomchuí, agus is féidir go mbeidh feidhm ag táillí déanacha.

Bhí an t-ioncam ó chláruithe tionóntachta Príobháidí agus Comhlachta Tithíochta Cheadaithe sa bhliain 2025 níos airde ná mar a bhí sé sa bhliain 2024. Sa bhliain 2025, bhí 270,490 clárú tionóntachtaí príobháideacha ann. Ba é sin an líon ab airde cláruithe tionóntachtaí príobháideacha a thaifead RTB riamh in aon bhliain amháin. Mar an gcéanna, cláraíodh 60,375 thionóntacht Comhlachta Tithíochta Cheadaithe san iomlán sa bhliain 2025. Ba é sin an líon is airde tionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe a cláraíodh in aon bhliain amháin.

Taifeadtar ioncam i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn sna cuntais, bunaithe ar bhilleáil arna heisiúint ag RTB chuig soláthraí na cóiríochta atá sonrach do mhic léinn. Leis an ioncam taifeadta sin, cruthaítear suim infhaighte ar an gclár comhardaithe (Nóta 7). De réir mar a íocann soláthraithe na cóiríochta atá sonrach do mhic léinn a mbillí, cuirtear an t-airgead a fhaightear i bhfeidhm chun an tsuim infhaighte a laghdú. Is féidir an méadú ar tháillí i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn sa bhliain 2025 i gcomparáid leis an mbliain 2024 a chur síos do mhéadú ar an gcóiríocht do mhic léinn a cláraíodh sa bhliain.

	2025	2024
	€	€
Táillí díospóidí		
Táillí díospóidí	**130,213**	162,340

Is é €30 an táille chaighdeánach ar sheirbhís breithnithe RTB. Má roghnaíonn an dá pháirtí i ndíospóid tabhairt faoi idirghabháil in ionad breithnithe, ní ghearrtar aon mhuirear. Má dhéantar achomharc i gcoinne an chinnidh ó bhreithneoir, gearrtar táille achomhairc €85. Is é €30 an táille ar ní a tharchur chuig binse tionóntachta tar éis idirghabhála.

3 Cistiú ón Státchiste – Vóta 34, Fo-mhírcheann A.24

	2025	2024
	€	€
Cistiú le haghaidh costas oibriúcháin	**18,117,000**	12,268,000
Cistiú le haghaidh pinsean	**100,000**	323,733
Pinsean fostaithe a íocadh leis an Státchiste	**(440,454)**	(401,098)
	17,776,546	12,190,635

Sholáthair an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an cistiú ón Státchiste do RTB. Bhí asbhaintí pinsin fostaithe a íocadh leis an Státchiste níos airde sa bhliain 2025 ná mar a bhí siad sa bhliain 2024 mar gheall ar mhéaduithe tuarastail agus foirne.

4 Ioncam Eile

	2025	2024
	€	€
Ioncam ilghnéitheach	**30**	10
Costais dlí a aisghabhadh	**22,417**	19,355
	22,447	19,365

Is féidir leis na costais dlí a aisghabhann RTB athrú ó bhliain go bliain, ag brath ar thoradh na gcásanna dlí a bhféadfadh RTB a bheith páirteach iontu.

5a Costais Foirne

	2025	2024
	€	€
Foireann RTB	**6,405,126**	5,763,458
Oiliúint foirne	**98,015**	118,303
Costais ÁSPC	**662,517**	573,827
Costais eile foirne	**432,186**	824,718
	7,597,844	7,280,306

Áirítear le costais eile foirne sa bhliain 2025 costais earcaíochta agus costais ghníomhaireachta a tabhaíodh nuair a tháinig folúntais foirne chun cinn sa bhliain. Bhí 119 mball foirne fostaithe go díreach ag RTB ag deireadh na bliana 2025 (2024: 108). Ní raibh aon bhaill foirne ar iasacht do RTB ó aon Roinn eile Rialtais ag deireadh na bliana (2024: 0). Níor íocadh aon sochair foirceanta, aon sochair iarfhostaíochta ná aon sochair fhadtéarmacha eile le haon fhostaí le linn na bliana. Léirítear i gcostas phá foirne RTB sa bhliain 2025 an méadú ar an líon ball foirne in RTB sa bhliain 2025 agus an tionchar a bhí ag dámhachtainí náisiúnta pá agus ag breisíochtaí foirne i gcomparáid leis an mbliain 2024. Léirítear i gcostais eile foirne sa bhliain 2025 laghdú ar chostais ghníomhaireachta i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

5a Costais Foirne *(ar lean)*

Príomhphearsanra bainistíochta	2025	2024
	€	€
Sochair ghearrthéarmacha a íocadh	**1,248,476**	1,276,788

Taispeántar thuas luach iomlán na sochar gearrthéarmach, lena n-áirítear tuarastal, a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta RTB. Tá na suimeanna sin ar áireamh i bpá foirne RTB faoi Chostais Foirne. I measc an phríomhphearsanra bainistíochta in RTB tá an Stiúrthóir, na Leas-Stiúrthóirí agus na Stiúrthóirí Cúnta.

Ceapadh Paul Naughton mar Leas-Stiúrthóir le héifeacht ón 11 Samhain 2025 i leith.

Ní áirítear le luach na sochar gearrthéarmach luach na sochar scoir a tuilleadh sa bhliain. Tá an Stiúrthóir agus príomhphearsana bainistíochta eile ina gcomhaltaí de cheann amháin de na scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí, agus ní théann a dteidlíochtaí tharstu sin atá sa scéim eiseamláireach aoisliúntais sochair shainithe seirbhíse poiblí.

Luach saothair Stiúrthóirí	2025	2024
	€	€
Luach saothair Stiúrthóirí RTB	**168,183**	156,198

Léirítear i Luach saothair Stiúrthóirí RTB don bhliain 2025 luach saothair Rosemary Steen don bhliain. Léirítear i Luach saothair na Stiúrthóirí don bhliain 2024 suim iomlán bheirt Stiúrthóirí RTB agus an Stiúrthóra Eatramhaigh a bhí i seilbh oifige le linn na bliana. Ní bhfuair aon Stiúrthóir aon bhónas ná aon sochar comhchineáil sa bhliain 2025. Tá Luach saothair Stiúrthóirí RTB ar áireamh i Sochair ghearrthéarmacha faoi Phríomhphearsanra bainistíochta.

Fuair 38 mball foirne pá comhlán ar fiú níos mó ná €60,000 é sa bhliain 2025 (2024: 35). Tá anailís ar na híocaíochtaí sin ar fáil sa tábla seo a leanas.

Raon na Sochar Fostaithe Iomlán		**Líon Fostaithe**	
Ó	**Go**	**2025**	**2024**
€60,000	€69,999	14	15
€70,000	€79,999	9	14
€80,000	€89,999	10	2
€90,000	€99,999	2	2
€100,000	109,999	-	2
€110,000	€119,999	2	-
€120,000	€169,999	1	-

Nóta: Ní raibh aon fhostaithe ann a fuair níos mó ná €120,000 sa bhliain 2024 mar gheall ar an ngluaiseacht idir an Stiúrthóir roimhe sin do bheith ag éirí as i dtús na bliana 2024, agus ceapadh Stiúrthóra Eatramhaigh ina dhiaidh sin go dtí gur ceapadh an Stiúrthóir nua i mí Mheán Fómhair 2024.

5b Costais Comhaltaí Boird agus Comhaltaí Painéil

	2025	2024
	€	€
Táillí comhaltaí Boird	**132,773**	106,558
Táillí comhaltaí binsí díospóidí	**1,244,727**	2,167,994
Táillí breithneoirí agus idirghabhálaithe díospóidí	**894,046**	1,473,702
Táillí cinnteoirí Comhlíonta agus Forfheidhmiúcháin	**41,480**	24,140
Taisteal agus cothú – Bord	**4,369**	4,322
Taisteal agus cothú – comhaltaí painéil	**1,464**	2,985
Oiliúint – Bord	**11,257**	1,000
Oiliúint – comhaltaí painéil	**30,293**	9,996
	2,360,409	3,790,697

Léirítear sa mhéadú ar tháillí comhaltaí Boird sa bhliain 2025 go raibh folúntais Bhoird le linn na bliana 2024 líonta faoi dheireadh na bliana 2024.

Is féidir an laghdú bliain ar bhliain ar tháillí comhaltaí Binsí agus ar tháillí Breithneoirí agus Idirghabhálaithe a chur síos do roinnt tosca, lena n-áirítear rath na luath-idirghabhála agus tionchar oibríochtúil an aistrithe chuig an ardán nua Díospóidí le linn na bliana 2025. Oibríonn luath-idirghabháil trí fhaisnéis a sholáthar don iarratasóir i dtús an phróisis faoi thorthaí féideartha, bunaithe ar an bhfianaise a chuir sé/sí isteach, agus tá ráta ratha measta 50% aici.

5c Costais Riaracháin

	2025	2024
	€	€
Teagmháil le custaiméirí[1]	**6,852,651**	6,558,433
Táillí dlí	**2,202,901**	1,979,815
Táillí gairmiúla	**437,322**	355,569
Cumarsáid agus oideachas	**418,978**	412,015
Innéacs cíosa agus taighde	**402,548**	381,580
Priontáil agus postas	**2,179,095**	2,032,629
Riarachán	**370,252**	368,334
Seomraí cruinnithe	**31,776**	27,621
Cíos agus árachas	**926,167**	1,007,925
Áitreabh	**107,482**	81,568
Seirbhísí TFC	**3,786,927**	3,888,576
Síntiúis	**46,157**	23,440
Luathscríbhneoireacht	**98,490**	150,645
Aistriúchán	**120,926**	191,899
Tionscnaimh agus tionscadail	**1,024,743**	591,126
Taisteal agus cothú	**16,246**	4,467
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainne	**-**	1,553
Soláthar do dhrochfhiachas	**-**	56,160
	19,022,661	18,113,355

1 Baineann costais a bhaineann le teagmháil le custaiméirí le caiteachas a tabhaíodh le cuideachta seirbhíse tríú páirtí a sholáthraíonn seirbhísí um theagmháil le custaiméirí (seirbhísí teileafóin, seirbhísí comhrá Gréasáin, seirbhísí ríomhphoist) agus seirbhísí riaracháin do chustaiméirí RTB.

5c Costais Riaracháin *(ar lean)*

Tá costais a bhaineann le teagmháil le custaiméirí don bhliain 2025 ag teacht le costais soláthair i ndáil leis an aistriú chuig soláthraí seirbhíse tríú páirtí nua le linn na bliana 2025, chomh maith le seirbhísí breise ar sholáthair an soláthraí iad do RTB sa bhliain 2025, lenar áiríodh tacaíocht bhreise le haghaidh Díospóidí.

Léirítear i dtáillí dlí costais a bhaineann leis an leibhéal gníomhaíochta i bhForfheidhmiú agus Díospóidí, mar aon le cásanna ina bhfuil oibleagáid ar RTB, tar éis próiseas dlíthiúil, costais a íoc don ghearánaí agus don chosantóir araon.

Léirítear in Aistriúchán agus i Luathscríbhneoireacht araon gníomhaíocht laghdaithe mar thoradh ar an laghdú ar éisteachtaí atá nasctha le costais comhaltaí painéil i Nóta 5b.

Léirítear sa mhéadú ar Thionscnaimh agus tionscadail an costas a bhaineann leis an bhforbairt leantach a dhéanann RTB ar chórais agus ar rialachas laistigh den eagraíocht.

Baineann an Soláthar do dhrochfhiachas sa bhliain 2024 le suimeanna infhaighte clárúcháin i leith Cóiríocht atá Sonrach do Mhic Léinn nár íocadh agus a taifeadadh sna blianta 2021, 2022 agus 2023, agus níl aon athrú air sin don bhliain 2025 (féach freisin Nóta 7).

6 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh, agus Sócmhainní Doláimhsithe

	Trealamh Ríomhaire	Forbairt Bogearraí	Feabhsuithe Léasachta	Troscán agus Feistis	Trealamh Oifige	Iomlán
Costas	€	€	€	€	€	
Iarmhéid tosaigh	583,304	8,812,398	2,100,045	472,723	84,328	12,052,798
Breiseanna	31,594	754,148	-	7,453	-	793,195
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Ag an 31 Nollaig 2025	614,898	9,566,546	2,100,045	480,176	84,328	12,845,993
Dímheas						
Iarmhéid tosaigh	426,749	5,045,639	1,594,736	359,170	84,328	7,510,622
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Muirear don bhliain	65,572	1,829,699	105,002	27,115	-	2,027,388
Ag an 31 Nollaig 2025	492,321	6,875,338	1,699,738	386,285	84,328	9,538,010
Glanluach Leabhar						
Ag an 31 Nollaig 2024	156,555	3,766,759	505,309	113,553	-	4,542,176
Ag an 31 Nollaig 2025	122,577	2,691,208	400,307	93,891	-	3,307,983

7 Suimeanna Infhaighte

	2025	2024
	€	€
Cláruithe i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn atá infhaighte	**240,840**	139,880
Soláthar do dhrochfhiachas	**(56,160)**	(56,160)
Caiteachais réamhíoctha	**507,871**	415,557
Ioncam fabhraithe	**221,450**	316,139
Glanphá	**186,310**	1,680
Suim infhaighte ón Scéim TaxSaver/ón Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	**10,541**	6,183
	1,110,852	823,280

Is ionann cláruithe i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn atá infhaighte agus suimeanna atá dlite ó sholáthraithe Cóiríochta atá Sonrach do Mhic Léinn as cláruithe a phróiseálann RTB agus a bhilleáiltear dóibh. Is é €128,300 an t-iarmhéid atá dlite ag deireadh na bliana 2025 i ndáil leis an mbliain acadúil a tosaíodh i mí Mheán Fómhair 2025, agus is é €112,540 an t-iarmhéid a bhí dlite i ndáil leis na ceithre bliana acadúla roimhe sin faoi seach. Tá soláthar do dhrochfhiachas dar suim €56,160 fós ann, toisc gur féidir nach mbeidh an t-iarmhéid aosaithe ar fad inbhailithe, cé go ndéanfaidh RTB na suimeanna atá dlite go dlíthiúil a shaothrú go láidir.

8 Airgead agus coibhéisí airgid

	2025	2024
	€	€
Banc AIB	**8,889,413**	4,674,025
	8,889,413	4,674,025

Léirítear airgead agus coibhéisí airgid le hiarmhéideanna a choinnítear i mbainc Éireannacha.

9 Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

	2025	2024
	€	€
Creidiúnaithe	**1,909,773**	1,729,079
Fabhruithe	**3,425,130**	1,802,614
Dliteanais eile	**855,768**	844,360
	6,190,671	4,376,053

Áirítear le Dliteanais eile soláthairtí is fiú €324,631 d'aisíocaíochtaí atá dlite do chustaiméirí (2024: €346,783) agus soláthar i ndáil le 1,826 iarratas clárúcháin neamhiomlána dar luach €92,213 (2024: 1,583 iarratas dar luach €79,942).

10 Barrachas Carntha

Is é €3,809,594 an barrachas carntha ("cúlchistí") ag deireadh na bliana 2025 (2024:

€1,121,252). Is ní tábhachtach a luaitear i bplé RTB leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an mbuiséad bliantúil é bainistiú an bharrachais charntha. Tá an Bord tiomanta do bharrachas carntha RTB a úsáid i gcomhréir le *Ciorclán 13/2014 – Deontais ó Chistí Státchiste a Bhainistiú agus Cuntasacht as na Cistí sin* thar thréimhse feidhme na straitéise reatha (2023 go 2025).

Le linn na mblianta 2023 agus 2024, tháinig laghdú ar luach chúlchistí RTB mar gheall ar a riachtanais leanúnacha airgeadais, agus bheadh na cúlchistí oibriúcháin a bhí fágtha ídithe le linn na bliana 2025 murach an cistiú forlíontach ab fhiú €4,917,000 a fuarthas ag deireadh na bliana 2025.

Le linn na bliana 2025 agus isteach sa bhliain 2026, lean RTB lena chúlchistí a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh in acmhainn eagraíochtúil chun freagairt don éileamh méadaithe ar sheirbhísí RTB. Cúis pháirteach leis sin ba ea an leasú ar an reachtaíocht atá mionsonraithe i Nóta 19 thíos.

Déanfaidh an Bord, i gcomhairle leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, staid airgeadais RTB, go háirithe aon bharrachas cistí, a choinneáil faoi athbhreithniú ar fud na bliana amach romhainn.

B'ionann an cistiú Státchiste a leithdháil an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta sa bhliain 2025 agus €17,776,546. B'ionann é sin agus méadú €5,585,911 i gcomparáid leis an mbliain 2024 (2024: €12,190,635). Mar atá luaite thuas, baineann €4,917,000 den mhéadú ar chistiú le cistiú forlíontach a fuarthas i mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2025, rud a bhí ag teastáil chun tacú le costais a bhain go príomha le feabhsuithe bonneagair agus le hathruithe reachtacha a bhí le teacht agus a tháinig in éifeacht an 1 Márta 2026.

B'ionann ioncam clárúcháin agus ioncam neamh-Státchiste eile sa bhliain 2025 agus €15,041,905. Ba mhéadú €2,340,204 é sin i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2024 (2024: €12,701,701). Mar atá luaite i Nóta 2, bhí an t-ioncam ó chláruithe tionóntachtaí Príobháideacha agus Comhlachta Tithíochta Cheadaithe sa bhliain 2025 níos airde ná mar a bhí sé sa bhliain 2024, tar éis an lín ab airde cláruithe tionóntachta príobháidí a thaifead RTB riamh in aon bhliain amháin. Mar an gcéanna, tháinig méadú ar chláruithe tionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe sa bhliain 2025 freisin.

Ba é €7,926,115 an méadú comhcheangailte ar ioncam Státchiste RTB agus ar ioncam neamh-Státchiste RTB sa bhliain 2025 i gcomparáid leis an mbliain 2024.

11 Cuntas Caipitil

	2025	2024
	€	€
Iarmhéid tosaigh	**4,542,176**	6,341,073
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Cistiú chun sócmhainní a fháil	**793,195**	145,671
Costas diúscartha sócmhainní	**-**	(16,392)
Dímheas ar dhiúscairtí	**-**	14,267
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	**(2,027,388)**	(1,942,443)
Aistriú iomlán (chuig an) gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	**(1,234,193)**	(1,798,897)
Iarmhéid deiridh	**3,307,983**	4,542,176

12 Cóiríocht

I mí Dheireadh Fómhair 2007, shínigh an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe comhaontú léasachta 20 bliain i ndáil lena áitreabh i dTeach Dhroichead Uí Chonaill, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. I mí Dheireadh Fómhair 2018, ghlac RTB spás breise san fhoirgneamh céanna chun freastal ar an bhfás sa líon foirne agus ar na hionchais maidir le fás amach anseo de réir mar a leathnaíonn sainordú na heagraíochta. Rachaidh an léas don spás breise in éag i gcomhthráth leis an gcomhaontú léasachta 20 bliain bunaidh an 23 Deireadh Fómhair 2027. B'ionann an ceangaltas bliantúil faoi na léasanna sin ag deireadh na bliana agus €701,247.

An 31 Nollaig 2025, bhí ceangaltais bhliantúla léasa faoi léasanna oibriúcháin mar a leanas:

	2025	2024
Dáta éaga:	€	€
Idir 0 bliain agus 1 bhliain	**701,247**	701,247
Idir 1 bhliain agus 5 bliana	**568,679**	1,269,926
Tar éis cúig bliana	**-**	-
Iomlán	**1,269,926**	1,971,173

13 Aoisliúntas

a) Anailís ar chostais iomlána phinsin a muirearaíodh ar chaiteachas

	2025	2024
	€	€
Costas seirbhíse reatha	**1,061,000**	1,024,000
Ús ar dhliteanais scéime pinsean	**625,000**	691,000
Lúide ranníocaíochtaí ó fhostaithe	**(295,000)**	(262,000)
Lúide ranníocaíochtaí breise aoisliúntais	**(145,000)**	(139,000)
Ranníocaíocht ón bhfostóir – an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair	**581,000**	458,000
Coigeartú ar chistiú iarchurtha – an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair	**(637,000)**	(550,000)
Costais phinsin a muirearaíodh ar chaiteachas	**1,190,000**	1,222,000

Le linn na bliana 2025, íocadh ranníocaíochtaí fostaithe le scéim aoisliúntais RTB dar suim €101,489 leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (2024: €108,903); íocadh asbhaintí ranníocaíochta breise aoisliúntais fostaithe dar suim €145,252 leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (2024: €139,498); agus íocadh ranníocaíochtaí fostaithe leis an scéim pinsean aonair dar suim €193,713 leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (2024: €152,697).

De réir Chiorclán 28/2016, ceanglaítear ar RTB ranníocaíochtaí ón bhfostóir a tharchur i leith comhaltaí den scéim pinsean aonair. B'ionann an tsuim ab iníoctha don bhliain 2025 agus €581,140 (2024: €458,090). Íocadh an tsuim sin leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Aibreáin 2026.

b) Gluaiseacht sa ghlandliteanas pinsin le linn na bliana airgeadais

	2025	2024
	€	€
Glandliteanas pinsin i dtús na bliana	**(17,956,000)**	(20,608,000)
Costas reatha	**(1,061,000)**	(1,024,000)
Sochair a Íocadh	**215,000**	353,000
Costais úis	**(625,000)**	(691,000)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	**1,930,000**	4,014,000
Easnamh pinsin ag deireadh na bliana	**(17,497,000)**	(17,956,000)

c) Cistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Cheadaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Scéim Aoisliúntais RTB le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2011 (le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2004). Aithníonn RTB suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh pinsean a eascraíonn as an scéim aoisliúntais cheadaithe sin ar bhonn an tacair toimhdí atá tuairiscithe i bpointe (e) agus ar bhonn roinnt eachtraí san am atá thart. Áirítear leis na heachtraí sin an bonn reachtúil don scéim aoisliúntais a bhunú, mar aon leis an mbeartas agus leis an gcleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin earnála poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil.

13 Aoisliúntas *(ar lean)*

Ba mar seo a leanas a bhí an Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2025	2024
	€	€
Coigeartú cistiúcháin i leith mhuirear pinsin na bliana reatha	**1,686,000**	1,715,000
Lúide coigeartú don Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair	**(637,000)**	(550,000)
Lúide pinsin a íocadh	**(215,000)**	(353,000)
	834,000	812,000

B'ionann an tsócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2025 agus €17,497,000 (2024: €17,956,000).

d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2025	2024
	€	€
Oibleagáidí Sochair Shainithe	**(17,497,000)**	(17,956,000)
Caillteanais/(Gnóthachain) ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime	**(52,000)**	2,761,000
Athrú i dToimhdí Achtúireacha	**1,982,000**	1,253,000
Céatadán de Dhliteanais Scéime	**11%**	22%

e) Tuairisc Ghinearálta ar an Scéim

Is ionann scéim pinsean RTB agus socrú pinsin tuarastail deiridh sochair shainithe. Sainítear na sochair agus na ranníocaíochtaí a ghabhann léi bunaithe ar rialacháin maidir leis an scéim "eiseamláireach" earnála poiblí. Leis an scéim, soláthraítear pinsean (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), agus pinsin céilí agus leanaí. Is gnách go méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) ar aon dul leis an mboilsciú ginearálta i dtuarastail earnála poiblí.

Is í an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Aonair) an scéim pinsean sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Foráiltear leis an scéim do chnapshuim pinsin agus scoir a íoc bunaithe ar luach saothair inphinsin mar mheán gairme agus do phinsin fhéideartha céilí agus leanaí. Is é 66 bliana an aois íosta pinsin (a mhéadaíonn de réir athruithe san aois pinsin Stáit). Áirítear léi an scéim saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliana d'aois ar aghaidh. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir an innéacs praghsanna do thomhaltóirí. Bhí 92 chomhalta ghníomhacha den Scéim Aonair ann sa bhliain 2025 (2024: 80).

Tá na torthaí atá leagtha amach thuas bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais i leith na foirne amhail an 31 Nollaig 2025. Ba é achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil sin chun críocha an chaighdeáin cuntasaíochta, mar atá *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – Nochtadh Plean Pinsean.*

13 Aoisliúntas *(ar lean)*

Ba iad seo na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh:

	2025	2024
Ráta lascaine	**3.90%**	3.40%
Toimhde méaduithe tuarastail	**3.60%**	3.60%
Méadú pinsin – Scéim Aoisliúntais	**3.10%**	3.10%
Méadú pinsin – An Scéim Aonair	**2.10%**	2.10%
Boilsciú praghsanna (CPI)	**2.10%**	2.10%

Ba iad seo a leanas na toimhdí ionchais saoil a bhí mar bhunús leis na ríomhanna:

	Ionchas Saoil (blianta) ag 65 bliana d'aois	
Aois reatha	**Fireann**	**Baineann**
45 bliana	24.4	26.5
65 bliana	22.2	24.5

14 Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála

Tá an Bord eolach ar na freagrachtaí atá air faoi na Rialacháin um Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála, 2002, agus bhunaigh sé nósanna imeachta cuí agus próisis chuí chun a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht de réir na Rialachán. B'ionann costais i leith íocaíochtaí déanacha don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus €0 (2024: €0).

15 Cásanna Neamhréitithe

Ba ag an mBord a bhí 2,116 cinn de chásanna réitigh díospóidí a bhí ag fanacht lena n-éisteacht an 31 Nollaig 2025 (2024: 2,031). Ós rud é go mbíonn éagsúlacht mhór ann idir costas an phróisis um réiteach díospóidí ó chás go cás, níl aon soláthar do na costais amach anseo a bheidh ag baint leis na cásanna sin a fuarthas roimh an 31 Nollaig 2025 a phróiseáil ar áireamh sna Ráitis Airgeadais. Cuireadh gach costas a thabhaigh RTB agus na cásanna sin á bpróiseáil aige suas go deireadh na bliana 2025 ar áireamh sa *Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim* don bhliain 2025.

16 Leasanna agus Táillí Comhaltaí Boird

Ghlac an Bord nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní raibh aon idirbhearta ann sa tréimhse i ndáil le gníomhaíochtaí an Bhoird a raibh leas tairbhiúil ag aon Chomhalta Boird iontu.

Tá táillí na gComhaltaí Boird leagtha amach sa Sceideal Táillí, Freastal agus Caiteachais Comhaltaí Boird sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil na gComhaltaí Boird. Is iad an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a shocraíonn na rátaí táille.

17 Smachtbhannaí Airgeadais arna bhForchur ag Cinnteoirí

Sa bhliain 2025, fuair RTB €125,780 ó thiarnaí talún de bhun smachtbhannaí a d'fhorchuir Cinnteoirí orthu faoi alt 148X(4)(a) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 (arna leasú) (2024: €238,166). Faoin alt sin den Acht, féadfaidh Cinnteoir rabhadh i scríbhinn agus/nó suim nach mó ná €15,000 agus costais nach mó ná €15,000 a fhorchur mar smachtbhanna ar thiarna talún más cuí leis/léi déanamh amhlaidh in imthosca an cháis. De réir nósanna imeachta airgeadais phoiblí, rinne RTB smachtbhannaí airgeadais ab fhiú €160,973, lenar áiríodh €47,978 a bhí dlite ag deireadh na bliana 2024, a íoc leis an Státchiste sa bhliain 2025 (2024: €229,704). Tá an t-iarmhéid €12,785 atá le híoc leis an Státchiste sa bhliain 2026 ar áireamh i nDliteanais Eile (Nóta 9) ag deireadh na bliana.

18 Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Le linn na bliana, ní raibh aon idirbhearta ná aon iarmhéideanna ag RTB le páirtithe gaolmhara, mar atá sainmhínithe in FRS 102 (alt 33).

19 Eachtraí tar éis an Dáta Tuairiscithe

An 24 Feabhra 2026, shínigh an tUachtarán Catherine Connolly an Bille um Thionóntachtaí Cónaithe, 2026, ina dhlí, rud a tháinig i bhfeidhm an 1 Márta 2026. Meastar go mbeidh tionchar ábhartha aige sin ar riachtanais oibríochtúla na heagraíochta. Maidir le cistiú forlíontach a fuarthas sa bhliain 2025 agus atá á shealbhú i gcúlchistí, tá sé buiséadaithe go príomha ionas gur féidir an infheistíocht shuntasach riachtanach a dhéanamh i gcórais teicneolaíochta agus i gcumas eagraíochtúil le linn na mblianta 2025 agus 2026 chun sainordú leathnaithe a chomhlíonadh chun tacú leis an earnáil tionóntachtaí cónaithe.

Leanfaidh RTB le caidreamh a dhéanamh leis an Roinn le linn na bliana 2026 chun pleananna a chomhaontú le haghaidh na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun tacú leis na bearta beartais de chuid an Rialtais a cuireadh chun feidhme i mí an Mhárta 2026 agus chun an eagraíocht a dhéanamh slán i bhfad na haimsire chun a chinntiú go mbeidh sí in ann freastal ar riachtanais aon fhorbairtí amach anseo laistigh den earnáil.

20 Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais an **16 Iúil 2026.**

Aguisín 1

Táblaí sonraí

Réimse seirbhíse 1:

Tionóntachtaí a chlárú

Tábla 1:

Figiúirí clárúcháin le haghaidh tionóntachtaí príobháideacha, tionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe, tionóntachtaí i leith cóiríocht atá sonrach do mhic léinn, agus tionóntachtaí ar cíos de réir costais ag deireadh na bliana (pointe ama ar leith*), 2024 - 2025

An líon tionóntachtaí a cláraíodh le RTB	2024	2025
Tionóntachtaí príobháideacha ar cíos	240,964	243,598
Tionóntachtaí ar cíos de réir costais	2,414**	4,739
Tionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe	50,507	55,914
Tionóntachtaí i leith Cóiríocht atá Sonrach do Mhic Léinn	36,521	39,705
An líon iomlán tionóntachtaí a cláraíodh	**327,992**	**339,217**

* Is sonraí pointe ama ar leith iad sonraí clárúcháin tionóntachtaí, a thógtar ó Chlár RTB ag deireadh na bliana. Tá siad bunaithe ar an líon tionóntachtaí a cláraíodh agus a íocadh. Tá na figiúirí bunaithe ar an tsraith sonraí 'Próifíl an Chláir' lena rianaítear tionóntachtaí príobháideacha agus tionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe ó ráithe 2 den bhliain 2023. Mar gheall ar fheabhsuithe a rinneadh ar phróiseas clárúcháin RTB agus ar a phróiseas bailíochtaithe sonraí, ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an tsraith nua sonraí agus na figiúirí tionóntachta a foilsíodh do thréimhsí roimh ráithe 2 den bhliain 2023.

** Tá tionóntachtaí ar cíos de réir costais ar áireamh sna figiúirí pointe ama ar leith do thionóntachtaí príobháideacha. Chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, níl siad ar áireamh san fhigiúr don líon iomlán tionóntachtaí.

Réimse seirbhíse 2:

Díospóidí a réiteach

Tábla 2:

Iarratais a fuarthas ar Sheirbhís RTB um Réiteach Díospóidí, 2022 - 2025

Application type	2022	2023	2024	2025
Iarratais ar Sheirbhís RTB um Réiteach Díospóidí	7,417	9,908	9,564	10,334

Tábla 3:

Éisteachtaí Sheirbhís RTB um Réiteach Díospóidí a cuireadh ar siúl le haghaidh idirghabháil agus breithniú teileafóin, 2022 - 2025

	2022	2023	2024	2025
Éisteachtaí idirghabhála agus breithnithe teileafóin a cuireadh ar siúl	3,005	3,940	5,272	3,378

Tábla 4:

Orduithe Cinnidh a eisíodh, 2022 - 2025

	2022	2023	2024	2025
Orduithe Cinnidh a eisíodh	2,656	2,977	4,207	2,423

Tábla 5:

Miondealú ar iarratais ar réiteach díospóidí RTB a tarraingíodh siar nó a dúnadh sular sceidealaíodh éisteacht, 2022 - 2025

An chúis leis an tarraingt siar	2022	2023	2024	2025
Iarratais a tarraingíodh siar/a dúnadh sular sceidealaíodh éisteacht tar éis luath-idirghabháil ó RTB	2,307	3,582	2,967	2,116
Iarratais a measadh a bheith neamhiomlán/níl aon dlínse ag RTB/níl an tionóntacht cláraithe	1,458	1,144	2,082	2,367
Iomlán	**3,765**	**4,726**	**5,049**	**4,483**

Tábla 6:

Cásanna Réitigh Díospóidí RTB a tarraingíodh siar tar éis éisteacht a sceidealú ach sular eisíodh Ordú Cinnidh

An chúis leis an tarraingt siar	2022	2023	2024	2025
Sceidealaíodh éisteacht ach tarraingíodh an cás siar sular eisíodh Ordú Cinnidh	575	633	979	551
Iomlán	**575**	**633**	**979**	**551**

Tábla 7:

Achomhairc (Binsí), 2023 – 2025

	2023	2024	2025
Iarratais ar achomharc a fuarthas	1,218	1,439	851
Achomhairc a ceadaíodh	1,088	1,257	783
Éisteachtaí binse a cuireadh ar siúl	1,008	1,302	772

Tábla 8:

Miondealú ar iarratais ar réiteach díospóidí a fuarthas sa bhliain 2025 de réir na bpáirtithe sa chás, de réir minicíochtaí, agus de réir céatadáin

	2025	
	Líon	**%**
Tionónta	5,817	56%
Tiarna talún	4,308	42%
Tríú páirtí	209	2%
Iomlán	**10,334**	**100%**

Tábla 9:

Achomhairc chuig an mbinse de réir an chineáil iarratasóra, 2025

	2025	
	Líon	**%**
Tionónta	454	53.3%
Tiarna talún	387	45.5%
Tríú páirtí	10	1.2%
Iomlán	**851**	**100%**

Tábla 10:

Miondealú ar iarratais ar réiteach díospóidí a fuair RTB, de réir an chineáil díospóide, 2023 - 2025

	2023		2024		2025	
	Líon	**An % chásanna***	**Líon**	**An % chásanna***	**Líon**	**An % chásanna***
Riaráiste cíosa/riaráiste cíosa agus róshealbhú	2,973	30%	2,621	27%	2,428	23.5%
Sárú ar oibleagáidí an tiarna talún	1,667	17%	1,733	18%	2,060	19.93%
Coinneáil éarlaise	1,606	16%	1,811	19%	1,937	18.74%
Bailíocht an Fhógra Foirceanta (Bailíocht fógra foirceanta a cheistiú)	1,740	18%	1,649	17%	1,803	17.45%
Róshealbhú	1,408	14%	1,304	14%	1,663	16.09%
Sárú ar oibleagáidí an tionónta	1,053	11%	1,193	12%	1,172	11.34%
Caighdeán agus cothabháil na teaghaise	983	10%	1,115	12%	1,039	10.05%
Foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta (díbirt mhídhleathach)**	696	7%	653	7%	780	7.55%
Iompraíocht fhrithshóisialta	730	7%	753	8%	769	7.44%
Damáiste is mó ná caitheamh agus cuimilt normálta	404	4%	481	5%	459	4.44%
Bailíocht an fhógra faoi athbhreithniú cíosa	363	4%	290	3%	294	2.84%
Athbhreithniú cíosa gan a bheith i gcomhréir le Crios Brú Cíosa	306	3%	237	2%	286	2.76%
Sárú ar léas téarma sheasta	231	2%	242	3%	285	2.76%
Foirceannadh tionóntachta ar fhorais bhréagacha***					214	2.07%
Cíos is mó ná an ráta margaidh (níl feidhm aige sin maidir le tionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Cheadaithe)	236	2%	228	2%	179	1.73%
Eile****	1,208	12%	462	5%	596	7.44%
Iomlán	**15,604 (9,908 cases)**		**14,772 (9,564 cases)**		**10,334 (15,971 cases)**	

* Is féidir go mbeidh cúiseanna iomadúla, dá ngairtear cineálacha díospóide, le sonrú i ngach iarratas ar réiteach díospóidí. Tá an céatadán de chásanna bunaithe ar an líon iarratas (cásanna). Tabhair faoi deara gur féidir le cásanna aonair níos mó ná saincheist amháin a chumhdach agus, dá bhrí sin, gur mó na céatadáin le chéile ná 100.

**Tá foirceannadh neamhdhleathach tionóntachta (díbirt mhídhleathach) bunaithe ar an gcineál díospóide a roghnaigh an t-iarratasóir tráth an iarratais. Tá an cineál cáis faoi réir athraithe a luaithe a bheidh measúnú níos mine déanta ar an gcás agus a bheidh sé bailíochtaithe ag RTB.

***Tá cúis nua díospóide, mar atá Foirceannadh tionóntachta ar fhorais bhréagacha, á cur ar áireamh ó ráithe 3 den bhliain 2025 i leith.

**** Tabhair faoi deara gur féidir go mbeidh 'Eile' marcáilte ar fhoirm iarratais, in éineacht le cineálacha díospóide breise.

Tábla 11:

Miondealú ar an aga próiseála foriomlán i gcás cásanna lenar bhain breithniú, binse agus idirghabháil a dúnadh (meánlíon seachtainí), 2022 – 2025

	2022	2023	2024	2025
Luath-idirghabháil	Níl fáil ar an bhfaisnéis	Níl fáil ar an bhfaisnéis	Níl fáil ar an bhfaisnéis	4.31
Idirghabháil	8.87	9.33	8.31*	10.23
Breithniú	20.45	22.66	24.17*	20.43
Binse	31.48	29.42	22.04*	17.21

*Tar éis Clár Feabhsúcháin Díospóidí RTB a thabhairt isteach, rud lenar féidir cásanna níos sine a tosaíodh i mblianta roimhe a dhúnadh, thug RTB méadrach nua faireacháin isteach sa bhliain 2024 chun léiriú níos cruinne a thabhairt ar an bhfad ama ba dhóigh go mbeadh custaiméir de chuid RTB ag feitheamh le haghaidh réiteach díospóidí. Mionsonraítear é sin i dTábla 12 thíos.

Tábla 12:

An meán-aga próiseála le haghaidh cásanna a fuarthas agus a próiseáladh sa bhliain 2025

	Meán-aga próiseála (seachtainí)
Luath-idirghabháil	4.2
Idirghabháil	9.68
Breithniú	14.72
Binse	13.38

Tábla 13:

Gníomhaíocht binse cíosa 2025

	Iomlán
An líon iarratas	0
An líon éisteachtaí	0
An líon Orduithe Cinnidh a eisíodh	0

Tábla 14:

Miondealú ar na páirtithe i gcásanna a d'iarr forfheidhmiú sa bhliain 2025

	2025
Tiarna talún	267
Tionónta	136
Comhlacht Tithíochta Ceadaithe	37
Tríú páirtí	3
Iomlán	**443**

Tábla 15:

Iarrataí a fuarthas chun forfheidhmiú a shaothrú, 2022 - 2025

	2022	2023	2024	2025
An líon iarrataí a fuarthas chun forfheidhmiú a shaothrú	440	390	485	443

Tábla 16:

Orduithe Cúirte a fuair RTB thar ceann na bpáirtithe i gcásanna, 2022 – 2025

2022	2023	2024	2025
106	50	88	68

Tábla 17:

Iarrataí a fuarthas chun forfheidhmiú a shaothrú agus a ceadaíodh le haghaidh cúnamh dlíthiúil ó RTB

	2022	2023	2024	2025
A ceadaíodh	328	292	348	321
Nár ceadaíodh	23	67	74	78
Iomlán	**351**	**359**	**422**	**399**

Tábla 18:

Cásanna a ceadaíodh le haghaidh cúnamh dlíthiúil agus a socraíodh sula raibh gá le haturnae a fhostú

	2022	2023	2024	2025
An líon iomlán cásanna a ceadaíodh le haghaidh cúnamh dlíthiúil agus a socraíodh sula raibh gá le haturnae a fhostú	81	47	48	52

Tábla 19:

Cúiseanna le dúnadh an cháis forfheidhmiúcháin

	2022	2023	2024	2025
Comhlíonadh iomlán nó comhaontuithe socraíochta	139	81	138	124
Tarraingíodh nithe siar nó níor saothraíodh iad tar éis rannpháirtíocht tosaigh RTB	28	35	25	23
Iomlán	**167**	**116**	**163**	**147**

Tábla 20:

An líon cásanna forfheidhmiúcháin a dúnadh in aghaidh na bliana

Cásanna a dúnadh in aghaidh na bliana	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**
Iomlán *	**536**	**534**	**672**	**707**

*Áirítear leis an bhfigiúr cumaisc seo cásanna a osclaíodh i mblianta roimhe.

Tábla 21:

Cásanna, de bhreis ar na cásanna inar deonaíodh Orduithe Cúirte do chásanna forfheidhmiúcháin RTB, a comhlíonadh go hiomlán, nó inar comhaontaíodh téarmaí socraíochta roimh an dáta Cúirte nó ar lá na héisteachta

	2022	2023	2024	2025
Iomlán	**13**	**80**	**135**	**122**

Réimse seirbhíse 3:

Comhlíonadh a chinntiú

Tábla 22:

Foinsí faisnéise maidir le neamhchomhlíonadh féideartha, 2022 - 2025

	2022	2023	2024	2025
Tarchuir ó dhaoine den phobal	694	835	699	1,377
An Roinn Coimirce Sóisialaí – Liúntas Forlíonta Cíosa	1,119	786	884	650
Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)	10,862	10,345	10,449*	8,761
Údaráis Áitiúla - cigireachtaí caighdeán	573	151	704	800
Faisnéis inmheánach	198	164	18	26
Iomlán	**13,446**	**12,281**	**12,754**	**11,614**

*Tionóntachtaí neamhchláraithe a sainaithníodh ó bhaisc a comhroinneadh le RTB i mí na Samhna 2024 agus ina raibh 54,206 thionóntacht a raibh an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta á bhfáil ina leith.

Tábla 23:

Fógraí forfheidhmiúcháin clárúcháin agus litreacha forfheidhmiúcháin clárúcháin a eisíodh, 2022 – 2025

	2022	2023	2024	2025
An Chéad Fhógra	3,084	200	834	96
An Dara Fógra	1,615	255	320	192
Litir Rabhaidh/Aturnae	175	155	46	115
Eile*	174	17,870	0	6,606
Iomlán	**5,048**	**18,480**	**1,200**	**7,008**

*Bileog faisnéise ina bhfuil faisnéis faoi chlárú le RTB.

Tábla 24:

Miondealú ar imscrúduithe ceadaithe ar iompar míchuí líomhnaithe de réir na foinse imscrúdaithe, 2022 - 2025

		2022	2023	2024	2025
Dá dheoin féin*	Glao fóin nó ríomhphost nó litir a bheith faighte	81	33	113	226
	Faireachán réamhghníomhach RTB ar an margadh				
Gearáin a bheith faighte		49	49	11	14
Iomlán		**130**	**82**	**124**	**280**

*Áirítear le 'Dá dheoin féin' faisnéis a sholáthraíonn daoine den phobal seachas tríd an bpróiseas foirmiúil gearán agus faisnéis a fhaigheann RTB ó shonraí atá ar fáil dó faoi Acht um Thionóntachtaí Cónaithe.

Tábla 25:

Iompar míchuí líomhnaithe de réir an chineáil líomhna le haghaidh imscrúduithe a ceadaíodh, 2022 - 2025

	2022	2023	2024	2025
Cíos a ardú os cionn an mhéid a cheadaítear le srianta RPZ	87	25	13	128
Neamhchlárú	36	45	81	161
Mainneachtain tionóntacht a thairiscint ar ais do thionónta	3	2	1	1
Cúis atá bréagach nó míthreorach ar fhógra foirceanta**	4	15	2	1
Mainneachtain fógra a thabhairt do RTB faoi athruithe ar thionóntacht	6	11	3	0
Éarlais is mó ná cíos míosa a lorg	2	3	4	8
Réamhíocaíocht is mó ná cíos míosa a lorg	1	6	39	0
A bheith ag brath go bréagach ar dhíolúine RPZ		1		0
Mainneachtain fógra a thabhairt do RTB faoi dhíolúine RPZ		1		0
Iomlán na gcineálacha iompair mhíchuí a líomhnaíodh	**139**	**109**	**143**	**291**
Iomlán na n-imscrúduithe a ceadaíodh	**130**	**82**	**124**	**280**

Tábla 26:

Breitheanna a eisíodh chuig tiarnaí talún, 2021 - 2025

2021	2022	2023	2024	2025
90	106	149	87	106

Tábla 27:

Achomhairc in aghaidh breitheanna imscrúdúcháin

	2021	2022	2023	2024	2025
Achomhairc a fuarthas	1	21	3	1	6

Níor éirigh le haon achomharc in aghaidh RTB go dtí seo.

Tábla 28:

Smachtbhannaí foilsithe de réir an chineáil iompair mhíchuí, 2022 - 2025

Cineál iompair mhíchuí	2022* *	2023	2024	2025
Sárú ar cheanglais RPZ	36	67	43	31
Mainneachtain fógra a thabhairt do RTB faoi spleáchas ar dhíolúine cíosa	1	0	0	0
Mainneachtain fógra a thabhairt do RTB faoi athruithe ar thionóntacht	2	5	0	1
Mainneachtain an mhaoin a thairiscint ar ais	2	1	1	1
Cúis atá bréagach nó míthreorach agus a luaitear go feasach i bhfógra foirceanta				1
Méid níos airde a lorg chun tionóntacht a fháil ná mar a cheadaítear				1
Mainneachtain an clár a nuashonrú laistigh de mhí amháin tar éis athrú ar an gcíos				2
Mainneachtain clárú	10	17	29	29
Iomlán na gcineálacha iompair mhíchuí	**51**	**87**	**81**	**66**
Iomlán na gcásanna inar forchuireadh smachtbhannaí as iompar míchuí *				**116**
Iomlán na smachtbhannaí daingnithe a foilsíodh	**47**	**85**	**75**	**58**

*Is féidir go gcumhdófar le smachtbhanna níos mó ná líomhain amháin maidir le hiompar míchuí, agus is féidir go mbeidh níos mó ná cás amháin lenar bhain an t-aon chineál iompair mhíchuí amháin i gceist le líomhain maidir le hiompar míchuí.

**Bhí ceangal ann go mbainfí smachtbhanna amháin a foilsíodh sa bhliain 2022 de shuíomh Gréasáin RTB tar éis bliain amháin.

Tábla 29:

Cíos rómhuirearaithe a tugadh ar ais do thionóntaí agus an méid a d'íoc tiarnaí talún i smachtbhannaí, 2019-2025

	2019-2022	2023	2024	2025
Cíos rómhuirearaithe (€) a tugadh ar ais do thionóntaí*	€347,000	€88,787.88	€31,205.94	€135,819.99
An méid (€) a d'íoc tiarnaí talún i smachtbhannaí**	€67,867.75	€64,360.87	€238,299.37	€127,280

*Áirítear leis seo na haisíocaíochtaí uile a rinneadh i leith cíos rómhuirearaithe mar thoradh ar imscrúduithe ar cuireadh RTB ar an eolas fúthu agus a bhfuair RTB fianaise ina leith go ndearnadh an aisíocaíocht nó go bhfuil an aisíocaíocht á déanamh. Déantar aisíocaíocht go díreach trí airgead a aistriú nó, le comhaontú an tionónta, trí chíos lascainithe ar feadh na tréimhse cuí.

**Áirítear leis seo an t-airgead ar fad a fuair RTB ó thiarnaí talún mar íocaíocht smachtbhannaí go dtí seo.

Tábla 30:

Smachtbhannaí daingnithe ón gCúirt Chuarda a foilsíodh, 2023 - 2025*

	2023	2024	2025**
Admhálacha a foilsíodh	69	47	27
Imscrúduithe a foilsíodh	16	26	29
Meán-smachtbhanna airgid (€) na n-admhálacha a foilsíodh	€802.26	€3,241.73	€2,042.01
Meán-smachtbhanna airgid na n-imscrúduithe a foilsíodh	€1,246.43	€3,093.70	€4,061.51
Meánmhéid foriomlán airgid na smachtbhannaí a foilsíodh (admhálacha agus imscrúduithe)	€1,042.13	€3,178.63	€3,084.34
An smachtbhanna is ísle	€100	€100	€200
An smachtbhanna is airde	€11,396.76	€15,786.52	€22,000

*Níl méideanna airgid i gceist le gach smachtbhanna. Cuireann an Cinnteoir go leor tosca san áireamh agus smachtbhanna á chinneadh aige/aici, seachas cé acu a rinne nó nach ndearna an tiarna talún admháil, mar shampla, cé acu a d'íoc nó níor íoc an tiarna talún aon chíos ró-íoctha ar ais, fad an iompair mhíchuí, agus an míniú a tugadh leis an iompar míchuí.

**Níl dhá chás, a raibh admháil agus imscrúdú araon i gceist leo, ar áireamh sna figiúirí seo. Mar thoradh air sin, is ionann na hadmhálacha agus na himscrúduithe a foilsíodh agus 56 smachtbhanna dhaingnithe fhoilsithe, seachas na 58 smachtbhanna dhaingnithe fhoilsithe a thuairiscíomar don bhliain 2025.

Réimse seirbhíse 4:

Faisnéis, taighde agus sonraí a sholáthar

Tábla 31:

Teagmhálacha le foireann RTB um sheirbhís do chustaiméirí

Modh	2022	2023	2024	2025
Glaonna fóin a fuarthas	251,865	215,582	154,085	144,070
Glaonna fóin a freagraíodh	115,063	155,470	149,452	138,626
Ríomhphoist a fuarthas	223,77	306,109	208,395	141,044

Tábla 32:

Miondealú ar na gearáin a fuarthas de réir an chineáil gearáin, 2024 – 2025

Cúis leis an nGearán	2024%		2025%	
Clárú	136	42.4%	104	42.3%
Díospóidí agus Binsí	147	46%	129	52.4%
Comhlíonadh agus Forfheidhmiú	1	0.3%	3	1.2%
Cosaint sonraí	5	2%	4	1.6%
Eile	32	10%	6	2.4%
Forfheidhmiú Orduithe	0	0%	0	0%
Iomlán	**321**		**246**	

Tábla 33:

Ceisteanna a fuarthas ó chomhaltaí an Oireachtais, 2022 - 2025

	2022	2023	2024	2025
Ceisteanna a fuarthas in aghaidh na bliana ó chomhaltaí an Oireachtais	543	484	265	402

Tábla 34:

Gníomhaíocht cumarsáide agus caidrimh sa bhliain 2025

Mír	Iomlán
Imeachtaí geallsealbhóirí	31
Cuairteoirí uathúla ar an suíomh Gréasáin	770,697
Amharc ar leathanaigh ar an suíomh Gréasáin	4,039,904
Feachtas fógraíochta náisiúnta	4

Forbairt eagraíochta agus rialachas

Tábla 35:

Gníomhaíocht acmhainní daonna agus saoráidí sa bhliain 2025

Mír	Iomlán
Ball foirne ceadaithe ag deireadh na bliana 2025	132
Feachtas earcaíochta	15
Ball foirne nua	31
Baill foirne a fuair ardú céime	3
Iarrataí chuig an Oifigeach Rochtana	24

Tábla 36:

Gníomhaíocht airgeadais agus soláthair

Mír	Iomlán
Cásanna inar íocadh ús nó pionóis a bhaineann le sonraisc a íocadh go déanach sa bhliain 2025	0
Conarthaí a cheadaigh an Stiúrthóir go foirmiúil lena n-athnuachan	1
Seirbhísí nua ar iarradh tairiscintí lena n-aghaidh (gan an próiseas trí luachan a áireamh)	6

Tábla 37:

Rialachas faisnéise

Mír	Iomlán
Iarrataí Saorála Faisnéise	114
Athbhreithnithe Inmheánacha Saorála Faisnéise	9
Cásanna atá faoi athbhreithniú ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise	4
Breitheanna ar fhoilsigh Oifig an Choimisinéara Faisnéise iad	2
Iarrataí ar Rochtain d'Ábhair Sonraí a fuarthas	61
Teagmhais sáraithe sonraí a tuairiscíodh don Choimisiún um Chosaint Sonraí	2
Iarrataí ar Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol	0

Notes

RTB Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board

Residential Tenancies Board, PO BOX 12323, Dublin 2.

01-7028100 / 0818 303037

@RTBinfo

www.rtb.ie